Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10094/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0139 (COD)**

**COMPET 666**
**IND 388**
**MI 582**
**RC 13**
**RECH 258**
**TELECOM 290**
**FIN 812**
**CADREFIN 262**
**CODEC 1088**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 504 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2023/1781 (an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 504 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 504 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 504 final

2026/0139 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2023/1781 (an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0)**

{SEC(2026) 504 final} - {SWD(2026) 504 final} - {SWD(2026) 505 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá leathsheoltóirí mar bhonn taca ag na teicneolaíochtaí digiteacha uile, ó ghléasanna inchaite cliste agus gluaisteáin go trealamh leighis, trealamh cosanta agus trealamh atá ríthábhachtach do mhisin, agus na lárionaid sonraí lena gcumhachtaítear réabhlóid na hintleachta saorga. Ó 2020 i leith, le sraith ganntanas soláthair agus iarrachtaí chun comhéigean eacnamaíoch a dhéanamh ar an Aontas, cuireadh i dtábhacht leochaileacht éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa agus leochaileacht a thionscail úsáideoirí deiridh. D'eascair an suaitheadh sin as géarchéimeanna domhanda amhail paindéim COVID-19, suaití aonair amhail cás Nexperia, agus an neamhréir struchtúrach leanúnach idir an soláthar agus an t-éileamh sa mhargadh domhanda. I dteannta a chéile, nocht na tosca sin an chaoi ar féidir le spleáchais sheachtracha iomarcacha margaí iomlána a fhágáil leochaileach.

An tráth céanna, leis an iomaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid, lena n-áirítear teannas idir an tSín agus Meiriceá, agus teacht chun cinn tapa na hintleachta saorga, cuireadh béim bhreise ar thábhacht straitéiseach na leathsheoltóirí. Is príomhshócmhainn gheopholaitiúil anois iad sliseanna úrscothacha ach príomhshrutha freisin, agus tá roinnt scrogall tagtha chun cinn feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra dhomhanda. Chuir sé sin dlús leis an rás chun codanna de na scrogaill sin a rialú.

Léiríonn scála méadaitheach an tionscail sin a thábhacht gheopholaitiúil. Is iad leathsheoltóirí an tríú tráchtearra is mó a thrádáiltear ar domhan – tar éis ola agus feithiclí – agus shroich ioncam domhanda USD 700,9 billiún in 2025[1]. Meastar go sáróidh an margadh **USD 1 trilliún faoi 2026**[2] **agus go méadóidh sé go USD 1,6 trilliún faoi 2030**[3]. Mar sholáthróir criticiúil agus mar chumasóir do bheagnach gach tionscal nua-aimseartha agus don bhonneagar a thacaíonn leo, tá an earnáil leathsheoltóirí tagtha chun cinn ina h**acmhainn straitéiseach.** I dtimpeallacht dhomhanda atá níos idirbheartaíochta agus níos teanntásaí, fágann an seasamh sin freisin go bhféadfadh sé a bheith ina fhoinse **giarála geopholaitiúla.** Dá bhrí sin, tá an baol ann go mbeidh réigiúin nach bhfuil cumais shuntasacha acu maidir le dearadh nó monaraíocht leathsheoltóirí ag brath ar chomhpháirteanna a d'fhéadfadh daoine eile a shrianadh nó a riochtú.

Ba é an Gníomh Eorpach um Shliseanna a moladh i mí Feabhra 2022 **an chéad fhreagairt straitéiseach ón Aontas** ar leochaileachtaí criticiúla sa slabhra luacha leathsheoltóra domhanda, leochaileachtaí a nochtadh de dheasca phaindéim COVID-19 agus iomaíocht dhomhanda tríú tíortha atá dírithe ar fhóirdheontais a threisiú. Chinn an tAontas go raibh **idirghabháil chinntitheach chomhordaithe ríthábhachtach** chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais struchtúracha ina éiceachóras leathsheoltóra agus chun tacú leis an tionscal. Gan infheistíochtaí suntasacha in acmhainneacht taighde agus monaraíochta, agus gan sásraí cuí freagartha ar ghéarchéimeanna, bheadh an Eoraip fós leochaileach ó thaobh struchtúir de. Tháinig an Gníomh um Shliseanna chun cinn le linn tréimhse ina raibh **béim láidir ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach**, agus le linn comhdhearcadh Eorpach atá ag dul i méid maidir leis an ngá atá le h**iomaíochas eacnamaíoch an réigiúin a neartú agus**

[1] Réamhaisnéis Mhargadh Leathsheoltóra WSTS Earrach 2025, https://www.wsts.org/76/103/WSTS-Semiconductor-Market-Forecast-Spring-2025

[2] Méadú suntasach ar Dhíolacháin Dhomhanda Leathsheoltóra i mí Feabhra, https://www.semiconductors.org/global-semiconductor-sales-increase-substantially-in-february/

[3] The next era of semiconductor value creation [An chéad ré eile de chruthú luacha leathsheoltóra] McKinsey, https://www.mckinsey.com/industries/semiconductors/our-insights/the-next-era-of-semiconductor-value-creation

**acmhainneacht thionsclaíoch atá ag meath a aisiompú**. Leagfaí amach go soiléir i dtuarascáil Draghi ó mhí Mheán Fómhair 2024 na hábhair imní sin ina dhiaidh sin, rud a d'éileodh athnuachan thionsclaíoch phráinneach[4].

Léirítear leis an meastóireacht a rinneadh ar an nGníomh Eorpach um Shliseanna gur **gnóthaíodh aschuir mhóra mar gheall air**. Mar shampla:

- cuireadh bonneagair ar bun lena n-áirítear ionaid inniúlachta, ardán dearthóireachta i dtús fáis, agus cúig líne phíolótacha úrscothacha lena léirítear cuid de na bonneagair teicneolaíochta is nuálaí ar domhan;
- gealladh os cionn EUR 52 bhilliún in infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a gealladh i saoráidí táirgthe leanúnacha faoi Cholún II; agus
- bunaíodh sásra comhordúcháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna faoi Cholún III tríd an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, ina bhfuil na Ballstáit uile agus an Coimisiún rannpháirteach.

D'ainneoin an dul chun cinn suntasach sin agus láidreachtaí an Aontais i bpríomhchodanna den slabhra luacha leathsheoltóra, amhail táirgeadh príomhshrutha leathsheoltóra (leictreonaic chumhachta, micririalaitheoirí, fótónaic, braiteoirí), trealamh monaraíochta agus ábhair, **tá bearnaí soiléire cumais fós ann** nach mór aghaidh a thabhairt orthu fós.

Táirgeann an tAontas níos lú ná 10 %[5] de na leathsheoltóirí domhanda agus tá sé ag brath go hiomlán, nach mór, ar na Stáit Aontaithe agus ar an Áise le haghaidh na sliseanna is forbartha agus is úrscothaí faoi bhun 5 nanaiméadar – sliseanna intleachta saorga san áireamh. Leis na spleáchais struchtúracha sin, méadaítear an baol go mbeidh suaitheadh soláthair, brú comhéigneach, agus suaití sistéamacha ann a dhéanann difear do phríomhthionscail an Aontais, idir thionscail na ngluaisteán agus thionscal an fhuinnimh agus thionscail an aeraspáis agus na cosanta. Ar an iomlán, léiríonn leathsheoltóirí an phráinn a bhaineann le **dúshlán cheannasacht theicneolaíoch** na hEorpa.

Tá ceannasacht theicneolaíoch ina riachtanas straitéiseach anois don Aontas. Is é an aidhm atá ann cumas na hEorpa a chaomhnú chun a conair féin a roghnú, spleáchais iomarcacha a laghdú agus a áirithiú go leanfaidh bonneagair agus teicneolaíochtaí digiteacha criticiúla de bheith slán, athléimneach agus ailínithe le luachanna Eorpacha.

Dá bhrí sin, beidh an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 mar chuid den **Phacáiste Ceannasachta Teicneolaíche** mar aon le tionscnaimh eile amhail an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga (CADA).

Tá cur chuige na hEorpa i leith na ceannasachta teicneolaíche bunaithe ar oscailteacht, ar chomhpháirtíocht agus ar iomaíocht chóir. Trí bhonn teicneolaíoch an Aontais a neartú, is féidir leis fanacht oscailte agus comhoibritheach agus a chumas gníomhú go neamhspleách agus a leasanna, a shlándáil agus a phrionsabail dhaonlathacha a chosaint an tráth céanna.

Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas an **dá phríomhfhadhb** a bhfuil sé d'aidhm ag an athbhreithniú ar an nGníomh um Shliseanna aghaidh a thabhairt orthu:

---

4 'The future of European competitiveness' [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], cuid B, Caibidil 3 – Mario Draghi, https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en

5 IDC, Semiconductors market data by feature size, sector and region [Sonraí margaidh leathsheoltóirí de réir mhéid na Tréithe, na hearnála agus an réigiúin], CNECT/2022/MVP/0084 – An Dara Tuarascáil Eatramhach. Cuimsítear sa slabhra luacha maoin intleachtúil, uathoibriú dearaidh leictreonaigh, trealamh caipitil, foshraitheanna, ábhair, gnólachtaí gan mhonarú, monaróirí gaireas comhtháite, teilgcheártaí agus soláthraithe um Chóimeáil agus Tástáil Leathsheoltóra Sheachfhoinsithe. Ní chuirtear san áireamh ach ioncaim ó chuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas.

(a) róspleáchas ar thríú tíortha le haghaidh dearadh agus monarú leathsheoltóirí;

(b) cumais neamhleora maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna.

Ag tógáil ar na cuspóirí a leagtar amach sa chéad Ghníomh Eorpach um Shliseanna, agus bunaithe ar anailís ar na dúshláin sin agus ar na bunchúiseanna atá leo, sainaithníodh **dhá chuspóir uileghabhálacha don Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0:**

(1) Iomaíochas shlabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa a mhéadú chun feabhas a chur ar a cheannasacht theicneolaíoch agus ar a athléimneacht. Ciallaíonn sé sin na dálaí is gá a chur ar fáil d'iomaíochas, ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht an Aontais i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) dlús a chur le cur in úsáid tionsclaíoch an taighde agus na nuálaíochta; (ii) slándáil an tsoláthair a áirithiú; agus (iii) spleáchais straitéiseacha i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus aibí a laghdú.

(2) Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú. Ciallaíonn sé sin feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú agus creat dlíthiúil aonfhoirmeach a chruthú chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint agus a fhíor-riachtanas, a athléimneacht agus a rathúnas a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra.

*Iomaíochas shlabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa a mhéadú chun a cheannasacht theicneolaíoch agus a athléimneacht a fheabhsú*

De réir mar a bhíonn an tAontas ag brath níos mó agus níos mó ar sholáthairtí leathsheoltóra eachtracha, tá sé níos leochailí do chomhéigean seachtrach, lena n-áirítear an 'úsáid mar uirlis troda' a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca spleáchais an tslabhra soláthair. Gan bonn tionsclaíoch láidir i ndearadh agus i monarú leathsheoltóra, d'fhéadfadh sé nach n-aistreodh an tAontas a éiceachóras láidir taighde agus nuálaíochta ina ghnóthachain táirgiúlachta agus sa tionsclú mórscála ar theicneolaíochtaí nua.

An tráth céanna, tá éiginnteachtaí suntasacha sa slabhra soláthair roimh thionscail úsáideoirí na hEorpa, rud a spreagann leibhéil fardail níos airde agus a mhaolaíonn an infheistíocht. Dá réir sin, baineann sé sin an bonn d'iomaíochas foriomlán na monaraíochta laistigh den Aontas. Ina theannta sin, méadaíonn spleáchais i slabhraí soláthair leathsheoltóra rioscaí geopholaitiúla agus slándála, go háirithe le linn géarchéime nuair a d'fhéadfaí rochtain ar theicneolaíochtaí criticiúla a shrianadh nó nuair a d'fhéadfaí iad a atreorú chuig réigiúin eile.

Sa chomhthéacs sin, **bhí an Gníomh Eorpach um Shliseanna tosaigh dírithe ar an soláthar den chuid is mó, ach leagtar béim níos mó sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 ar bhearta atá dírithe ar an éileamh.** Treisíonn an dá ghné a chéile: trí éileamh láidir áitiúil a chothú, cuidítear leis an soláthar áitiúil leathsheoltóirí a neartú. Ar an gcaoi sin, rannchuidíonn leathnú comhcheangailte an éilimh agus an tsoláthair le hathléimneacht thionsclaíoch níos fearr, le slabhraí soláthair níos giorra agus níos sláine, le huathriail straitéiseach fheabhsaithe, agus le hailíniú níos fearr idir acmhainneacht táirgeachta na hEorpa agus riachtanais na bpríomhthionscal.

Tá dlúthnasc idir an cur chuige sin agus tionscnaimh níos leithne de chuid an Aontais, go háirithe CADA, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun **éileamh ar shliseanna IS úrscothacha a spreagadh** trí lárionaid sonraí nua a fhorbairt ar fud an Aontais. Meastar go nginfidh na bearta sin éileamh breise ar leathsheoltóirí a d'fhéadfadh tacú le haidhmeanna agus cuspóirí an Ghnímh athbhreithnithe um Shliseanna. Leagtar amach sa **Teachtaireacht maidir leis an**

**bPlean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga**[6] conas atá sé d'aidhm ag an Aontas, mar chuid den iarracht níos leithne chun **Gigeamhonarchana IS** a fhorbairt, uathriail straitéiseach a bhaint amach i ndearadh agus i dtáirgeadh leathsheoltóirí IS, spleáchais ar theicneolaíochtaí criticiúla a laghdú, agus ceannasacht i leathsheoltóirí úrscothacha a neartú.

Tá sé ríthábhachtach slabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa a neartú – lena n-áirítear i réimsí atá ríthábhachtach don intleacht shaorga – chun tacú le cuspóirí straitéiseacha an Aontais. An tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach i gcónaí borradh a chur faoi acmhainneacht táirgeachta **phríomhshrutha leathsheoltóra** na hEorpa. Tá nóid aibí agus speisialaithe ríthábhachtach d'éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa amhail **gluaisteáin, aerloingseoireacht, cosaint, teileachumarsáid agus néalríomhaireacht**, áit a bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh ar shliseanna iontaofa a bhfuil feidhm shonrach acu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach athléimneacht a neartú sna deighleoga sin chun bonn tionsclaíoch na hEorpa a chosaint agus chun spleáchais iomarcacha a laghdú. Tá sé chomh tábhachtach céanna feabhas a chur ar **chumais deartha sliseanna** na hEorpa agus comhar níos dlúithe a chothú idir dearthóirí, monaróirí agus tionscail úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear trí **chineálacha cur chuige comhdhearaidh** lena n-áirithítear go ndéanfar réitigh leathsheoltóra a bharrfheabhsú le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha agus straitéiseacha.

Ag tógáil ar an ngá atá le soláthar agus éileamh in éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú, déantar foráil sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 freisin maidir le **tionscadail straitéiseacha** a chur in úsáid chun príomhchodanna de shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais a neartú. Tabharfar tosaíocht do na tionscadail sin agus tacófar leo trí **mheascán comhordaithe d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach**, lena gcumhdófar monaraíocht cheannasach agus ardmhonaraíocht, ard-dearadh sliseanna, agus athléimneacht an tslabhra soláthair. Comhlánaítear leis an gcur chuige sin na bearta a dtugtar tuairisc orthu thuas, neartaítear leis comhtháthú trasteorann ar fud an tslabhra luacha, agus rannchuidíonn sé le huathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa a fheabhsú.

Sa chomhthéacs sin, agus faoin Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, tabharfar an tosaíocht is airde do **thionscadal straitéiseach maidir le hardmhonaraíocht** chun tacú le táirgeadh sliseanna intleachta saorga agus leathsheoltóirí eile. Is é is aidhm don tionscnamh an chéad saoráid leathsheoltóra a bhunú san Aontas lena gcomhcheanglaítear monaraíocht nód úrscothach le comhtháthú sliseanna agus ardchumais phacáistíochta 3T. D'fhéadfaí táirgeadh píolótach a bheartú sa tréimhse 2030-2033.

Chun athléimneacht an éiceachórais a mhéadú a thuilleadh, soiléirítear raon feidhme na bhforálacha maidir le **tionscnaimh cheannródaíocha.** Cumhdaítear leis na forálacha sin an slabhra luacha leathsheoltóra ina iomláine, lena n-áirítear **gníomhaíochtaí deartha sliseanna atá dírithe ar an monaraíocht, ábhair speisialtachta, trealamh monaraíochta, cláir ciorcad priontáilte, ardphacáistíocht agus ardchóimeáil.** Beidh feidhm ag measúnú ceannródaíoch freisin maidir le cómhaoiniú náisiúnta do thionscadail straitéiseacha i gcás ina sainaithnítear tionscadail straitéiseacha mar thionscadail cheannródaíocha freisin, i gcomhréir le rialacha iomaíochta.

Leagtar béim sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 ar **thionsclú níos tapúla ar línte píolótacha**, rud a dhéanann cumais mhonaraíochta atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de, de shaoráidí monaraíochta píolótacha rathúla. Cuireann sé **fótónaic agus ciorcaid iomlánaithe fótónaice** leis an Tionscnamh atreisithe 'Sliseanna don Eoraip 2.0' freisin, toisc gur príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin iad le haghaidh raon leathan earnálacha

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, COM(2025) 165, 9.4.2025.

straitéiseacha, lena n-áirítear teileachumarsáid, lárionaid sonraí, IS, cúram sláinte, gluaisteáin agus candam. Ós rud é gur léirigh an **Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip'** a ról ríthábhachtach maidir le ceannaireacht an Aontais i dtaighde, nuálaíocht agus cur in úsáid tionsclaíoch leathsheoltóra a neartú. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, leanúint leis. Trí ionstraimí cruthaithe a chothú – amhail línte píolótacha, líonra na lárionad inniúlachta, an tArdán Dearaidh, agus gníomhaíochtaí sliseanna candamacha – is é is aidhm don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' 2.0 a áirithiú go gcoinneoidh an Eoraip a buntáiste iomaíoch, go gcuirfidh sí dlús le táirgeadh ar scála tráchtála, agus go n-uasmhéadóidh sí rannchuidiú na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra leis an inbhuanaitheacht agus leis an gceannasacht theicneolaíoch.

Bainfear leas freisin as bearta comhlántacha atá dírithe ar an éileamh chun dlús a chur le glacadh teicneolaíochtaí Eorpacha sa mhargadh. Cuideoidh **soláthar nuálaíochta agus mórdhúshláin** le héileamh luath a ghiniúint, le cur in úsáid tagartha a chumasú agus le hiontráil níos tapúla sa mhargadh a éascú le haghaidh sliseanna ardfhorbartha a fhorbraítear san Aontas. Ina theannta sin, féadfaidh soláthar poiblí lena mbaineann leathsheoltóirí i mbonneagair, i dtrealamh nó i gcórais critéar a bhaineann le slándáil an tsoláthair a chomhtháthú in éineacht le breithnithe praghais, i gcás ina n-úsáidtear na teicneolaíochtaí sin i seirbhísí fíor-riachtanacha nó i mbonneagair chriticiúla. Trí éileamh poiblí a ghiaráil ar bhealach comhordaithe, comhlánófar leis na bearta sin ionstraimí ó thaobh an tsoláthair de, cuirfear glacadh teicneolaíochtaí slána chun cinn ar fud an Aontais leo, agus neartófar slándáil agus athléimneacht earnálacha straitéiseacha iartheachtacha. I gcomhréir le cuspóirí aeráide, comhshaoil agus fuinnimh an Aontais, ba cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh agus d'oibriú sliseanna atá tíosach ar fhuinneamh agus inbhuanaithe. Ní mór nósanna imeachta deonaithe ceadanna a chuíchóiriú freisin chun dlús a chur le cur in úsáid tionsclaíoch agus chun iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil ar bun, go háirithe ar bhonn an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil. I gcomhthráth le cur chun feidhme an Ghnímh um Shliseanna, agus in oirchill an athbhreithnithe ar an nGníomh um Chibearshlándáil, déanfar meastóireacht i **measúnú riosca cibearshlándála** ar leochaileachtaí teicniúla agus ar thosca neamhtheicniúla araon a dhéanann difear do chibearshlándáil leathsheoltóirí a úsáidtear sa soláthar poiblí le haghaidh earnálacha criticiúla sonracha.

Chun ceannaireacht réigiúnach sa slabhra luacha leathsheoltóra a dhreasú, cruthaítear leis an togra seo lipéad **Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí** do réigiúin a bhfuil plean láidir infheistíochta réigiúnaí leathsheoltóra acu atá ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha. Áirítear orthu sin monaraíocht leathsheoltóirí a mhéadú, comhar T&F, forbairt scileanna, agus bonneagar inbhuanaithe. Thabharfadh sé sin le fios d'infheisteoirí idirnáisiúnta go bhfuil éiceachóras ardacmhainneachta ag an réigiún le haghaidh gnó a bhaineann le leathsheoltóirí.

*Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú*

D'ainneoin na n-uirlisí faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna a cruthaíodh faoi Cholún III den chéad Ghníomh um Shliseanna, tá bearnaí suntasacha fós ann maidir le cumas an Aontais aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghéarchéimeanna soláthair leathsheoltóra. Níl sásraí, uirlisí ná acmhainneachtaí institiúideacha atá forbartha go leordhóthanach ag an Aontas fós chun suaitheadh a réamh-mheas agus a mheasúnú ar bhealach tráthúil comhordaithe.

Chun **feabhas a chur ar ullmhacht sa slabhra soláthair leathsheoltóra**, tacóidh an Coimisiún le h**Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht ('an**

**tArdán') a bhunú**, inar féidir le cuideachtaí faisnéis nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhroinnt i bhfoirm chomhiomlánaithe. Cuideoidh sé sin le samhail dhigiteach den slabhra soláthair a chruthú, infheictheacht idirthuilleamaíochtaí struchtúracha a mhéadú, sainaithint chórasach riosca a chumasú agus athléimneacht in aghaidh suaití a neartú. I gcás foláireamh, d'fhéadfadh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais aonair agus ar an Ardán. Ní mór na hiarrataí sin ar fhaisnéis a theorannú go docht don mhéid is gá agus ní mór dóibh a bheith comhréireach. Beidh gnóthais atá rannpháirteach san Ardán díolmhaithe ón oibleagáid freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis. I gcomhthráth le Rialachán an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna 2.0, forbróidh an Coimisiún **Treoirphlean de chuid an Aontais maidir le bainistiú géarchéime leathsheoltóra** faoin dara ráithe de 2027. Leagfar amach sa Treoirphlean nósanna imeachta, róil agus freagrachtaí soiléire ar fud na gcéimeanna réamh-ghéarchéime agus géarchéime agus cuirfidh sé leis an gcéad chleachtadh ionsamhlúcháin maidir le suaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra a rinneadh leis na Ballstáit in 2025. Beidh na hiarrachtaí sin comhleanúnach leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus lena Plean Gníomhaíochta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cumasóirí ríthábhachtacha iad leathsheoltóirí don aistriú glan agus don aistriú digiteach. Méadaítear a dtábhacht straitéiseach don Aontas a thuilleadh mar gheall ar theannais gheopholaitiúla, róspleáchas reatha an Aontais ar ardmhonaraíocht agus ar ard-dearadh, agus an méadú atá ag teacht ar úsáid na spleáchas sin mar uirlis troda ag tríú tíortha. Sa chomhthéacs sin, tá an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 fíor-riachtanach chun tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin a bhaint amach, go háirithe 'Plean nua do rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa' agus 'Ré nua do chosaint agus slándáil na hEorpa'[7].

Is féidir breathnú ar thogra an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna 2.0 mar fhreagairt ar an ngá atá le gníomhaíocht phráinneach maidir le leathsheoltóirí chun todhchaí an Aontais a chosaint mar lárionad cumhachta eacnamaíoch, mar cheann scríbe infheistíochta agus mar lárionad monaraíochta, mar a aithnítear sa **Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan,**[8] sa **Chompás Iomaíochais don Aontas Eorpach**[9] agus sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le **Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú**[10].

Tá an togra comhsheasmhach leis an bhfís dhigiteach fhoriomlán, leis na spriocanna digiteacha foriomlána agus leis na bealaí digiteacha foriomlána le haghaidh chlaochlú digiteach rathúil an Aontais faoi 2030 mar a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún **The 2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade** [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach] (an Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach)[11] agus an Cinneadh ón gCoimisiún ina dhiaidh sin maidir le

---

7 Tosaíochtaí 2024-2029 – An Coimisiún Eorpach

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85, 26.2.2025.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30, 29.1.2025.

10 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú, JOIN(2025) 977, 3.12.2025.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití: COM(2021) 118, 9.3.2021.

**Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach**,[12] leis an sprioc shonrach maidir le leathsheoltóirí. Tá sé beartaithe leis an togra seo cuidiú leis an Aontas le go mbeidh sé na cumais is gá aige chun a sprioc le haghaidh na bliana 2030 a bhaint amach. Tá an t-athbhreithniú ar an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach beartaithe do mhí an Mheithimh 2026[13]

Cuidíonn an togra seo le cur chun feidhme an **Dearbhaithe maidir leis an gComhghuaillíocht i ndáil le Leathsheoltóirí**, a shínigh airí na 27 mBallstát faoi seach an 29 Meán Fómhair 2025 agus iarrann sé go mbeadh Gníomh um Shliseanna 2.0 treisithe agus réamhbhreathnaitheach ann chun seasamh na hEorpa sa slabhra luacha leathsheoltóra domhanda a neartú[14].

Tagann an togra freisin le cuid de chuspóirí **an Ghnímh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht**,[15] lena leagtar amach creat beart chun iomaíochas an Aontais a neartú, dlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch, agus borradh a chur faoi chumais mhonaraíochta straitéiseacha.

Tá an togra comhsheasmhach den chuid is mó le tionscnaimh de chuid an Aontais lena saothraítear cuspóirí gaolmhara, go háirithe an **Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla,**[16] agus **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), InvestEU** agus **Erasmus+** freisin.

As na tionscnaimh thuasluaite, tá an togra comhsheasmhach go háirithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach agus leis an gclár Fís Eorpach, a fheidhmíonn mar dhá chnámh droma chistiúcháin Cholún I sa chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair. Cuireann an Clár don Eoraip Dhigiteach tacaíocht ar fáil do bhonneagair dhigiteacha, agus tacaíonn Fís Eorpach le taighde réamhtheachtach, píolótú agus taisealbhadh.

Thairis sin, comhlánaíonn an togra an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla freisin, ós rud é go saothraíonn an dá cheann uathriail straitéiseach trí aghaidh a thabhairt ar chodanna éagsúla den slabhra luacha: díríonn an Gníomh um Shliseanna ar dhearadh agus ar mhonarú leathsheoltóra, agus díríonn an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla ar amhábhair chriticiúla.

Tá an Gníomh um Shliseanna comhsheasmhach le cláir oibre an Aontais maidir le huathriail straitéiseach, slándáil eacnamaíoch agus iomaíochas. Tá sé ag teacht le **Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais[17], le rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide[18], leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha[19]** agus leis an **Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)**[20]. I dteannta a chéile, leis na

[12] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, 19.12.2022.

[13] Leis an suirbhé osclaítear a bhfuil i ndán do Chlár Beartais na Deacáide Digití, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/consultations/survey-opens-future-digital-decade-policy-programme

[14] Iarrann an Chomhghuaillíocht Semicon go ndéanfaí an Gníomh um Shliseanna a threisiú, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/semicon-coalition-calls-reinforced-chips-act

[15] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun dlús a chur leis an acmhainneacht thionsclaíoch agus leis an dícharbónú in earnálacha straitéiseacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1724, (AE) 2024/1735 agus (AE) 2024/3110 ('an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht'), COM(2026) 100, 4.3.2026.

[16] Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 ('an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla')

[17] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch' JOIN (2023) 20 final.

[18] Ítimí dé-úsáide a onnmhairiú – Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch

[19] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach

[20] An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, https://strategic-technologies.europa.eu/index_en

hionstraimí sin, laghdaítear spleáchais straitéiseacha agus neartaítear an acmhainneacht thionsclaíoch agus tugtar aghaidh ar shaobhadh a eascraíonn as fóirdheontais eachtracha sa Mhargadh Aonair.

Tá an togra comhsheasmhach leis an reachtaíocht Eorpach maidir leis an gcibearshlándáil. Tá catagóirí áirithe sliseanna faoi raon feidhme an **Ghnímh um Chibear-Athléimneacht**[21], agus beidh sé d'aidhm ag infheistíochtaí faoin nGníomh um Shliseanna a chuspóirí a chur chun cinn trí chur le neart thionscal na hEorpa i ndeighleog mhargadh na sliseanna atá slán. Comhlánóidh an togra freisin an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an n**Gníomh um Chibearshlándáil**, trí ghné shlándáil an tsoláthair a chur leis le haghaidh soláthar poiblí leathsheoltóra ag eintitis chriticiúla.

Leagadh béim sa **Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach** ar a thábhachtaí atá an tionscal leathsheoltóra d'earnáil nuálach dhigitithe mótarfheithiclí[22].

Tá an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 saincheaptha freisin i gcomhlántacht le tionscnaimh eile amhail na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI). Sa chás sin, tá ullmhú iarrthóir IPCEI atá ar na bacáin maidir le hArdteicneolaíochtaí Leathsheoltóra[23] i gcomhréir go hiomlán le meon **an Ghnímh um Shliseanna** trí aghaidh a thabhairt ar na chéad chur in úsáid tionsclaíoch de nuálaíochtaí ceannródaíocha.

Tá an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 ceaptha le bheith comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) reatha (2021-2027) agus leis an gcéad CAI eile (2028-2034), lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), Clár Réime 10 (FP10), agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (Pleananna CNR). Le struchtúr an chreata, beifear in ann gníomhú láithreach agus tionchar a imirt faoin CAI reatha, agus leanúnachas agus inscálaitheacht á n-áirithiú ag an am céanna faoin gcéad CAI eile. Ní thagann an togra seo roimh thoradh an phróisis reachtaigh leanúnaigh maidir le CAI ná ní dhéanann sé réamhbhreith ar an toradh sin.

Thairis sin, tá an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 gan dochar do rialacha Státchabhrach agus iomaíochta-lena n-áirítear Creat T&F&N agus Teachtaireacht IPCEI, agus a gcuspóirí ar leith á gcaomhnú an tráth céanna. Tá ról lárnach ag IPCEInna agus ag an gCreat T&F&N maidir le tacú le taighde, forbairt, nuálaíocht agus an chéad chur in úsáid tionsclaíoch, go háirithe i gcás tionscadail an-nuálach agus trasteorann a bhfuil éifeachtaí iarmharta láidre acu.

Cuirfidh bearta faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 leis an ollstruchtúr sin trí raon feidhme an chreata cheannródaíoch faoi Cholún II a shoiléiriú agus a bheachtú a thuilleadh, lena n-áiritheofar go gcumhdófar an slabhra luacha ina iomláine.

---

21 Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 ('an Gníomh um Chibear-Athléimneacht')

22 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach, COM(2025) 95, 5.3.2025.

23 Tá iarrthóir an tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI), Ardteicneolaíochtaí Leathsheoltóra, á dhearadh faoi láthair chun cur le tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe línte píolótacha agus an t-ardán deartha Eorpach, lena n-áirithítear leanúnachas agus dlús seachas dúbailt. Bunaithe ar mheigithreochtaí amhail an intleacht shaorga, an t-uathoibriú, an tslándáil agus an inbhuanaitheacht, d'fhéadfadh Ardteicneolaíochtaí Leathsheoltóra, iarrthóir IPCEI, freagairt chomhchoiteann Eorpach a thabhairt ar athrú teicneolaíoch suaiteach ar deireadh. D'fhéadfadh sé díriú ar phríomhréimsí teicneolaíochta lena n-áirítear, mar shampla, sliseanna agus luasairí intleachta saorga, ciorcaid iomlánaithe fótónaice, comhtháthú ilchineálach agus ardphacáistiú, braiteoirí, leictreonaic chumhachta, réitigh atá tíosach ar fhuinneamh agus cumarsáid shlán, agus an slabhra luacha leathsheoltóra iomlán á chumhdach an tráth céanna, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cumasúcháin amhail uathoibriú dearaidh leictreonaigh, trealamh, tástáil, ábhair agus sliseoga.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le straitéis iomaíochta agus thionsclaíoch an Aontais, mar a léirítear i straitéisí tionsclaíocha agus i dTuarascáil Draghi, agus comhlánaítear leis na creataí digiteacha agus aistrithe ghlain.

Beidh an togra seo mar chuid den **Phacáiste Ceannasachta Teicneolaíche** mar aon leis an **nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** (CADA) agus **Treochlár Straitéiseach um Dhigitiú agus um an Intleacht Shaorga san Fhuinneamh**. Féachann an Pacáiste lena áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn i gcónaí ag an Aontas forbairtí teicneolaíochta domhanda a chinneadh go neamhspleách, gníomhú go héifeachtach agus iad a mhúnlú, agus, an tráth céanna, fanacht oscailte, iomaíoch agus tiomanta don chomhar agus do rialacha idirnáisiúnta.

Beidh gá le comhordú idir an Gníomh Eorpach um Shliseanna agus an **Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI)** atá beartaithe[24] agus an **Gníomh Candamach** atá ar na bacáin[25]. Le comhsheasmhacht leis an nGníomh Candamach, soláthrófar deis chun creat beartais candamach Eorpach cuimsitheach a bhunú lena mbainfear an leas is fearr as sineirgí ar fud ionstraimí iomadúla.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Mar is amhlaidh i gcás an chéad Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna, is iad Airteagal 173(3) agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) na bunúis dlí do Rialachán an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna 2.0. Ní mór don Aontas rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 173(1) a ghnóthú trí bhíthin na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí a shaothraíonn sé. Luaitear in Airteagal 173(1) CFAE gurb iad na cuspóirí atá ann a áirithiú gurb ann do na dálaí is gá chun iomaíochas thionscal an Aontais a áirithiú. I gcomhréir le córas margaí oscailte iomaíocha, is é is aidhm don ghníomhaíocht seo: (i) dlús a chur le hoiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha; (ii) timpeallacht a chothú atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt ghnóthas ar fud an Aontais, go háirithe gnóthais bheaga agus meánmhéide; (iii) timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhar idir gnóthais; agus (iv) saothrú níos fearr a chothú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch beartas nuálaíochta, taighde agus forbartha teicneolaíche. Is é is cuspóir d'Airteagal 114 CFAE an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú trí bhearta a ghlacadh chun rialacha náisiúnta a chomhfhogasú.

Cuireann an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 le cuspóirí an Rialacháin atá ann faoi láthair maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna. Is é céad chuspóir sonrach den Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0, atá mar bhunú le Colún I, acmhainneachta móra nuálaíochta a chruthú agus cumais teicneolaíochta leormhaithe a chruthú i dtionscal na leathsheoltóirí chun dlús a chur leis an nuálaíocht agus iad a chur in oiriúint don nuálaíocht. Ina theannta sin, mar bhunús le Colúin II agus III, is é is aidhm don Rialachán athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú trí thacú le hinfheistíocht in

---

[24] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach um ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialachán (AE) 2021/696 agus Rialachán (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach], (COM(2025) 555, 16.7.2025.

[25] Aighneachtaí iarrtha ag an gCoimisiún chun Gníomh Candamach an Aontais a bheidh ann amach anseo a mhúnlú, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/commission-invites-contributions-shape-future-eu-quantum-act

ardmhonaraíocht leathsheoltóirí agus comhordú a dhéanamh uirthi (Colún II) agus trí fhaireachán comhordaithe agus freagairt ar ghéarchéimeanna a chumasú (Colún III).

Is é Airteagal 173(3) CFAE an bunús dlí iomchuí don chéad chuspóir. I gcás Airteagal 173(3) CFAE, níor cheart comhchuibhiú dlíthe agus rialachán náisiúnta a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar ach ba cheart iomaíochas agus athléimneacht an bhoinn thionsclaíoch leathsheoltóra a neartú leo. Is é is aidhm don Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 neart agus athléimneacht theicneolaíocht leathsheoltóra agus thírdhreach tionsclaíoch na hEorpa a neartú, rud a chuirfidh borradh faoi acmhainneacht nuálaíochta an éiceachórais leathsheoltóra ar fud an Aontais. Áirítear leis sin spleáchas ar shraith bheag cuideachtaí agus réigiún nach cuideachtaí agus réigiúin de chuid an Aontais iad a laghdú agus cur le cumas an Aontais leathsheoltóirí ardfhorbartha a dhearadh agus a mhonarú. Tá sé beartaithe leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' (Colún I), tionscnamh a leanfar de thacaíocht a thabhairt dó tríd an ngníomhaíocht reachtach nua, cuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach tríd an mbearna idir barr feabhais taighde an Aontais agus a chur in úsáid tionsclaíoch éifeachtach inbhuanaithe a dhúnadh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú astu féin, de bhrí gur de chineál trasteorann atá na fadhbanna agus nach bhfuil siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát. Dírítear sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach inléirithe trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá.

Chun freagairt chuimsitheach a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra, tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach chomhordaithe thapa ó pháirtithe leasmhara éagsúla, i gcomhar leis na Ballstáit. Ní féidir le haon Bhallstát amháin é sin a bhaint amach ina aonar. Thairis sin, i bhfianaise chastacht an éiceachórais leathsheoltóra, tá iarmhairt spleáchais struchtúracha agus ghanntanais éilimh agus soláthair an Aontais chomh forleathan sin gurb í idirghabháil an Aontais is fearr atá in ann aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Is léir gurb é gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais is fearr le gníomhaithe Eorpacha a spreagadh i dtreo fís choiteann agus straitéis choiteann cur chun feidhme. Tá sé sin ríthábhachtach chun barainneachtaí scála agus raon feidhme a ghiniúint agus chun an mhais chriticiúil is gá le haghaidh acmhainneachtaí ceannródaíocha a tháirgeadh. Cuirfidh sé teorainn freisin, mura gcoiscfear í, le hilroinnt iarrachtaí, rásaí fóirdheontais, agus réitigh náisiúnta fho-optamacha.

Tá gá le gníomhaíocht Aontais sna réimsí a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo trí bhíthin na dtrí cholún.

- Maidir leis an gcéad cholún (Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0'), leanfaidh an Tionscnamh atreisithe 'Sliseanna don Eoraip 2.0' de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip a bunaíodh faoin gcéad Ghníomh Eorpach um Shliseanna. Ciallaíonn sé sin fothú acmhainneachta teicneolaíche agus nuálaíocht ar mórscála ar fud an Aontais chun forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha úrscothacha agus den chéad ghlúin eile a chumasú agus chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha ainsealacha na hEorpa i ndearadh agus i dtáirgeadh. Tar éis **dhá Thionscadal Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna)** maidir le micrileictreonaic, ar tionscadail iad a thacaíonn le tionscadail nuálacha trasteorann ar fud an tslabhra luacha micrileictreonaice, tá an **tríú IPCEI** féideartha sa réimse sin á dhearadh. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis na tionscnaimh sin don earnáil. Mar

sin féin, ag an gcéim seo, ní dócha go dtabharfaidh siad aghaidh astu féin ar fhothú acmhainneachta go leordhóthanach i bhfoirm línte píolótacha agus bonneagar dearthóireachta. Ní mór iad sin a chur ar fáil go forleathan do na tríú páirtithe leasmhara uile ar fud na hEorpa agus cuirfidh siad ar chumas an Aontais ról níos láidre a bheith aige in éiceachóras domhanda idirspleách. Ní féidir na saoráidí ar mórscála sin a chur ar fáil ach ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála na n-infheistíochtaí agus an fheasa gnó is gá.

- Maidir leis an dara colún (Slándáil an tsoláthair agus an éilimh), ní féidir gníomhaíochtaí atá dírithe ar dhlús a chur leis an **infheistíocht i monaraíocht leathsheoltóirí** a dhearadh agus a chur chun feidhme go leordhóthanach ach ar leibhéal an Aontais. Is amhlaidh atá mar gheall ar scála na n-infheistíochtaí is gá agus toisc, de réir sainmhínithe, go bhfreastalóidh na saoráidí monaraíochta sin ar an margadh inmheánach ina iomláine, go neartóidh siad an t-éiceachóras ina iomláine, agus go ráthóidh siad slándáil an tsoláthair le linn géarchéimeanna. Ina theannta sin, d'fhorbrófaí bearta **tionscadail straitéiseacha** trí mheascán d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a bhfuil luamhán ard príobháideach aici a chothú.
- Maidir leis an tríú colún ('Faireachán agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna'), áiritheofar le **comhar** feabhsaithe ón **Aontas** an bailiú faisnéise atá riachtanach agus inchomparáide. I dteannta a chéile, beidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann ganntanais a thuar, an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú i gcás géarghanntanais agus na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun **aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim den sórt sin** ar bhealaí níos éifeachtaí ná trí bhearta éagsúla náisiúnta.
- **Comhréireacht**

Tá an togra ceaptha chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) ullmhacht ghearrthéarmach agus faireachán gearrthéarmach chun trédhearcacht slabhraí soláthair leathsheoltóra a mhéadú; (ii) gníomhaíochtaí meántéarmacha maidir le slándáil an tsoláthair chun acmhainneacht táirgeachta leathsheoltóra san Eoraip a fheabhsú; agus (iii) gníomhaíochtaí ceannaireachta teicneolaíochta agus nuálaíochta níos fadtéarmaí chun saoráidí deartha agus táirgthe a chur ar bun le haghaidh ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ag teacht chun cinn.

Sa chomhthéacs sin, dírítear sa togra ar na codanna sin den éiceachóras leathsheoltóra is mó a chuireann le hathléimneacht shlabhra soláthair an Aontais. Tá sé beartaithe leis an bhfócas ar an éiceachóras leathsheoltóra féin – seachas ar réimse na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonaice níos mó, nó ar réimsí feidhme ina n-úsáidtear leathsheoltóirí agus/nó comhpháirteanna agus córais leictreonaice – gníomhaíochtaí a theorannú do cheann de na pointí péine is tábhachtaí sa lá atá inniu ann do gheilleagar agus do shochaí na hEorpa i gcoitinne.

Leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', cuirtear i bhfeidhm na sásraí is gá chun iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta níos fadtéarmaí thionscal na hEorpa a áirithiú tríd an méid seo a leanas: (i) cumais taighde agus dearthóireachta, (ii) línte píolótacha le haghaidh tástála agus turgnamhaíochta, (iii) acmhainneachtaí le haghaidh sliseanna candamacha agus ciorcaid iomlánaithe fótónaice, (iv) lárionaid inniúlachta, agus (v) ciste le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna.

Leis na gníomhaíochtaí nua maidir le slándáil an tsoláthair chun feabhas a chur ar acmhainneacht táirgeachta leathsheoltóra an Aontais i gColún II, is féidir saoráid a aithint mar Thionscnamh Eorpach um Theicneolaíocht Leathsheoltóra. Ar bhonn an aitheantais sin,

ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndeonófar ceadanna le haghaidh na saoráidí agus na dteilgcheártaí sin trí nósanna imeachta meara.

Tá na gníomhaíochtaí nua ullmhachta i gColún III bunaithe ar fhaireachán agus ar mhalartú faisnéise ag na Ballstáit agus ag an Aontas chun bristeacha sa slabhra soláthair a thuar. I gcás bristeacha (atá tuartha), féadfar bearta comhordaithe a dhéanamh chun ganntanais leathsheoltóirí agus bristeacha eile a mhaolú nó a chosc.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gurb é rialachán an ionstraim is iomchuí toisc gur féidir ceanglais a leagan síos a bhfuil feidhm acu go díreach maidir le húdaráis náisiúnta agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear na ceanglais chun feidhme ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe, as a dtiocfaidh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr agus lena n-áiritheofar leanúnachas leis an gcéad Ghníomh um Shliseanna.

Is i bhfoirm Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá an togra. Is é seo an ionstraim dlí is oiriúnaí do Cholún I den togra lena mbunaítear an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip 2.0. Is amhlaidh atá toisc nach féidir ach le rialachán, lena fhorálacha dlí atá infheidhme go díreach, an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a sholáthar chun leanúint de thionscnamh de chuid an Aontais agus é a oibriú arb é is aidhm dó tacú le hearnáil thionsclaíoch ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Tá bonn cirt le rialachán a roghnú mar ionstraim dlí do Cholún II mar gheall ar an ngá atá leis na rialacha nua a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, go háirithe an sainmhíniú ar thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra, agus nós imeachta aonfhoirmeach chun iad a aithint agus chun tacú leo. Ina theannta sin, is é rialachán an ionstraim is oiriúnaí le haghaidh Cholún III, ós rud é gur cheart foráil a dhéanamh sa chuid sin maidir le sásra chun bristeacha tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí san Aontas a thuar agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Chomh maith leis sin, níor cheart go n-éileodh an sásra sin trasuí trí bhearta náisiúnta agus beidh sé infheidhme go díreach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

I gcomhréir le hAirteagal 40 den Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna, chuir an Coimisiún an chéad tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 20 Meán Fómhair 2026. Ba é cuspóir na meastóireachta breithiúnas criticiúil, neamhchlaonta agus fianaisebhunaithe a thabhairt ar dhul chun cinn an Ghnímh um Shliseanna agus ar a chumas éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú[26].

Cumhdaíodh sa mheastóireacht trí cholún an Ghnímh um Shliseanna agus gnéithe traschＯlúin. Scrúdaíodh ann tionchar an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna ar an ngeilleagar, ar rialachas agus ar thosca sóisialta, agus áiríodh ann measúnú tionchair ar an nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0. Rinne sé costais agus tairbhí an Ghnímh um Shliseanna a shainaithint agus a chainníochtú faoi gach colún. Leagadh amach ann freisin na ceachtanna a foghlaimíodh óna chur chun feidhme agus leagadh béim ar shaincheisteanna leanúnacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a dhéanann difear d'fheidhmiú an Rialacháin.

[26] Nasc chuig an Iarscríbhinn SWD a ghabhann leis an Tuarascáil Mheastóireachta

Cumhdaíodh ann an tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Ghnímh um Shliseanna an 21 Meán Fómhair 2023 go dtí deireadh mhí na Samhna 2025.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh **an Gníomh Eorpach um Shliseanna ríthábhachtach chun creat rialála agus beartais Eorpach a chruthú le haghaidh leathsheoltóirí** nach raibh ann roimhe sin agus é sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr ama. Shlóg sé infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach, thug sé isteach bonneagair úrscothacha ar leibhéal an Aontais agus chuir sé sásraí rialachais i bhfeidhm le haghaidh comhordaithe agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna. Tá muinín na bpáirtithe leasmhara sa treo straitéiseach foriomlán fós ard, agus meastar go forleathan gur freagairt riachtanach é an Gníomh ar bhrúnna geopholaitiúla, teicneolaíocha agus eacnamaíocha.

An tráth céanna, **tá an t-aistriú ó sholáthar aschuir go torthaí agus tionchair ar fud an chórais fós ar siúl.** Is srianta struchtúracha agus eacnamaíocha seachas srianta oibríochtúla iad na príomhshrianta. Baineann siad le cumas an Aontais nuálaíocht a thionsclú, gnólachtaí atá ag méadú a mhaoiniú, athléimneacht an tslabhra soláthair a threisiú agus faisnéis ar leibhéal córais a ghiniúint.

Bhí ról lárnach ag an nGníomh maidir le **bonneagair theicneolaíochta agus acmhainneacht mhonaraíochta luathchéime a fhorbairt.** Le cruthú línte píolótacha, lárionad inniúlachta agus bonneagar comhroinnte ar leibhéal an Aontais, áirithíodh iarracht chomhordaithe. Tá feabhas á chur cheana féin ag na tionscnaimh sin ar rochtain ar arduirlisí agus tacaíonn siad le comhar láidir trasteorann. Ní bheidh tionchar comhpháirteanna eile (eadhon, píolótaí sliseanna candamacha agus an t-ardán dearthóireachta) le feiceáil go dtí céim níos déanaí. I gcás ar bith, aithníonn raon leathan páirtithe leasmhara rannchuidiú an Ghnímh le bonn T&N na hEorpa a neartú agus le comhordú a fheabhsú ar fud na mBallstát.

Os a choinne sin, **tá an dul chun cinn maidir le cur in úsáid monaraíochta agus uathriail straitéiseach mhéadaithe ina dhiaidh sin fós ag céim luath**, i bpáirt mar gheall ar agaí tionscanta fada idir cinntí infheistíochta agus táirgeadh iarbhír i monarchana monaraíochta. Tá an Eoraip fós ag brath go struchtúrach ar sholáthróirí neamh-AE i ndeighleoga criticiúla, go háirithe ag nóid ardteicneolaíochta. Léiríonn caillteanas nó moill mórthionscadal infheistíochta freisin nach bhfuil feabhas ábhartha tagtha ar cheannasacht go fóill.

Ar fud na gcritéar meastóireachta, tagann an bhearna idir **an tsaotharlann agus an mhonarcha chun cinn mar mhórdhúshlán.** D'éirigh leis an nGníomh cheana féin teicneolaíochtaí a aistriú chuig leibhéil ullmhachta níos airde, agus – i bhfianaise a theacht i bhfeidhm le déanaí – tá coinne leis go dtiocfaidh conairí cobhsaí i dtreo monaraíocht toirte chun cinn sna blianta amach romhainn. Feidhmíonn go leor aschur go héifeachtach ar an leibhéal teicniúil agus ginfidh siad na hacmhainneachtaí tionsclaíocha is gá chun soláthar Eorpach a dhaingniú níos déanaí. Ní giniúint nuálaíochta go príomha a thuilleadh an dúshlán atá roimh an Aontas, ach **tionsclú agus scála.**

Fuarthas amach sa mheastóireacht freisin go leanann caipiteal príobháideach teoranta de shrian a chur ar ghnólachtaí leathsheoltóirí na hEorpa a mhéadú. Shlóg an Gníomh leibhéil chistiúcháin phoiblí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, ach tá infheistíocht phríobháideach (go háirithe infheistíocht ag céim dhéanach agus infheistíocht institiúideach) fós neamhleor i gcomparáid le réigiúin iomaíocha. Tá an tacaíocht do ghnólachtaí atá ag méadú srianta ag gnéithe struchtúracha de chóras airgeadais na hEorpa, lena n-áirítear easpa fíor-Aontas Margaí Caipitil, na rialacha atá ann cheana maidir le cistí pinsin agus cleachtais infheistíochta choimeádacha. Lagaíonn sé sin gabháil luacha Eorpach agus dreasaíonn sé gnólachtaí atá ag méadú chun an gnólacht a athlonnú nó a dhíol le gnólachtaí nach gnólachtaí

de chuid an Aontais iad. Tá feabhas curtha ag an nGníomh ar acmhainneacht nuálaíochta luathchéime, ach úsáideadh an buiséad a leithdháileadh ar an gCiste um Shliseanna (an chuid sin de Luasaire CNE) sa chéad dá bhliain agus léiríodh nach leor é. Tá gá le hionstraimí téamacha le caipiteal foighneach chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta leathsheoltóra a mhéadú, agus ní mór bearta níos leithne a cheapadh chun na dálaí is gá a chruthú chun go dtiocfaidh gnólachtaí teicneolaíochta ardacmhainneachta chun cinn.

Ina theannta sin, fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil **na hionstraimí atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí maidir le slándáil an tsoláthair agus maidir leis an tslándáil eacnamaíoch úsáideach, ach gur cheart iad a neartú a thuilleadh**. Ar thaobh amháin, is cinntí infheistíochta tionscail go príomha a mhúnlaíonn cur in úsáid monaraíochta, cinntí a dtacaítear leo trí chreataí cistiúcháin náisiúnta. Baineann laigí ó thaobh an éilimh de an bonn a thuilleadh den athléimneacht. Ar an taobh eile, laghdaíonn margaí ilroinnte, méideanna ísle i bpríomhearnálacha agus comhordú teoranta soláthair inmharthanacht tráchtála tháirgeadh na hEorpa. Gan comhiomlánú éilimh agus comharthaí margaidh iontaofa, tá an baol ann go mbainfear tearcúsáid as acmhainneacht nua.

Ar deireadh, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil **léargas an Aontais ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra an Aontais agus ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra domhanda rótheoranta chun tacú le hullmhacht láidir i gcomhair géarchéimeanna.** Chuir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí feabhas mór ar an gcomhordú, agus cuireadh tús le sásraí luathrabhaidh. Mar sin féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige níos comhtháite maidir le faireachán a dhéanamh ar fud ábhar, trealaimh, uirlisí dearthóireachta agus úsáideoirí iartheachtacha. Tá bailiú sonraí fós ilroinnte agus íogair, rud a chuireann teorainn leis an gcumas suaitheadh a thuar. Dá bhrí sin, ní sholáthraíonn Colún III ach infheictheacht pháirteach ar leibhéal an chórais.

Ar an iomlán, bhain an Gníomh um Shliseanna a sprioc tosaigh amach go tapa agus go hinchreidte maidir le hacmhainneacht na hEorpa a fhorbairt. Mar sin féin, braitheann éifeachtacht i dtéarmaí neamhspleáchais agus athléimneachta ar cé acu is féidir nó nach féidir leis an Eoraip bonneagair a thiontú ina n-aschur tionsclaíoch, ina nuálaíocht ina scála agus ina gcomhordú ina bhfaisnéis inghníomhaithe.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, a raibh sé d'aidhm acu faisnéis iontaofa a bhailiú agus úsáid á baint as raon modhanna, páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo agus uirlisí.

Reáchtáil an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí: **comhairliúchán poiblí** idir an 5 Meán Fómhair 2025 agus an 28 Samhain 2025 (105 fhreagra agus 39 bpáipéar seasaimh curtha isteach); **glao ar fhianaise** don mheasúnú tionchair (209 bhfreagra agus 85 pháipéar seasaimh curtha isteach); **suirbhé spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara** (64 fhreagra); **agallaimh** (le freagróirí a dhéanann ionadaíocht ar réimse leathan eagraíochtaí a roghnaítear go straitéiseach agus a bhfuil baint acu le héiceachóras leathsheoltóra na hEorpa nó a ndéanann éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa difear dó); **16 cheardlann théamacha** a reáchtáladh idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2025 le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla ar fud éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa; **sé cheardlann leis na Ballstáit** a reáchtáladh idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2026.

Leag páirtithe leasmhara béim ar róspleáchas ar sholáthróirí neamh-Eorpacha, go háirithe i gcás sliseanna ardfheidhmíochta. I measc na bpríomhbhacainní ar shlabhra luacha sliseanna IS an Aontais a fhorbairt tá acmhainneacht mhonaraíochta neamhleor, ionstraimí infheistíochta teoranta, ganntanais lucht saothair oilte, agus éileamh intíre lag ó hipearscálaí agus ó chuideachtaí IS. Tugadh míbhuntáistí costais struchtúraigh faoi deara freisin ar fud an tslabhra luacha: Bíonn costais tógála agus oibriúcháin níos airde ar mhonarchana monaraíochta atá bunaithe san Aontas, amlínte ceadaithe agus tógála agus coimisiúin níos faide, agus éifeachtaí ceirtleáin níos laige i gcomparáid le hiomaitheoirí san Áise Thoir.

Cuireann srianta maoiniúcháin leis na dúshláin sin a thuilleadh. Sainaithníodh easpa caipitil fiontair agus maoinithe riosca mar bhacainn mhór ar ghnólachtaí deartha, agus léirigh monaróirí gléasanna comhtháite agus gnólachtaí eile atá dírithe ar tháirgeadh gur baic shuntasacha iad nósanna imeachta fada ceadaithe agus costais arda fuinnimh. Ina theannta sin, tá bacainní sistéamacha fós ann i bhfoirm bearnaí maoiniúcháin ag céim dhéanach, rialachas ilroinnte, agus spleáchas ar theilgcheártaí neamh-AE, rud a chuireann bac ar chumas gnólachtaí fréamhshamhlacha a mhéadú ina dtáirgí tráchtála – saincheist a dheimhnítear tríd an gcomhairliúchán poiblí.

Tháinig ganntanais scileanna chun cinn mar ábhar imní trasearnálach i measc páirtithe leasmhara. Cuireadh i dtábhacht go bhfuil tréimhsí infheistíochta ionchasacha 10 mbliana ag teastáil ó phíblínte scileanna leathsheoltóra, ach go n-oibríonn go leor clár ábhartha ar thimthriallta buiséadacha níos giorra, rud a chuireann teorainn lena dtionchar fadtéarmach. Chuir páirtithe leasmhara in iúl freisin go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhordú idir an tAontas agus na leibhéil náisiúnta.

Tugtar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí sa tuarascáil achomair fhíorasach a foilsíodh leis na freagraí ar an nglao ar fhianaise ar an tairseach 'Cloisimis uait'.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, tá an togra rialála seo bunaithe ar mheasúnú tionchair ina ndéantar anailís ar an bhfadhb agus ar na fofhadhbanna a bhaineann leis an ngá atá le hiomaíochas éiceachórais leathsheoltóra an Aontais a neartú. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna beartais féideartha chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na faidhbe agus déantar measúnú ar a dtionchair dhóchúla. Rinneadh an measúnú tionchair a struchtúrú chun an comhairliúchán le Grúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse an Choimisiúin maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 a léiriú.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (BGR) tuairim dhiúltach ar an measúnú tionchair an 28 Eanáir 2026. Mhol an Bord an méid seo a leanas:

- an anailís ar an bhfadhb a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear measúnú níos cuimsithí ar chumais agus ar acmhainneachtaí táirgeachta reatha agus riachtanacha an Aontais ar fud eilimintí criticiúla den slabhra luacha leathsheoltóra, le haghaidh sliseanna aibí agus sliseanna úrscothacha araon;
- na cuspóirí a shoiléiriú agus a shainiú ar bhealach níos fearr, go háirithe maidir le leibhéal agus raon feidhme na ceannasachta teicneolaíche atá á lorg le haghaidh cineálacha éagsúla sliseanna;
- loighic na hidirghabhála a neartú trína léiriú go soiléir conas a bhaineann bearta éagsúla lena chéile, lena n-áirítear ionstraimí ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh, agus conas a rannchuidíonn siad sin i dteannta a chéile leis an leibhéal ceannasachta inmhianaithe a bhaint amach;

- na bearta atá beartaithe a shainiú ar bhealach níos mionsonraithe chun gur féidir measúnú cuí a dhéanamh ar a dtionchar, lena n-áirítear faisnéis níos soiléire maidir le costais fhoriomlána na hidirghabhála, dáileadh na gcostas sin orthu agus na rioscaí a bhaineann le neamhéifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i leithdháileadh acmhainní; and
- trédhearcacht a fheabhsú maidir leis na héiginnteachtaí a bhaineann leis an gcéad CAI eile agus anailís níos críochnúla a sholáthar ar chomhsheasmhacht na mbeart le tionscnaimh bheartais atá ann cheana agus atá le teacht.

Tugadh aghaidh ar na pointí thuasluaite go léir ar an mbealach is iomláine is féidir. Nuair a aththíolacdh an measúnú tionchair athbhreithnithe, d'eisigh an Bord tuairim dhearfach an 30 Márta 2026, ach bhí roinnt agús léi. Bhain forchoimeádais an Bhoird leis na gnéithe seo a leanas:

- ní thugtar tuairisc sách mionsonraithe ar an mbeart chun sliseanna iontaofa a dhreasú chun measúnú ceart a dhéanamh ar a thionchar;
- ní dhéantar anailís leordhóthanach sa tuarascáil ar chomhsheasmhacht le tionscnaimh agus ionstraimí beartais atá ann cheana agus atá le teacht agus ní thugtar míniú soiléir inti ar an gcaoi a n-áiritheofar sineirgí leis an idirghníomhú idir bearta ar thaobh an tsoláthair agus bearta ar thaobh an éilimh;
- níl dóthain forbartha déanta ar an anailís ar an riosca go ndéanfaí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach neamhéifeachtúil.

Foilsítear tuairimí an Bhoird, an measúnú tionchair deiridh agus an achoimre feidhmiúcháin in éineacht leis an togra seo.

Tá an measúnú tionchair bunaithe ar shraith de thrí chuspóir shonracha a théann i ngleic le cúiseanna na bhfadhbanna a sainaithníodh. Leagtar amach ann trí rogha beartais le haghaidh gach cuspóra shonraigh, bunaithe ar an leibhéal idirghabhála beartais, ar an raon feidhme, ar éifeachtúlacht agus ar chomhleanúnachas, agus ar phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta.

Is éard a bheadh i gceist le **rogha beartais 0 (PO0)** leanúint den Ghníomh um Shliseanna atá ann faoi láthair a chur chun feidhme gan aon mhodhnú. Choinneodh sé an clár T&F&N atá ann cheana faoi Cholún I agus choinneodh sé an cur chuige céanna maidir le tacú le hinfheistíochtaí trí Státchabhair (agus úsáid á baint as an gcreat 'ceannródaíoch' faoi na rialacha atá ann cheana maidir le Státchabhair). Ní bheadh aon bhuiséad breise de chuid an Aontais ann faoi Cholún II. Faoi Cholún III, choinneodh sé an sásra freagartha géarchéime atá ann faoi láthair, a fheidhmíonn trí úsáid a bhaint as córas deonach bailithe sonraí ón earnáil phríobháideach (seachas i ngéarchéim). Ní chuimseofaí leis an rogha beartais sin aon bheart beartais a rachadh thar raon feidhme an Ghnímh um Shliseanna atá ann cheana.

**Dhíreodh rogha beartais 1 (RB1) – an cur chuige beartais cothrománach ('cumasú margaidh')** – ar fheabhas a chur ar chreatchoinníollacha foriomlána. Is éard a bheadh i gceist leis sin tacaíocht mhéadaithe don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht, infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú. **Ní thabharfaí isteach aon chistiú breise ar leibhéal an Aontais le haghaidh monaraíocht agus dearadh ar mhórscála, go háirithe le haghaidh sliseanna intleachta saorga.** Faoin gcur chuige sin, san fhadtéarma bheadh an tAontas ag brath ar sholáthróirí nach bhfuil san Aontas a mhealladh a bheadh in ann sliseanna ceannródaíocha a mhonarú, agus cuideachtaí deartha domhanda.

**Chuirfeadh rogha beartais 2 (RB2)** – an **cur chuige ingearach ('réamhghníomhach') maidir le beartas tionsclaíoch** – leis na bearta cothrománacha ach chomhlánódh sí iad le hidirghabhálacha airgeadais spriocdhírithe, go háirithe trí **thionscadail straitéiseacha** a bhféadfaí tacú leo faoin **gCiste Eorpach um Iomaíochas** atá beartaithe. Cuireann an cur chuige sin le sócmhainní teicneolaíochta Eorpacha a cruthaíodh faoin gcéad Ghníomh Eorpach um Shliseanna, go háirithe línte píolótacha, agus fágann sé go gcuirtear in úsáid go tionsclaíoch iad. Trí ghné shoiléir ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach chun tionscadail thionsclaíocha a chistiú agus infheistíochtaí trasteorann ar fud an tslabhra luacha a chumasú, bheadh sé d'aidhm ag an gcur chuige sin ilroinnt a laghdú agus iomaíochas, athléimneacht agus ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa á neartú an tráth céanna. Is é an breisluach a bheadh i gceist leis an iarracht teicneolaíocht 'déanta san Eoraip' a chruthú.

Ar an iomlán, **is é RB2 an rogha thosaíochta**, toisc go soláthraítear léi an fhreagairt is éifeachtaí agus is comhréirí ar na fadhbanna a sainaithníodh, agus coimhdeacht á hurramú agus an t-ualach riaracháin á íoslaghdú an tráth céanna. Freagraíonn sé do thorthaí meastóireachta ina n-iarrtar comhtháthú níos láidre idir T&N agus gníomhaíochtaí cur in úsáid tionsclaíocha, conairí tionsclaíochta níos tapúla agus sásraí faisnéise níos éifeachtaí maidir leis an slabhra soláthair.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cuireann an rogha beartais ab fhearr (RB2) simpliú ar fáil trí chreat comhordaithe ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach le haghaidh tionscadail straitéiseacha. Le píblíne tionscadail aonair le haghaidh infheistíochtaí mórscála leathsheoltóra, cuirtear cosc ar dhúbláil céimeanna riaracháin agus ar dhoiciméadacht atriallach. Leis an soiléiriú ar an raon feidhme 'ceannródaíoch', simplítear a thuilleadh nósanna imeachta ceannródaíocha do na Ballstáit agus do chuideachtaí araon. Ina theannta sin, scriosfar coincheap an Chuibhreannais Eorpaigh um Bonneagar Sliseanna ('ECIC') faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 ar mhaithe le simpliú, ós rud é nár úsáideadh riamh é faoin nGníomh atá ann faoi láthair. Eascraíonn gnóthachan éifeachtúlachta eile as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla agus níos intuartha. Tá céimeanna ceadaithe agus deartha le haghaidh ardsaoráidí leathsheoltóra san Aontas 7.5 mí níos faide ar an meán ná mar atá i bpríomhdhlínsí iomaíocha. Má ghlactar leis go gcuireann gach bliain moille thart ar 5 % le costas iomlán an tionscadail, tugann sé sin le tuiscint go mbeidh costas breise thart ar 3,125 % ar an infheistíocht fhoriomlán. Mar shampla, bheadh sé sin cothrom le thart ar EUR 625 mhilliún le haghaidh ardghléasra monaraíochta EUR 20 billiún. Trí mhalartuithe atriallacha le húdaráis a laghdú agus conairí ceadaithe a shoiléiriú, gineann RB2 coigilteas costais intuigthe substaintiúil ar mó iad ná na costais a bhaineann le comhlíonadh. Cruthaítear tairbhe eile a bhaineann le simpliú trí **Ardán struchtúrtha Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht** a chur in ionad iarrataí ad hoc ar fhaisnéis atá dírithe ar ghéarchéimeanna. Laghdaíonn sé sin dúbailt agus feabhsaíonn sé comhordú ar fud na mBallstát.

Faoin gcur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', cruthaíonn RB2 ualach riaracháin breise teoranta agus déantar é a fhritháireamh den chuid is mó trí shimpliú struchtúrach. Is éard atá sna 'cinn isteach' nua do ghnólachtaí go príomha nochtadh leochaileachtaí sa slabhra soláthair. Meastar iad sin a bheith suas le 10 lá pearsanta in aghaidh na hiarrata, arb ionann iad agus thart ar EUR 2 783 in aghaidh an ghnólachta mhóir, le costais iomlána suas le EUR 1,34 milliún in aghaidh na hiarrata i gcás cumhdaigh iomláin. Déantar an t-ualach sin a fhrithchothromú le 'cinn amach' i bhfoirm níos lú glaonna sonraí práinneacha agus dúblacha a bhaineann le géarchéimeanna, malartú faisnéise cuíchóirithe agus iarracht faireacháin inmheánaigh laghdaithe toisc go ndéantar gníomhaíochtaí faisnéise

margaidh a sheachfhoinsiú go páirteach chuig an Ardán. Tá glanualach riaracháin ar ghnólachtaí, arb é atá i gceist leis sin tús a chur le rannpháirtíocht san Ardán agus nochtaí. Mar sin féin, déanfar iad sin a fhritháireamh den chuid is mó trí shlándáil an tsoláthair a eascróidh as an gcomhroinnt sonraí sin. Ina theannta sin, sa chéad chéim, ní dhéanfar measúnuithe ach ar bhonn cáilíochtúil mura bhfuil géarchéim fhoirmiúil ann.

- **Cearta bunúsacha**

Déantar foráil in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Na bearta faoi Cholúin I agus II den togra seo, cruthaítear leo cumas nuálaíochta agus cuirtear chun cinn leo slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí, rud a d'fhéadfadh treisiú a dhéanamh ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Mar sin féin, le roinnt beart faoi Cholún III a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh bristeacha tromchúiseacha i soláthar leathsheoltóirí san Aontas teorannú sealadach a chur ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus ar an tsaoirse conartha, a chosnaítear le hAirteagal 16 agus ar an gceart chun maoine, atá faoi chosaint Airteagal 17 den Chairt. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar foráil sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa togra seo, déanfar bunús na gceart agus na saoirse sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta.

An oibleagáid faisnéis shonrach a nochtadh don Choimisiún, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, urramaítear léi bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus ní dhéanfar difear díréireach don tsaoirse chun gnó a sheoladh léi (Airteagal 16 den Chairt). Fónann aon iarraidh ar fhaisnéis do chuspóir leasa ghinearálta an Aontais toisc gur féidir bearta féideartha a shainaithint léi chun géarchéim ganntanais leathsheoltóra a mhaolú. Is iomchuí agus éifeachtach na hiarrataí faisnéise sin chun an cuspóir a bhaint amach tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair. Ní iarrann an Coimisiún, i bprionsabal, ach faisnéis ó eagraíochtaí ionadaíocha. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh sé iarrataí a eisiúint chuig gnóthais aonair ach amháin más gá sin. I bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha agus sochaíocha ganntanas leathsheoltóirí agus tábhacht na ngníomhaíochtaí maolaithe dá réir, tá iarrataí ar fhaisnéis i gcomhréir leis an aidhm inmhianaithe. Ina theannta sin, fritháirítear an teorannú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine le coimircí iomchuí. Ní fhéadfar aon iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh ach amháin i gcás géarchéime ina bhfuil an chéim ghéarchéime gníomhachtaithe ag an gCoimisiún trí ghníomh cur chun feidhme.

Leis an oibleagáid glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus tosaíocht a thabhairt dóibh, urramaítear bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conartha (Airteagal 16 den Chairt) agus an chirt chun maoine (Airteagal 17 den Chairt) agus ní dhéanfaidh sí difear díréireach do na saoirsí agus don cheart sin. Freastalaíonn an oibleagáid sin ar chuspóir leasa ghinearálta an Aontais toisc go n-áirithítear léi gur féidir le hearnálacha criticiúla a ndéanann suaitheadh soláthair mar gheall ar ghanntanas leathsheoltóra difear dóibh leanúint de bheith ag feidhmiú. Tá an oibleagáid iomchuí agus éifeachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach toisc go n-áirithítear leis go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go fabhrach le haghaidh táirgí a sholáthraítear do na hearnálacha sin. Níl aon bheart eile chomh héifeachtach céanna. I gcás géarchéime, tá sé comhréireach oibleagáid a chur ar ghnóthais áirithe glacadh le horduithe áirithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Áirítear ar na gnóthais sin saoráidí monaraíochta leathsheoltóra a bhfuil iarratas déanta acu go n-aithneofaí iad mar 'thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra'; saoráidí monaraíochta leathsheoltóra eile a ghlac leis an bhféidearthacht sin mar mhalairt ar thacaíocht phoiblí a fháil; nó gnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra a bhí faoi réir ordú a bhfuil rátáil

tosaíochta ag baint leis ó thríú tír a mhéid a dhéantar difear do shlándáil an tsoláthair chuig earnálacha criticiúla. Le coimircí iomchuí áirithítear nach sárú ar na cearta sin atá i gceist le haon tionchar diúltach a bheadh ag oibleagáid maidir le tosaíocht ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ar an tsaoirse conartha ná ar an gceart chun maoine sin. Ní fhéadfar aon oibleagáid tús áite a thabhairt d'orduithe áirithe a sheoladh ach amháin i gcás géarchéime a bhfuil an chéim ghéarchéime gníomhachtaithe ag an gCoimisiún ina leith trí ghníomh cur chun feidhme. Féadfaidh an gnóthas lena mbaineann iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis mura bhfuil sé in ann an t-ordú a dhéanamh nó más rud é go gcuirfeadh ualach eacnamaíoch míréasúnta air dá ndéanfadh sé é agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist leis. Ina theannta sin, tá ábhar na hoibleagáide díolmhaithe ó aon dliteanas i leith damáistí as sárú oibleagáidí conarthacha a eascraíonn as comhlíonadh na hoibleagáide.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann impleachtaí buiséadacha le soláthar foirne i ranna an Choimisiúin agus le tacaíocht chun Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht a chur ar bun. Éilíonn an togra acmhainní daonna le haghaidh na gcúraimí sa togra a bheadh faoi fhreagracht an Choimisiúin. Is féidir cuid de na cúraimí a chur chun feidhme trí bhaill foirne atá ann cheana atá ag obair faoi láthair ar chúraimí comhchosúla a ath-imlonnú, e.g. baill foirne a bhaineann le maoirseacht ar chláir, idirchaidreamh le páirtithe leasmhara, agus tuairisciú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus fothaithe acmhainneachta faoi Cholún I. Beidh gá le baill foirne bhreise chun cúraimí eile a dhéanamh, e.g. maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar gharspriocanna agus ar spriocanna insoláthartha; seiceálacha comhlíontachta (Státchabhair, soláthar); comhordú trasteorann leis na Ballstáit; formhaoirseacht riaracháin (neamhfhioscach); agus tuairisciú don Chomhairle/don Pharlaimint. Ina theannta sin, tugtar le tuiscint leis an togra cúraimí breise a bhaineann le hArdán an tSlabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht, e.g. faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra; feidhmeanna anailíse agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna; iarrataí ar fhaisnéis a láimhseáil agus sonraí a sheiceáil agus a chomhiomlánú le linn na céime réamh-ghéarchéime; agus comhordú trasearnála le páirtithe leasmhara sa tionscal.

Chun tacú le hArdán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra gnólacht le gnólacht a chur ar bun agus a oibriú, tá gá le caiteachas oibríochtúil thart ar EUR 70 milliún. Chuirfeadh an Coimisiún an tacaíocht ar fáil don ardán.

Tá tuilleadh sonraí maidir le himpleachtaí buiséadacha ar fáil sa Ráiteas Reachtach, Airgeadais agus Digiteach atá i gceangal leis an togra seo.

Sa bhreis ar na himpleachtaí buiséadacha a luaitear thuas, ní féidir buiséid oibríochtúla agus riaracháin chun an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip 2.0 agus tionscadail straitéiseacha in CAI 2028-2034 a chur chun feidhme a iarraidh ach ag céim níos déanaí.

## 5. GNÉITHE EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh an Coimisiún freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hidirghabhála ar bhonn rialta. Féadfar tacú leis sin le staidéir sheachtracha agus le sonraí ó na Ballstáit agus ón margadh. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chuimsitheach ar

éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, comhréireacht agus coimhdeacht an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna 2.0. Cuirfear **tuarascáil mheastóireachta** ina gcuirfear na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún laistigh de **4 go 5 bliana** ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún tograí a chur leis an tuarascáil sin chun an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0 a fheabhsú nó a oiriúnú.

Leanann an sásra athbhreithnithe sin an cur chuige a bunaíodh faoin gcéad Ghníomh um Shliseanna. Áirithítear leis leanúnachas, inchomparáideacht na dtorthaí, agus dearcadh fadtéarmach ar thorthaí beartais. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, faireachán rialta ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla, agus aird ar leith á tabhairt ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh. Beidh gníomhaíochtaí faireacháin ag brath ar tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla, agus leas á bhaint as sonraí arna soláthar ag páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra, ag na Ballstáit agus ag comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Déanfar measúnú ar rath foriomlán an tionscnaimh trí úsáid a bhaint as fianaise ar **shlándáil neartaithe an tsoláthair**. Áireofar leis sin dul chun cinn i ngnéithe intomhaiste ábhartha amhail sciar an Aontais de tháirgeadh domhanda leathsheoltóra agus athruithe ar chomhchruinniú an mhargaidh. Le cur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna 2.0 agus na mbeart a ghabhann leis, beifear in ann na cuspóirí sonracha, na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo agus na tionchair ghaolmhara a rianú go córasach.

Chun an mheastóireacht a dhéanamh, cuirfidh na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta an fhaisnéis riachtanach agus ábhartha ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

1.1. Caibidil I – Forálacha Ginearálta

I g**Caibidil I** leagtar amach ábhar an Rialacháin. Leagtar amach ann freisin na sainmhínithe a úsáidtear tríd an ionstraim. Leis an Rialachán, leantar den Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip’ (an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ anois) agus déantar tuilleadh forbartha air. Faoi Cholún I, cruthaítear na dálaí is gá chun acmhainneacht an Aontais maidir le nuálaíocht thionsclaíoch a neartú agus leagtar amach bearta spreagtha éilimh. Faoi Cholún II, leagtar síos na critéir chun aitheantas a thabhairt do thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra ar tionscnaimh cheannródaíocha agus tionscadail straitéiseacha iad lena gcothaítear slándáil an tsoláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais. Faoi Cholún III, leagtar amach ann bearta chun feabhas a chur ar an sásra comhordúcháin idir na Ballstáit agus an Coimisiún, sásra a bunaíodh ar dtús faoi Rialachán (AE) 2023/1781 (an Gníomh um Shliseanna).

1.2. Caibidil II – An Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’

Dírítear i g**Caibidil II** ar an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip’ 2.0, arb é is aidhm dó iomaíochas, athléimneacht agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a threisiú. Trí infheistíochtaí a dhéanamh sa Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’, ba cheart don Aontas a bheith níos éifeachtaí maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chaighdeán is airde a dhéanamh den a chuid forbairtí taighde agus teicneolaíochta, ar teicneolaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an éileamh, a bheidh dírithe ar fheidhmeanna, a bheidh slán agus fuinneamhéifeachtúil. An tráth céanna, ba cheart don Aontas deis a thabhairt dá thionscal soláthair tairbhiú d’infheistíochtaí den sórt sin.

Chuige sin, áirítear sa Chaibidil seo forálacha agus cuspóirí ginearálta an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip’, a bunaíodh ar dtús faoi Rialachán (AE) 2023/1781. Is é is aidhm don

Tionscnamh Sliseanna don Eoraip 2.0 tacú le fothú acmhainneachta ar mórscála ar fud an Aontais i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus den chéad ghlúin eile atá ann cheana. Tá sé chomhpháirt anois sa Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0': (1) acmhainneachtaí dearthóireachta le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite; (2) línte píolótacha chun ullmhú le haghaidh táirgeadh nuálach, agus saoráid tástála agus turgnamhaíochta; (3) ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta a fhothú chun dlús a chur le forbairt sliseanna candamacha; (4) líonra lárionad inniúlachta agus forbairt scileanna; (5) Gníomhaíochtaí 'an Chiste um Shliseanna' le haghaidh rochtain ar chaipiteal ag gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna; agus (6) ardacmhainneachtaí dearthóireachta, fréamhshamhaltaithe agus imscartha thionsclaíoch a fhorbairt agus a neartú le haghaidh teicneolaíochtaí ciorcaid iomlánaithe fótónaice ar fud an Aontais. Leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', cuirtear béim láidir ar thionsclaíocht agus ar bhearta spreagtha éilimh amhail Mórdhúshláin, Fóram Éilimh agus Luasairí Éilimh.

Tacófar leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' trí chistiú ón gclár Fís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach faoin CAI reatha, go háirithe Cuspóir Sonrach 6 nua den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na Rialacháin lena mbunaítear na cláir sin agus, i gcás inarb ábhartha agus gan dochar do chaibidlíocht CAI, a gcomharbaí.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le creat nós imeachta chun cistiú comhcheangailte ó na Ballstáit, gan dochar do na rialacha maidir leis an Státchabhair, ó bhuiséad an Aontais agus ó infheistíocht phríobháideach a éascú.

Tá forálacha maidir le cur chun feidhme sa Chaibidil freisin. Cuirfear cur chun feidhme an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' de chúram go príomha freisin ar an gComhghnóthas um Shliseanna agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcomhghnóthas nó ar aon eintiteas nó tionscnamh comhchosúil eile a thiocfaidh i gcomharbas air arna bhunú le dlí an Aontais faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin. Tá an tuairisc theicniúil ar na gníomhaíochtaí curtha ar fáil in Iarscríbhinn I. Áirítear in Iarscríbhinn III táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn Thionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' i dtreo a chuspóirí a bhaint amach. Cumasaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na dtáscairí intomhaiste a leasú. Cuireann an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leis na láidreachtaí atá ag an Eoraip cheana sa slabhra luacha leathsheoltóir domhanda agus méadaítear sineirgí le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair. Dá bhrí sin, chun a thionchair dhearfacha a uasmhéadú, leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', ba cheart go mbeifí in ann sineirgí a chruthú leis na cláir de chuid an Aontais a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn IV.

## 1.3. Caibidil III – Slándáil an tSoláthair agus an Éilimh

Leagtar amach i **Roinn 1 de Chaibidil III** an creat le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra. Féadfaidh an Coimisiún tionscadail laistigh den slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas nó i dtríú tír a aithint mar thionscadail straitéiseacha, i gcás ina gcomhlíonann na tionscadail na critéir seo a leanas: cruthaíonn siad breisluach AE trí rannchuidiú go suntasach le cuspóirí a bhaineann le leas coiteann an Aontais; tá gné shoiléir thrasteorann ag baint leo; rannchuidíonn siad le feabhas a chur ar fhíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais; agus rannchuidíonn siad le ceannasacht theicneolaíoch agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a mhéadú go suntasach.

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na réimsí teicneolaíochta a shainaithnítear mar réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun tionscadail straitéiseacha a aithint.

Leagtar amach i **Roinn 2** den Chaibidil seo forálacha maidir le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra. Tugtar tuairisc ann freisin ar úsáid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa mar thairseacha rochtana aonair chun iarratas aonair ar chead a chur isteach le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra.

I **Roinn 3** de Chaibidil III tugtar tuairisc ar chuspóirí an lipéid 'Réigiún Barr Feabhais an Leathsheoltóra', agus leagtar amach fís agus raon feidhme Phlean Infheistíochta an Réigiúin Eorpaigh Leathsheoltóra.

I **Roinn 4** de Chaibidil III dírítear ar bhearta chun athléimneacht an tslabhra soláthair a mhéadú, is é sin le rá le haghaidh soláthar poiblí bonneagar criticiúil agus in earnálacha áirithe den gheilleagar a shainaithnítear mar earnálacha a bhíonn i mbaol riosca.

1.4. Caibidil IV – Faireachán agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna

I g**Caibidil IV** tá sásra chun faireachán comhordaithe a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóra agus chun freagairt ar bhristeacha i soláthar leathsheoltóirí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Leagtar amach i **Roinn 1** córas cuimsitheach mapála straitéisí d'earnáil leathsheoltóra an Aontais, atá ceaptha chun leochaileachtaí, spleáchais agus riachtanais a bheidh ann amach anseo a shainaithint chun athléimneacht an tslabhra soláthair a mhéadú. Ní mór don Choimisiún, i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, grinnanailís a dhéanamh lena gcumhdófar gnéithe criticiúla. Áirítear orthu sin príomhthionscail agus príomhbhonneagair atá spleách ar leathsheoltóirí (e.g. na hearnálacha cúraim sláinte, cosanta agus digiteacha), deighleoga an tslabhra soláthair (ón dearadh go dtí an mhonaraíocht agus ábhair), spleáchais theicneolaíocha (go háirithe ar thríú tíortha), ganntanais scileanna, agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as tearcinfheistíocht nó suaitheadh geopholaitiúil. Déantar measúnú sa mhapáil freisin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabhálacha géarchéime (e.g. orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo nó rialuithe onnmhairiúcháin faoi Airteagail 41-43). Roinntear na torthaí go rialta leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais.

Chun faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar rioscaí, ní mór don Choimisiún liosta táscairí luathrabhaidh (e.g. scrogaill soláthair, borradh ar éileamh, nó teannas geopholaitiúil) a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta bunaithe ar thorthaí na mapála. Braitheann an próiseas go príomha ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar ionchuir tionscail neamhrúnda. Mar sin féin, is féidir leis an gCoimisiún faisnéis dheonach bhreise a iarraidh ar ghnólachtaí leathsheoltóra más ann do bhearnaí, trí bhealaí caighdeánaithe slána a úsáid chun rúndacht a chosaint. Láimhseáiltear na sonraí uile a bhailítear faoi rialacha dochta rúndachta (Airteagal 50), agus cuireann an Coimisiún treoir ar fáil chun comhroinnt chomhsheasmhach agus shlán faisnéise a áirithiú. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar an gcreat agus ar an modheolaíocht don mhapáil chun oiriúnú do dhúshláin earnála atá ag teacht chun cinn. I ndeireadh na dála, is é is aidhm don chóras sin suaitheadh a thuar, infheistíochtaí straitéiseacha a threorú agus neamhspleáchas leathsheoltóra an Aontais a neartú.

Tugtar tuairisc freisin i **Roinn 1** ar bhunú agus ar chuspóirí an Ardáin Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht. Leathchúpla digiteach den slabhra soláthair leathsheoltóirí a bheidh san Ardán agus é mar chuspóir aige a thrédhearcacht agus a athléimneacht a mhéadú. Cuirfidh ionadaí dlíthiúil an Ardáin an Coimisiún ar an eolas faoi

bhristeacha atá ann faoi láthair nó a bhfuiltear ag súil leo ar an slabhra soláthair leathsheoltóra.

Déantar foráil i **Roinn 2** maidir leis na rialacha chun an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a ghníomhachtú agus sonraítear inti na bearta éigeandála is féidir a úsáid chun dul i ngleic leis an ngéarchéim.

Is é an chéad ghné an oibleagáid atá ar údaráis inniúla náisiúnta an Coimisiún a chur ar an eolas a luaithe is féidir má shainaithníonn siad riosca de shuaitheadh tromchúiseach soláthair nó bagairtí inchreidte eile ar infhaighteacht leathsheoltóra. Tionscnaítear leis sin céim choisctheach, ina gcaithfidh an Coimisiún gníomhú go tapa trí chruinniú urghnách den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí a thionól. Áirítear ar ról an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh ar dhéine an tsuaite, lena n-áirítear trí iarrataí coisctheacha ar fhaisnéis a eisiúint agus trí phlé a dhéanamh ar cé acu a thionscnófar nó nach dtionscnófar nós imeachta foirmiúil géarchéime. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le tríú tíortha chun réitigh chomhoibritheacha a lorg agus a iarraidh ar na húdaráis náisiúnta meastóireacht a dhéanamh ar ullmhacht na bpríomhghníomhaithe margaidh.

Má mheastar go bhfuil gá le soláthar comhpháirteach, ní mór dó rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí a chomhlíonadh (Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE), lena n-áirithítear trédhearcacht agus iomaíocht. Uirlis ríthábhachtach eile is ea bailiú faisnéise. Is féidir leis an gCoimisiún iarrataí coisctheacha ar fhaisnéis a eisiúint ón Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht, le coimircí le haghaidh faisnéis tráchtála íogair. Féadfaidh an Coimisiún iarrataí coisctheacha ar fhaisnéis a eisiúint chuig cuideachtaí aonair freisin mura bhfuil siad rannpháirteach san Ardán. Roinntear na freagraí leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus leis na Ballstáit ábhartha, rud a áirithíonn feasacht chomhchoiteann.

Ní théann an creat in olcas go dtí céim ghéarchéime ach amháin má chomhlíontar dhá choinníoll: (1) suaitheadh tromchúiseach sa slabhra soláthair is cúis le ganntanais shuntasacha; agus (2) tionchair thromchúiseacha ar earnálacha criticiúla (e.g. cúram sláinte, cosaint, nó bonneagar digiteach) a chuireann cobhsaíocht shochaíoch, eacnamaíoch nó slándála i mbaol. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, a mholadh don Chomhairle an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú, agus is trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh sí cinneadh. Maireann an chéim ghéarchéime suas le 12 mhí, agus d'fhéadfaí síneadh a chur léi má tá údar cuí leis, agus ní mór tuairisciú rialta a dhéanamh don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus do Pharlaimint na hEorpa ina leith. Le linn na céime sin, ní mór do na Ballstáit bearta náisiúnta a chomhordú tríd an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí chun freagairtí ilroinnte a sheachaint. A luaithe a thiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim, ní mór don Choimisiún faireachán ar an slabhra soláthair a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 6 mhí, agus na ceachtanna a foghlaimíodh á gcur san áireamh. Tá na forálacha lena rialaítear gníomhachtú na céime géarchéime fós gan athrú ó na forálacha a bhunaítear sa Ghníomh um Shliseanna, mar thoradh ar chomhaontú na gcomhreachtóirí, agus tá siad fós oiriúnach dá bhfeidhm.

Leagtar amach i **Roinn 3** na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna leathsheoltóra san Aontas.

Faoi Airteagal 41, is féidir leis an gCoimisiún sonraí táirgthe agus suaite a éileamh ar chuideachtaí sa slabhra soláthair leathsheoltóra chun measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim agus ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní mór fíorghá a bheith le hiarrataí agus ní féidir leo an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol.

Le hAirteagal 42 ceadaítear don Choimisiún oibleagáid a chur ar mhonaróirí leathsheoltóirí tosaíocht a thabhairt d'orduithe le haghaidh táirgí atá criticiúil i gcás géarchéime, rud a sháraíonn conarthaí atá ann cheana.

Tugtar isteach le hAirteagal 43 ceannach comhpháirteach, i gcás ina ngníomhaíonn an Coimisiún mar cheannaitheoir lárnach do roinnt Ballstát a bhfuil ganntanais thromchúiseacha rompu. Neartaítear leis an sásra sin an chumhacht chaibidlíochta agus cuireann sé cosc ar thíortha an Aontais dul san iomaíocht le haghaidh soláthairtí teoranta.

Cumhachtaítear don Choimisiúin an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme nuair atá fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa de ghéarchéim leathsheoltóra ann. Bíonn géarchéim leathsheoltóra i gceist i gcás ina dtarlaíonn bristeacha tromchúiseacha sa soláthar leathsheoltóra a mbíonn ganntanais mhóra ann mar thoradh orthu. Bíonn éifeachtaí diúltacha suntasacha acu ar earnáil thábhachtach amháin nó níos mó den Aontas, nó cuireann siad cosc ar sholáthar, deisiú agus cothabháil táirgí riachtanacha a úsáideann earnálacha criticiúla. Sonrófar sa ghníomh cur chun feidhme fad na céime géarchéime nó síneadh na céime sin. Sula rachaidh an chéim ghéarchéime in éag, déanfaidh an Coimisiún measúnú, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, ar cheart síneadh a chur leis an gcéim ghéarchéime. Le linn na céime géarchéime, tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe urghnácha ionas go mbeidh na Ballstáit in ann oibriú go dlúth leis an gCoimisiún agus comhordú a dhéanamh ar aon bheart náisiúnta a dhéanfar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóirí.

1.5. Caibidil V – Rialachas

Leagtar amach i g**Caibidil V** an creat chun leanúint ar aghaidh leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus atá faoi chathaoirleacht an Choimisiúin. Cuirfidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle ar fáil maidir leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna (Colún I). Cuirfidh sé comhairle agus cúnamh ar fáil don Choimisiún i ndáil le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra (Colún II). Beidh malartú tuairimí aici leis an gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le Plean Infheistíochta Réigiúin an Tionscail Leathsheoltóirí a chur chun feidhme; sainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí criticiúla sonracha a phlé agus ullmhú di; agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna (Colún III). Ar deireadh, cuirfidh sé tacaíocht ar fáil chun an Rialachán atá beartaithe a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus chun comhar idir na Ballstáit a éascú. Tacóidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí leis an gCoimisiún i gcomhar idirnáisiúnta agus i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí. Déanfaidh sé freisin comhordú agus malartú faisnéise leis na struchtúir ábhartha ghéarchéime arna mbunú faoi dhlí an Aontais. Tiocfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí le chéile i gcomhdhéanaimh éagsúla agus tionólfaidh sé cruinnithe ar leithligh le haghaidh a chúraimí faoi Cholún I agus le haghaidh a chúraimí faoi Cholúin II agus III. Féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí buana nó sealadacha den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú agus cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna thionscal na leathsheoltóirí agus páirtithe leasmhara eile chuig na foghrúpaí sin mar bhreathnóirí. Ba cheart do BES a áirithiú go n-iarrfar ar Choiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Leathsheoltóirí, a ghlacfaidh oibríochtaí na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra ar láimh, nuashonruithe a chur i láthair uair sa bhliain ar a laghad.

Ar an leibhéal náisiúnta, ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó agus, ina measc siúd, pointe teagmhála aonair náisiúnta chun an Rialachán a chur chun feidhme.

1.6. Caibidlí VI, VII, VIII – Forálacha Críochnaitheacha

Cuirtear i dtábhacht i **gCaibidil VI** go bhfuil sé d'oibleagáid ar na páirtithe uile rúndacht faisnéise íogaire gnó agus rúin trádála a urramú. Tá feidhm ag an oibleagáid maidir leis an gCoimisiún, le húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis eile na mBallstát, chomh maith le gach ionadaí agus saineolaí a fhreastalaíonn ar chruinnithe de chuid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí agus an Choiste. Bunaítear sa Chaibidil freisin rialacha maidir le pionóis agus fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i leith neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, faoi réir coimircí iomchuí. Féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur má mhainníonn na gnóthais ábhartha glacadh le horduithe áirithe i ngéarchéim leathsheoltóra agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún fíneálacha a ghearradh ar ghnóthas a sholáthraíonn faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach, nó nach soláthraíonn an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá leagtha síos.

I g**Caibidil VII** leagtar amach na rialacha agus na coinníollacha maidir le feidhmiú cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme. Leis an togra tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, ionas gur féidir nósanna imeachta a shonrú agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin agus na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú chun Iarscríbhinn I (na gníomhaíochtaí a leagtar amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0') agus Iarscríbhinn III (na táscairí intomhaiste agus na forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú chun an Rialachán seo a fhorlíonadh) a leasú.

I g**Caibidil VIII** cuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascálacha rialta a ullmhú le haghaidh mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2026/0139 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2023/1781 (an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[27],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[28],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna), bunaíodh creat cuimsitheach ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an éiceachóras leathsheoltóra, d'fhonn acmhainneacht theicneolaíoch an Aontais a neartú, athléimneacht a fheabhsú agus slándáil an tsoláthair a áirithiú.

(2) Léirítear sa mheastóireacht[30] ar Rialachán (AE) 2023/1781 gur cumasaíodh leis infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach a shlógadh, ardbhonneagair a chur in úsáid agus sásraí comhordúcháin agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna a bhunú, rud a rannchuidíonn le comhar feabhsaithe ar fud na mBallstát agus le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Léiríodh sa mheastóireacht go raibh Rialachán (AE) 2023/1781 ina chatalaíoch le haghaidh cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais i leith leathsheoltóirí, lena neartaítear acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta, lena gcruthaítear rochtain ar bhonneagair theicneolaíocha, lena gcuirtear creat i bhfeidhm le haghaidh acmhainneacht mhonaraíochta, chomh maith le sásra géarchéime agus freagartha chun aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann a réamh-mheas. An tráth céanna, sainaithníodh sa mheastóireacht easnaimh struchtúracha agus

27 IO C , , lch. . .
28 IO C , , lch. . .
29 Rialachán (AE) 2023/1781. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh Eorpach um Shliseanna) (IO L 229, 18.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1781/oj).
30 [tagairt don tuarascáil mheastóireachta fhoilsithe le cur isteach]

dúshláin leanúnacha a chuireann teorainn lena héifeachtacht maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais thionsclaíocha agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn.

(3) Cé gur léiríodh go bhfuil an creat a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/1781 éifeachtach chun tacú leis an nuálaíocht agus le hacmhainneacht luathchéime, tá an t-aistriú ó fhorbairt theicneolaíoch go cur in úsáid tionsclaíoch ar mhórscála fós ag céim luath. Timthriallta fada infheistíochta, spleáchais struchtúracha i gcodanna criticiúla den slabhra luacha, agus srianta ar uas-scálú táirgeachta, leanann siad de dhifear a dhéanamh d’acmhainneacht an Aontais éiceachóras leathsheoltóra athléimneach iomaíoch a bhaint amach.

(4) Ina theannta sin, léiríodh sa mheastóireacht go gcuireann infhaighteacht theoranta caipitil phríobháidigh, go háirithe le haghaidh maoiniú ag céim níos déanaí, agus gnéithe struchtúracha de mhargaí airgeadais srian ar fhás agus ar scálú ghnóthais leathsheoltóra an Aontais. An tráth céanna, le hilroinnt an éilimh ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha, scála teoranta an mhargaidh, agus comhordú neamhleor i measc ceannaitheoirí, laghdaítear inmharthanacht tráchtála na n-infheistíochtaí monaraíochta agus tá an baol ann go mbainfear tearcúsáid as acmhainneachtaí atá ag teacht chun cinn.

(5) Thairis sin, tá earnáil na leathsheoltóirí tagtha chun bheith ina bunchloch de chobhsaíocht eacnamaíoch, ceannasacht theicneolaíoch agus slándáil an Aontais. Le comhtháthú luathaithe na n-ardteicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe an intleacht shaorga (IS), tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh domhanda ar leathsheoltóirí, agus an tráth céanna tá dlús á chur leis an iomaíocht ar fud na margaí idirnáisiúnta. Leis na forbairtí sin, nochtadh leochaileachtaí struchtúracha i slabhraí soláthair leathsheoltóra an Aontais, lena n-áirítear spleáchais ar sholáthróirí seachtracha teoranta, acmhainneacht táirgeachta intíre neamhleor, agus ilroinnt ar fud na mBallstát.

(6) Mar thoradh ar shuntasacht mhéadaitheach na bhfeidhmchlár intleachta saorga, go háirithe, tá borradh tagtha ar an éileamh ar shliseanna an-speisialaithe, amhail leathsheoltóirí ardloighce agus cuimhne, atá ríthábhachtach chun oiliúint a chur ar shamhlacha casta intleachta saorga agus chun iad a chur in úsáid. Meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh, rud a mhéadóidh na míchothromaíochtaí atá ann cheana idir an soláthar agus an t-éileamh agus a chuirfidh brú breise ar shlabhraí soláthair domhanda atá leochaileach cheana féin. An tráth céanna, chuir teannas geopholaitiúil, srianta ar onnmhairiú, agus suaitheadh a bhaineann le géarchéimeanna domhanda béim bhreise ar na rioscaí a bhaineann le spleáchas iomarcach ar mhonarú tríú tíortha agus le héagsúlú teoranta.

(7) I bhfianaise na bhforbairtí sin, is gá an creat a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/1781 a threisiú agus a chomhlánú chun tacú leis an aistriú ón nuálaíocht go scála tionsclaíoch, chun athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch a fheabhsú, agus chun feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1781 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina hionad.

(8) Ós rud é go ndéantar an creat a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/1781 a threisiú agus a chomhlánú leis an Rialachán seo gan a chuspóirí bunúsacha a athrú, níl aon athrú ar na bunúis dlí atá mar bhonn taca leis an gcreat sin.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith bunaithe ar Airteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) freisin chun go mbeidh an tAontas in ann bearta a dhéanamh chun acmhainneacht a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh agus chun a éiceachóras leathsheoltóra a neartú. Níor cheart comhchuibhiú

na ndlíthe náisiúnta ná na rialachán náisiúnta a bheith ag baint leis na bearta sin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Aontas iomaíochas agus athléimneacht an bhoinn theicneolaíoch agus thionsclaíoch leathsheoltóra a threisiú, agus an tráth céanna acmhainneacht nuálaíochta a éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar fud an Aontais, an spleáchas ar líon teoranta gnóthas agus limistéir gheografacha tríú tír a laghdú, agus a acmhainneacht leathsheoltóirí ardfhorbartha a dhearadh, a tháirgeadh, a phacáistiú, a athúsáid agus a athchúrsáil a neartú. Leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' a bunaíodh den chéad uair le Rialachán (AE) 2023/1781, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do na haidhmeanna sin faoin Rialachán seo trí dhlús breise a chur leis na hiarrachtaí thar an mbearna idir ardchumais taighde agus nuálaíochta an Aontais agus a saothrú tionsclaíoch inbhuanaithe a dhúnadh, agus trína áirithiú go ndéanfar na cumais sin a aistriú go héifeachtach go táirgeadh ar scála tionsclaíoch agus go cur in úsáid ar an margadh laistigh den Aontas. Leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', ba cheart leanúint d'fhothú acmhainneachta a chur chun cinn chun dearadh, táirgeadh agus comhtháthú córas a éascú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile, agus ba cheart leanúint de thacú leis an gcomhar idir príomhghníomhaithe ar fud an Aontais, rud a neartódh slabhraí soláthair agus luacha leathsheoltóra an Aontais, a fhreastalódh ar phríomhearnálacha tionsclaíocha agus a chruthódh margaí nua.

(10) Ina theannta sin, agus chun feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart go rannchuideodh an Rialachán seo le creat comhleanúnach de chuid an Aontais a bhunú lena ndéantar coinníollacha agus sásraí comhordúcháin áirithe a chomhfhogasú, i gcomhréir le hAirteagal 114 CFAE. Tá gá le creat den sórt sin chun bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosc, chun ilroinnt a laghdú agus chun freagairt chomhsheasmhach agus éifeachtach ar rioscaí sa slabhra soláthair a áirithiú, agus fanacht comhsheasmhach le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta ag an am céanna. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe agus é á chur san áireamh gur teicneolaíocht bhunúsach iad leathsheoltóirí atá mar bhonn taca faoi raon leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus bonneagar criticiúil ar fud an Aontais. I gcomhthéacs teannas geopholaitiúil méadaithe, iomaíocht dhomhanda straitéiseach agus breithnithe slándála eacnamaíche atá ag dul i méid, tá an t-éiceachóras leathsheoltóra ina phríomhthoisc anois do chobhsaíocht agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Saintréith den earnáil leathsheoltóra is ea idirthuilleamaíochtaí casta trasteorann ar fud an tslabhra luacha, agus gníomhaíochtaí an-speisialaithe dírithe ar limistéir gheografacha éagsúla, agus tá tionscail úsáideoirí iartheachtacha scaipthe go forleathan ar fud an Aontais. Ciallaíonn na saintréithe sin gur dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha trasteorann ag suaitheadh, srianta nó saobhadh a dhéanann difear do shlabhraí soláthair leathsheoltóra agus go mbeidh tionchar acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. D'fhéadfadh bearta náisiúnta éagsúla atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar rioscaí den sórt sin ilroinnt a chruthú, iomaíocht a shaobhadh agus an bonn a bhaint den chothroime iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach, go háirithe i bhfianaise chineál comhtháite na ngréasán táirgthe agus dáileacháin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí maidir le hathléimneacht, slándáil agus feidhmiú cuí slabhraí soláthair leathsheoltóra a áirithiú laistigh den Aontas a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ach is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí trasteorann.

(11) Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghnóthú na gcuspóirí sin, chun cur chun feidhme rianúil, éifeachtach agus

comhchuibhithe an Rialacháin seo, comhar agus malartú faisnéise a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha, lena n-áirítear cur chun feidhme comhsheasmhach an Rialacháin seo, rud a d'éascódh comhar idir na Ballstáit agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a chur ar an gCoimisiún freisin maidir le comhar idirnáisiúnta a bhaineann le leathsheoltóirí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí agus maidir le cúraimí bailithe faisnéise. D'fhéadfadh foghrúpaí éagsúla a bheith i gceist le cruinnithe.

(12) I bhfianaise chineál domhandaithe an tslabhra soláthair leathsheoltóra, is gné thábhachtach é an comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha chun athléimneacht in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a bhaint amach. Leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin Rialachán seo, ba cheart a chur ar chumas an Aontais ról níos láidre a bheith aige freisin, mar ionad barr feabhais, in éiceachóras domhanda idirspleách leathsheoltóra a fheidhmíonn níos fearr. I gcás inarb ábhartha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thuairimí na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Leathsheoltóirí[31], a ghlacann chuici féin oibríochtaí na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra, agus ar thuairimí páirtithe leasmhara eile. I gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta, d'fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear trí bhíthin taidhleoireachta, le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta a bhfuil buntáistí acu sa thionscal leathsheoltóra, d'fhonn réitigh a lorg chun slándáil an tsoláthair a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóra amach anseo, mar shampla iad sin a eascraíonn as srianta ar onnmhairiú tríú tír, chun infhaighteacht amhábhar agus táirgí idirmheánacha a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-iarrachtaí idirnáisiúnta a chomhordú, go háirithe le tacaíocht ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. D'fhéadfadh comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, comhaontuithe infheistíochta agus trádála a thabhairt i gcrích, nó iarrachtaí taidhleoireachta eile nó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí.

(13) Chun bonneagar criticiúil, slándáil, bonn tionsclaíoch agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú, tá gá le rochtain shlán iontaofa ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus príomhshrutha araon, lena n-áirítear próiseálaithe, cuimhne, analógach, cumhacht, braiteoir, radaimhinicíocht agus sliseanna nascachta, atá fíor-riachtanach chun féachaint chuige go seasfaidh earnálacha straitéiseacha an aimsir, amhail fuinneamh, cosaint, gluaisteáin, eitlíocht, teileachumarsáid, cúram sláinte, néalríomhaireacht agus uathoibriú tionsclaíoch. Tá cumais láidre ag an Aontas thar raon leathan nód aibí, lena n-áirítear sliseanna de ghrád gluaisteáin, atá cumhachtéifeachtúil agus slán, agus ba cheart dó leanúint dá iomaíochas, dá athléimneacht agus dá uathriail straitéiseach a threisiú ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra.

(14) Tá ceanglais shuntasacha infheistíochta i gceist leis an tionscal leathsheoltóirí, maidir le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta araon agus maidir le saoráidí ceannródaíocha a thógáil atá tiomnaithe do thástáil agus do bhailíochtú chun tacú le táirgeadh ar scála tionsclaíoch. Bíonn tionchar díreach ag na saintréithe dianchostais sin ar acmhainneacht an Aontais dul san iomaíocht agus nuáil a dhéanamh, agus déanann siad difear do shlándáil an tsoláthair agus d'athléimneacht fhoriomlán a

31 Téarmaí Tagartha – https://ec.europa.eu/newsroom/dae/redirection/document/78326

éiceachórais leathsheoltóirí. An tráth céanna, braitheann iomaíochas agus athléimneacht an Aontais ar infhaighteacht agus ar fhorbairt leanúnach teicneolaíochtaí leathsheoltóra príomhshrutha agus aibí, lena n-áirítear sliseanna analógacha, cumhachta, braiteora, nascachta, de ghrád gluaisteáin agus de ghrád aerloingseoireachta, atá fós fíor-riachtanach ar fud slabhraí luacha tionsclaíocha straitéiseacha agus bonneagair chriticiúla. I gcomhthéacs reatha na hiomaíochta domhanda méadaithe, an teannais gheopholaitiúil, agus leochaileachtaí struchtúracha sa slabhra soláthair, tá leathsheoltóirí ina sócmhainn straitéiseach atá mar bhonn taca faoi shlándáil eacnamaíoch, ceannaireacht theicneolaíoch agus athléimneacht thionsclaíoch an Aontais. I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó ghanntanais a bhí ann roimhe seo agus ó shuaitheadh sa slabhra soláthair san Aontas agus ar fud an domhain, chomh maith le srianta ar onnmhairiú nó gníomhaíochtaí rialála tríú tíortha agus éabhlóid thapa na ndúshlán teicneolaíochta agus na dtimthriallta nuálaíochta a dhéanann difear don slabhra luacha leathsheoltóra, is gá na láidreachtaí atá ag an Aontas cheana a threisiú, lena n-áirítear a sheasamh ceannasach i roinnt deighleog leathsheoltóra príomhshrutha, agus ar an gcaoi sin glacadh sa mhargadh, iomaíochas, athléimneacht, acmhainneacht taighde agus nuálaíochta a mhéadú tríd an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip’ a threisiú a thuilleadh.

(15) Ba cheart a chur san áireamh sa Tionscnamh feabhsaithe ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ an taithí a fuarthas cheana trí chur chun feidhme an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip’ chun leanúint de agus é a threisiú d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha atá fós ann agus chun freagairt do riachtanais straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Go háirithe, is gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh cur in úsáid tionsclaíoch, uas-scálú agus táirgeadh ar scála tráchtála laistigh den Aontas mar thoradh éifeachtach ar ardchumais taighde agus nuálaíochta an Aontais.

(16) Is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bonn láidir tionsclaíoch, iomaíoch, inbhuanaithe agus nuálach a chothú san Aontas. Mar sin féin, mar gheall ar chineál agus scála na ndúshlán taighde agus nuálaíochta i réimse na leathsheoltóirí, ní mór gníomhú go comhoibríoch ar leibhéal an Aontais. Chun na hacmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta teicneolaíochta leathsheoltóra is gá a thabhairt don Aontas chun ról ceannasach a chuid infheistíochtaí taighde agus tionsclaíocha a choinneáil ar thús cadhnaíochta agus chun tógáil ar an taithí a fuarthas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip’, is gá na hacmhainneachtaí sin a neartú agus a leathnú a thuilleadh chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid, a mhéadú agus a tháirgeadh go tionsclaíoch agus go héifeachtach ar scála tráchtála laistigh den Aontas. Chuige sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí a chomhordú agus comhinfheistíocht a dhéanamh.

(17) I bhfianaise an mhéadaithe ar an iomaíocht dhomhanda, an teannais gheopholaitiúil, agus an riosca go mbeidh suaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as bearta rialála arna nglacadh ag tríú tíortha a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don rochtain ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra criticiúla agus ar ionchuir ghaolmhara, is tosaíocht straitéiseach d’iomaíochas, slándáil eacnamaíoch agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais é acmhainneacht an Aontais teicneolaíochtaí den sórt sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur in úsáid laistigh dá chríoch a threisiú, mar a cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil ó Mario Draghi dar teideal ‘The future of European competitiveness’ [Todhchaí iomaíochas na hEorpa]. Mar gheall ar na dúshláin sin in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, is gá acmhainneacht mhórscála a bhaint amach agus teastaíonn iarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit, agus an tAontas ag tacú le hacmhainneacht mhórscála a fhorbairt agus a chur chun úsáide ar fud an

tslabhra luacha iomláin nuálaíochta agus thionsclaíoch, lena n-áirítear línte píolótacha, méadú monaraíochta, agus cur chun úsáide tráchtála, agus ar an gcaoi sin aistriú éifeachtach barr feabhais taighde go ceannaireacht thionsclaíoch agus acmhainneacht táirgeachta inbhuanaithe laistigh den Aontas a áirithiú.

(18) De réir na conclúide ar thángthas uirthi sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) 2023/1781, na hionstraimí a cuireadh i bhfeidhm leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, is iad sin an t-ardán dearthóireachta, línte píolótacha, treoirthionscadail maidir le sliseanna candamacha, agus scaipeadh eolais, Acadamh Scileanna Sliseanna an Aontais faoi na Comhghuaillíochtaí um Chomhar Earnála maidir le Scileanna agus an Comhshocrú um Scileanna, agus inniúlachtaí ar mhaithe leis an éiceachóras leathsheoltóra ina iomláine, tá siad oiriúnach don fheidhm agus ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt dóibh faoin Rialachán seo. Ba cheart do na hiarrachtaí sin rannchuidiú freisin le cuspóir níos leithne an Aontais a iomaíochas fadtéarmach, a acmhainneacht nuálaíochta agus a bhonn tionsclaíoch a neartú, lena n-áirítear trí shineirgí le cláir de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo lena dtacófar le taighde agus nuálaíocht agus le himscaradh tionsclaíoch, amhail an[32] clár réime a thiocfaidh i gcomharbacht ar Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] (Fís Eorpach) (FP10), agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas atá beartaithe[34], agus ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí leathsheoltóra mar chumasóirí cumhachtacha a phríomhshruthú agus a uasmhéadú a mhéid is féidir, mar shampla, le haghaidh an aistrithe inbhuanaitheachta a bhféadfadh táirgí nua agus úsáid níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos glaine agus níos marthanaí acmhainní a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear fuinneamh agus ábhair is gá chun leathsheoltóirí a tháirgeadh agus a úsáid ar feadh shaolré iomlán.

(19) Chun a chuspóir ginearálta a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin soláthair agus éilimh an éiceachórais leathsheoltóra atá ann faoi láthair, agus ag tógáil ar an taithí a fuarthas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1781, lenar léiríodh an gá leanúnach atá le hacmhainneacht an Aontais a neartú, ní hamháin sa taighde agus sa nuálaíocht ach in imscaradh tionsclaíoch agus uas-scálú monaraíochta freisin, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leanúint de thacaíocht a thabhairt do na cúig chuspóir oibríochtúla a cuireadh i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) 2023/1781 agus iad a fheabhsú a thuilleadh. Ba cheart dó freisin cuspóir oibríochtúil nua a thabhairt isteach arb é is aidhm dó cumais an Aontais i dteicneolaíochtaí fótónaice a neartú agus tacú le 'mórdhúshláin' mar ionstraimí chun tacú le tionscnaimh trasearnála ar mhórscála lena dtugtar aghaidh ar mhórdhúshláin theicneolaíocha agus thionsclaíocha atá ábhartha go

---

32 Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695

33 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

34 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach]

straitéiseach don Aontas. Ba cheart leanúint de chur chun feidhme príomha an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a chur de chúram ar an gComhghnóthas um Shliseanna agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcomhghnóthas nó ar aon eintiteas nó tionscnamh comhchosúil eile a thiocfaidh i gcomharbas air arna bhunú le dlí an Aontais faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin.

(20) Ar an gcéad dul síos, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' acmhainneacht deartha an Aontais a threisiú. Chuige sin, ba cheart dó leanúint de thacaíocht a thabhairt don ardán dearthóireachta fíorúil a bunaíodh faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' chun pobail na dtithe dearthóireachta, na ngnólachtaí nuathionscanta, na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus na soláthraithe maoine intleachtúla agus uirlisí agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a nascadh chun réitigh fréamhshamhla fíorúla a sholáthar bunaithe ar chomhfhorbairt na teicneolaíochta, agus chun an t-aistriú ó dhearadh go táirgeadh tionsclaíoch agus cur in úsáid tráchtála laistigh den Aontas a éascú.

(21) Ar an dara dul síos, chun bonn a chur faoi shlándáil an tsoláthair agus éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leanúint de thacú le feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus le hardlínte píolótacha nua a fhorbairt agus a imscaradh chun forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúine eile a chumasú. Ba cheart do na línte píolótacha saoráid a sholáthar don tionscal chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra chomh maith le coincheapa deartha córais a thástáil, turgnamh a dhéanamh orthu agus iad a bhailíochtú, agus tionchair ar an gcomhshaol á laghdú a mhéid is féidir ag an am céanna, chun dlús a chur lena n-aistriú chuig monaraíocht leathsheoltóirí ar scála tionsclaíoch laistigh den Aontas. Tá gá fós le hinfheistíochtaí ón Aontas, in éineacht leis na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach, i línte píolótacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha leanúnacha agus ar theipeanna margaidh, lena n-áirítear infhaighteacht neamhleor acmhainneachtaí tástála, bailíochtaithe agus méadaithe monaraíochta leathsheoltóra ar scála tionsclaíoch san Aontas, rud a leanann de bhac a chur ar nuálaíocht, ar chur in úsáid tionsclaíoch agus ar iomaíochas domhanda.

(22) Ar an tríú dul síos, chun dlús a chur le forbairt nuálach sliseanna candamacha agus teicneolaíochtaí gaolmhara leathsheoltóra, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ábhar leathsheoltóra nó atá comhtháite le fótónaic, lena gcuidítear le forbairt na hearnála leathsheoltóra, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' tacú le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le leabharlanna dearthóireachta le haghaidh sliseanna candamacha, línte píolótacha chun sliseanna candamacha a thógáil agus saoráidí le haghaidh tástáil agus bailíochtú sliseanna candamacha arna dtáirgeadh ag na línte píolótacha d'fhonn a n-imscaradh tionsclaíoch a chumasú agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ag teacht chun cinn a neartú.

(23) Ar an gceathrú dul síos, chun úsáid na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a chur chun cinn, chun rochtain a sholáthar ar shaoráidí dearthóireachta agus línte píolótacha, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna ar fud an Aontais, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leanúint de dheis a thabhairt do na Ballstáit tacú le ar a laghad lárionad inniúlachta amháin maidir le leathsheoltóirí i ngach Ballstát, trí na lárionaid atá ann cheana a fheabhsú nó trí shaoráidí nua a chruthú.

(24) Ar an gcúigiú dul síos, is príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin iad an fhótónaic agus ciorcaid iomlánaithe fótónaice le haghaidh raon leathan earnálacha straitéiseacha, lena

n-áirítear teileachumarsáid, lárionaid sonraí, intleacht shaorga, brath, cúram sláinte, mótarfheithiclí, aerloingseoireacht agus teicneolaíochtaí candamacha. Cumasaíonn siad tarchur sonraí ardluais, próiseáil atá tíosach ar fhuinneamh, agus ardchumais bhraite, agus dá bhrí sin tá siad ríthábhachtach do cheannaireacht theicneolaíoch, iomaíochas agus slándáil soláthair an Aontais. Tá cumais láidre taighde agus nuálaíochta bunaithe ag an Aontas agus tá poist cheannaireachta aige i roinnt deighleoga den slabhra luacha fótónaice. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun acmhainneacht an Aontais a neartú maidir le ciorcaid iomlánaithe fótónaice agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra gaolmhara fótónacha a dhearadh, a fhréamhshamhaltú, a thionsclú agus a mhonarú ar scála. Chun forbairt teicneolaíochta i bhfótónaic agus i gciorcaid iomlánaithe fótónaice a chur chun cinn, is gá, dá bhrí sin, tacú le leabharlanna dearthóireachta agus uirlisí dearthóireachta a fhorbairt, teicneolaíochtaí táirgthe agus ardáin ábhair a neartú, agus línte píolótacha agus saoráidí monaraíochta rochtana oscailte a threisiú ar fud ardáin ábhair iomadúla. Leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart fréamhshamhaltú, tástáil, bailíochtú agus glacadh tionsclaíoch a éascú, lena n-áirítear trí ardteicneolaíochtaí comhtháthaithe agus pacáistithe, agus ba cheart rannchuidiú le héiceachóras fótónaice an Aontais a neartú, lena cheannasacht theicneolaíoch a fheabhsú, agus dlús a chur le cur in úsáid tionsclaíoch teicneolaíochtaí fótónaice nuálacha ar fud an Aontais.

(25) Ar an séú dul síos, ba cheart don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt don 'Chiste um Shliseanna', is é sin le rá, saoráid thiomnaithe infheistíochta leathsheoltóra atá ceaptha chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú trí thacú le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, agus FBManna a mholann réitigh chothromais agus fiachais araon, lena n-áirítear saoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523[35] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus, más infheidhme, aon scéim infheistíochta ábhartha eile faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, i ndlúthchomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus in éineacht le comhpháirtithe cur chun feidhme eile amhail bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh. Ba cheart do ghníomhaíochtaí de chuid an Chiste um Shliseanna tacú le héiceachóras leathsheoltóra dinimiciúil athléimneach a fhorbairt trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh infhaighteacht mhéadaithe chun tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna chomh maith le hinfheistíochtaí ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóirí, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh cuideachtaí eile sa slabhra luacha leathsheoltóra. I ndáil leis an méid sin, ba cheart tacaíocht agus treoir shoiléir a chur ar fáil, go háirithe, do FBManna, agus é mar aidhm leis sin cabhrú leo sa phróiseas iarratais. Sa chomhthéacs sin, trí dheontais agus infheistíochtaí cothromais, táthar ag súil go gcuirfidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach tacaíocht bhreise thiomnaithe ar fáil do nuálaithe ardriosca a chruthaíonn margadh.

(26) Chun ceannaireacht theicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch an Aontais i leathsheoltóirí a neartú a thuilleadh, is iomchuí coincheap na 'mórdhúshlán' a thabhairt isteach mar chuid den Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0.' Leis na mórdhúshláin sin, ba cheart díriú ar fhorbairt, comhtháthú agus cur in úsáid tionsclaíoch leathsheoltóirí criticiúla a bhfuil gealladh fúthu agus teicneolaíochtaí gaolmhara atá ríthábhachtach don Aontas. Ba cheart do mhórdhúshláin tacú le gníomhaíochtaí ardtaighde agus forbartha arb é is aidhm dóibh an chéad ghlúin eile de

35 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

theicneolaíochtaí leathsheoltóra a chumasú, lena n-áirítear iad siúd atá mar bhonn taca leis an intleacht shaorga, an néalríomhaireacht, lárionaid sonraí agus bonneagair imeall-ríomhaireachta, agus béim ar leith á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, acmhainneachtaí i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha a dhaingniú agus láidreachtaí monaraíochta an Aontais a threisiú. Ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt freisin ar phríomhbhloic theicneolaíocha, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le mionadúchán, éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht, comhtháthú ilchineálach, slándáil, iontaofacht agus seasmhacht. Chun a dtionchar a uasmhéadú, ba cheart do mhórdhúshláin rannchuidiú leis an éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar fud an Aontais trí chomhar a chothú feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra, lena n-áirítear le hearnálacha ingearacha ábhartha. Go háirithe, ba cheart dóibh tacú le comhar struchtúrtha idir forbróirí leathsheoltóra agus tionscail úsáideoirí, d'fhonn buntáiste iomaíoch a bhaint amach i bhfeidhmeanna atá ríthábhachtach do cheannasacht theicneolaíoch agus do bhonn tionsclaíoch an Aontais. Ar deireadh, le mórdhúshláin ba cheart comhtháthú agus ailíniú na n-iarrachtaí ar fud na mbonneagar atá ann cheana a áirithiú tuilleadh, lena n-áirítear línte píolótacha, agus a dtreoshuíomh i dtreo úsáid thionsclaíoch a chur chun cinn. Ba cheart dóibh aistriú, aibiú agus glacadh teicneolaíochtaí arna bhforbairt faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a éascú, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a bhaineann le fréamhshamhaltú, tástáil, bailíochtú, taisealbhadh, cur in úsáid tionsclaíoch tosaigh agus comhtháthú i dtimpeallachtaí táirgthe.

(27) Ba cheart do lárionaid inniúlachta rannchuidiú leis an Aontas a choinneáil ar thús cadhnaíochta maidir le cumais taighde, forbartha agus nuálaíochta agus deartha sliseanna. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach poitéinseal agus scileanna daonna a chur chun cinn trí oideachas in ábhair eolaíochta, theicneolaíochta, innealtóireachta agus mhatamaitice go dtí an leibhéal iardhochtúireachta. Go háirithe, ba cheart lárionaid inniúlachta seirbhísí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara san earnáil leathsheoltóra, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna. I measc na samplaí a bheadh ann de seo tá rochtain ar línte píolótacha agus ar an ardán dearthóireachta fíorúil a éascú, oiliúint agus forbairt scileanna a chur ar fáil, tacaíocht a thabhairt chun infheisteoirí a aimsiú, úsáid a bhaint as inniúlachtaí áitiúla atá ann cheana nó teagmháil a dhéanamh leis na ceartingearacha ábhartha. Ba cheart na seirbhísí a sholáthar ar bhonn oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart do gach ionad inniúlachta nascadh le agus bheith páirteach i Líonra Eorpach na lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí agus feidhmiú mar phointe rochtana ar nóid eile an líonra. I ndáil leis sin, ba cheart uasmhéadú a dhéanamh ar shineirgí le struchtúir chomhchosúla atá ann cheana, amhail Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha arna mbunú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36]. Mar shampla, d'fhéadfadh na Ballstáit an Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach atá ann cheana agus é dírithe ar leathsheoltóirí a ainmniú mar lárionad inniúlachta chun críocha an Rialacháin seo, ar choinníoll nach sáraítear an toirmeasc ar mhaoiniú dúbailte.

(28) Chun rochtain ar shaineolas teicniúil a éascú agus chun scaipeadh eolais ar fud an Aontais a áirithiú, chomh maith le tacaíocht do thionscnaimh scileanna éagsúla, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do líonra na lárionad inniúlachta a bunaíodh faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' faoin Tionscnamh 'Sliseanna don

[36] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj).

Eoraip'. Chuige sin, ba cheart don Chomhghnóthas um Shliseanna a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2085[37] ón gComhairle an nós imeachta a bhunú chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do lárionaid inniúlachta, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin, chomh maith le tuilleadh sonraí maidir le cur chun feidhme na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna dá dtagraítear sa Rialachán seo. Is é an Comhghnóthas um Shliseanna ba cheart na lárionaid inniúlachta a roghnú lena gcomhdhéanfar an líonra agus ba cheart uathriail shubstaintiúil fhoriomlán a bheith ag na lárionaid sin chun a n-eagrúchán, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre a leagan síos. Mar sin féin, lena n-eagar, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre ba cheart cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh, agus ba cheart dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí sin.

(29) Tá obair a bhaineann le scileanna agus oideachas atá á déanamh ag an Aontas ríthábhachtach chun borradh breise a chur faoi éiceachóras leathsheoltóra an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart an Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM[38] agus a ghníomhaíochtaí a ghiaráil, agus ba cheart do thionscnaimh amhail an Comhshocrú um Scileanna[39], Acadaimh Scileanna[40], cláir staidéir Eorpacha chomhpháirteacha[41], an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna[42] agus Comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha[43] rannchuidiú le gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt don earnáil leathsheoltóra. Ar an gcaoi chéanna, chun tallann sheachtrach a mhealladh chuig an Aontas, ba cheart féachaint ar shineirgí le tionscnaimh lena n-éascaítear earcaíocht idirnáisiúnta amhail Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh[44].

(30) Ba cheart rochtain ar bhonneagar a chistítear go poiblí, amhail saoráidí píolótacha agus tástála, agus ar na lárionaid inniúlachta, a bheith oscailte do raon leathan úsáideoirí agus ba cheart an rochtain sin a dheonú ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar théarmaí margaidh (nó ar bhonn an chostais móide corrlach réasúnta) do ghnóthais mhóra, agus féadfaidh FBManna agus institiúidí acadúla tairbhe a bhaint as rochtain fhabhrach nó as praghsanna laghdaithe, rud a éascóidh rannpháirtíocht níos leithne i nuálaíocht leathsheoltóra agus a thacóidh le forbairt agus scaipeadh cumas tionsclaíoch ar fud an Aontais. Thairis sin, ba cheart na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', lena n-áirítear bonneagair theicneolaíochta, a bheith chun tairbhe na hearnála cosanta freisin, gan dochar do ghníomhaíochtaí breise chun táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a fhorbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2025/2643.

---

[37] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj).

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM: scileanna don iomaíochas agus don nuálaíocht'

[39] https://pact-for-skills.ec.europa.eu/index_ga

[40] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/new-digital-skills-academies-support-eus-technological-sovereignty-competitiveness-and-preparedness

[41] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Treoirphlean le haghaidh céim Eorpach'

[42] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/15892-Fair-labour-mobility-package-Skills-portability-1-digitalised-cross-border-portability-of-qualifications-and-skills_ga

[43] https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/european-universities-initiative/map

[44] Rialachán (AE) 2026/1047 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2026 lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

(31) Ní féidir rath an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a fhorbairt ach amháin ar iarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit agus ón Aontas chun tacú leis na costais shuntasacha chaipitil, chun infhaighteacht acmhainní le haghaidh dearadh fíorúil, tástáil agus píolótú, agus scaipeadh eolais, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú. I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise shainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, ba cheart tacú freisin le cuspóirí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', go háirithe le gníomhaíochtaí 'an Ciste um Shliseanna', trí shaoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU. Ba cheart tacaíocht ón Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a úsáid, ar bhealach comhréireach agus costéifeachtach, chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha a bhíonn ann mar thoradh ar ard-déine caipitil, ardriosca agus tírdhreach casta an éiceachórais leathsheoltóra agus níor cheart maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh leis na gníomhaíochtaí. Ba cheart breisluach soiléir ar fud an Aontais a bheith ag na gníomhaíochtaí.

(32) Thairis sin, ba cheart don Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leanúint de bheith ag tógáil ar an mbonn láidir eolais agus feabhas a chur ar shineirgí le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair trí chláir agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le leathsheoltóirí agus maidir le forbairtí ar chuid den slabhra luacha, go háirithe Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus é mar aidhm leis an tAontas a threisiú mar ghníomhaí domhanda i dteicneolaíocht leathsheoltóra agus a feidhmchláir, a bhfuil a sciar domhanda den mhonaraíocht ag dul i méid, i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach'[45]. Ina theannta sin, meastar go slógfar infheistíochtaí príobháideacha chun cistiú an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a chomhlánú chun rannchuidiú lena chuspóirí a bhaint amach. Agus na gníomhaíochtaí sin á gcomhlánú, d'oibreodh an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear leis an gComhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí.

(33) Tá Taighde agus Forbairt (T&F) laistigh den Aontas níos neamhchosanta ar chleachtais darb aidhm faisnéis rúnda, rún trádála, agus sonraí cosanta a chúbláil, mar shampla goid maoine intleachtúla, aistrithe éigeantacha teicneolaíochta agus spiaireacht eacnamaíoch. Chun drochthionchair ar leasanna an Aontais agus ar chuspóirí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a chosc, is gá cur chuige a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar rochtain ar fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó ar thorthaí íogaire agus a n-úsáid, lena n-áirítear sonraí agus fios gnó, slándáil agus aistriú úinéireachta torthaí chomh maith le hinneachar atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla a ghintear i ndáil le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leo nó mar thoradh orthu. Chun an chosaint sin a áirithiú, aon ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' agus a chistítear le Clár Fís Eorpach agus leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, chomh maith leis na cláracha a thiocfaidh ina ndiaidh faoin gCreat Airgeadais Illbhliantúil, ba cheart dóibh forálacha ábhartha na gClár sin a leanúint, mar shampla maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár, comhaontuithe deontais, úinéireacht agus cosaint, slándáil, saothrú agus scaipeadh, aistriú agus ceadúnú agus cearta rochtana. Is féidir forálacha sonracha a leagan síos agus na cláir sin á gcur chun feidhme, go háirithe

---

[45] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach, COM(2021) 118 final, 9 Márta 2021.

maidir le teorainneacha ar aistrithe agus ceadúnú i gcomhréir le hAirteagal 40(4) de Rialachán (AE) 2021/695, agus teorainn le rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe nó i dtríú tíortha eile mar gheall ar chúiseanna bunaithe ar shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais agus a Bhallstát, i gcomhréir le hAirteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/695 agus le hAirteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2021/694. Ina theannta sin, ba cheart láimhseáil faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, slándáil, rúndacht, cosaint rún trádála agus cearta maoine intleachtúla a rialú le dlí an Aontais, lena n-áirítear Treoracha (AE) 2004/48/CE agus (AE) 2016/943[46] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus leis an dlí náisiúnta. Is féidir leis an gCoimisiún agus na Ballstáit aistrithe teicneolaíochta a chosaint ar chúiseanna a bhaineann le leasanna slándála an Aontais agus náisiúnta maidir le hinfheistíochtaí a dhéantar i saoráidí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(34) Chun glacadh leathsheoltóirí arna ndearadh san Aontas, arna monarú san Aontas, nó iad araon, a neartú ar fud slabhraí luacha tionsclaíocha, is gá naisc níos dlúithe a chur chun cinn idir soláthar leathsheoltóirí agus éileamh tionsclaíoch iartheachtach, agus leanúint de bheith comhsheasmhach le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus rialacha iomaíochta an Aontais. Go háirithe, le comhordú feabhsaithe idir soláthraithe agus úsáideoirí teicneolaíochta leathsheoltóra, ba cheart sainaithint an éilimh chomhiomláin, forbairt ceanglas teicniúil coiteann, agus forbairt réiteach atá saincheaptha do riachtanais thionsclaíocha an Aontais a éascú. Tá comhordú den sórt sin ábhartha go háirithe i bpríomhearnálacha amhail an néalríomhaireacht, gluaisteáin, an aerloingseoireacht, an teileachumarsáid, an chosaint agus an róbataic, a bhfuil ceanglais ardfheidhmíochta, slándála, iontaofachta agus éifeachtúlachta fuinnimh mar shaintréith acu, agus i gcás inar teicneolaíocht chumasúcháin chriticiúil iad leathsheoltóirí don nuálaíocht, don chlaochlú digiteach agus don uathriail straitéiseach. Sna hearnálacha sin, le luath-rannpháirtíocht úsáideoirí sa chéim deartha agus forbartha, is féidir an t-am go dtí an margadh a laghdú go suntasach, comhtháthú córas a fheabhsú, agus a áirithiú go mbeidh réitigh leathsheoltóra oiriúnach don fheidhm agus go mbeidh siad ailínithe le caighdeáin thionsclaíocha agus srianta oibríochtúla atá ag teacht chun cinn. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, na coinníollacha is gá a chur i bhfeidhm don Chomhghuaillíocht um Leathsheoltóirí chun meaitseáil thionsclaíoch, gníomhaíochtaí comhdheartha agus tionscnaimh chomhoibríocha a éascú, lena n-áirítear trí fhóram éilimh, d’fhonn an bhearna idir soláthar agus éileamh a dhúnadh, éiceachórais nuálaíochta a chothú agus dlús a chur le húsáid réiteach atá bunaithe ar leathsheoltóirí laistigh den Aontas, i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais agus ar bhealach atá comhsheasmhach le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. I gcás leathsheoltóirí a úsáidtear in earnálacha na cosanta agus an spáis, atá an-speisialaithe agus nach mór dóibh oibriú go hiontaofa i dtimpeallachtaí foircneacha naimhdeacha, ba cheart don Choimisiún leanúint de na gníomhaíochtaí a chomhordú laistigh d’Fhaireachlann an Aontais Eorpaigh um Theicneolaíochtaí Criticiúla don spás agus don chosaint.

(35) In earnáil an spáis agus na cosanta, leanfar de ghníomhaíochtaí atá dírithe ar bhearnaí, leochaileachtaí agus riachtanais a shainaithint laistigh d’Fhaireachlann an Aontais um Theicneolaíochtaí Criticiúla atá bunaithe cheana féin. Beidh treochláir teicneolaíochta

[46] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint a chosaint ar fháil, ar úsáid agus ar nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

shonracha de chuid an Aontais maidir leis an spás agus leis an gcosaint, lena n-áirítear leathsheoltóirí, lena bhfreagrófar d'Fhaireachlann an Aontais um Theicneolaíochtaí Criticiúla agus lena gcumhdófar taighde, nuálaíocht agus tionsclaíocht, mar bhonn eolais do chlár oibre an Aontais maidir le gníomhaíochtaí forbartha spáis agus cosanta.

(36) Leis an bhfóram éilimh, ba cheart ceannaitheoirí ionchasacha teicneolaíochtaí leathsheoltóra a bheith in ann a riachtanais agus na sonraíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a chur in iúl ó thaobh comhiomlánaithe nó uile-thionscail de, agus é á chur ar a gcumas an tráth céanna do thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a gcumais theicneolaíocha agus na réitigh atá beartaithe a chur i láthair. Le bearta luasaire éilimh, ba cheart ardáin chomhoibríocha, treoirthionscadail agus comhpháirtíochtaí deartha a éascú, rud a chumasódh luathbhailíochtú agus imscaradh réiteach leathsheoltóra nuálach laistigh den Aontas. Is féidir leo rannchuidiú freisin le fás éiceachóras nuálach agus teacht chun cinn príomh-mhargaí i bpríomhearnálacha a éascú, agus ar an gcaoi sin iomaíochas tionsclaíoch agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a fheabhsú. Na gníomhaíochtaí uile a dhéantar faoin bhfóram éilimh agus faoi bhearta an luasaire éilimh, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le dlí iomaíochta an Aontais agus le forálacha ábhartha eile de dhlí an Aontais, lena n-áiritheofar nach mbeidh saobhadh iomaíochta ná malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de mar thoradh ar an gcomhar idir gnóthais.

(37) Chun cur in úsáid forleathan córas lena gcomhtháthaítear ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra laistigh den Aontas a chothú, is gá tacú le gníomhaíochtaí spriocdhírithe lena bhfeabhsaítear comhar agus nuálaíocht. Go háirithe, trí chruthú socruithe soláthair chomhpháirtigh trasteorann idir údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha a éascú, is féidir cuidiú leis an éileamh comhiomlán, ilroinnt an mhargaidh a laghdú, agus infheistíocht níos éifeachtúla a chumasú i gcórais chasta chostasacha atá bunaithe ar leathsheoltóirí. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach tacú le comhtháthú agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuálacha chun dlús a chur lena nglacadh i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear bonneagar digiteach, intleacht shaorga, agus feidhmeanna tionsclaíocha, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht theicneolaíoch agus iomaíochas an Aontais a neartú. Chun cur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú, ba cheart don Choimisiún treoir theicniúil agus dhlíthiúil a sholáthar d'údaráis chonarthacha. Leis an treoraíocht sin, ba cheart tacú le húdaráis chonarthacha slándáil an tsoláthair, an chibearshlándáil, an athléimneacht, an éifeachtúlacht fuinnimh, feidhmíocht saolré, trédhearcacht an tslabhra soláthair agus critéir bhreisluacha an Aontais a úsáid agus córais á soláthar acu lena gcomhtháthaítear dearadh agus réitigh leathsheoltóra nuálacha, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart dó soláthar réamhthráchtála, comhpháirtíochtaí nuálaíochta agus soláthar comhpháirteach nósanna imeachta a chur chun cinn atá in ann éileamh luath a chruthú ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra iontaofa a fhorbraítear, a tháirgtear nó an dá rud, san Aontas.

(38) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ba cheart a mheas go bhfuil tionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí agus tionscadail straitéiseacha chun leas an phobail. Bíonn sé tábhachtach freisin slándáil an tsoláthair leathsheoltóra a áirithiú i gcomhair an aistrithe dhigitigh lena gcumasaítear an t-aistriú glas in go leor earnálacha eile. Chun infheistíochtaí a mhealladh chuig earnáil leathsheoltóra an Aontais agus chun rannchuidiú le cinnteacht soláthair leathsheoltóra agus

athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, féadfaidh na Ballstáit bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear dreasachtaí, agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin i nósanna imeachta deonaithe ceadanna náisiúnta le haghaidh tionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí. I gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, féadfaidh Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a bheith mar chuid den tacaíocht, faoi réir fhorálacha na bpleananna sin. Ba cheart féidearthacht na tacaíochta ó na Ballstáit a bheith gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin i réimse na Státchabhrach faoi Airteagail 107 agus 108 CFAE, i gcás inarb ábhartha. Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha maidir leis an státchabhair i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtúil, sa teachtaireacht uaidh dar teideal 'an Gníomh Eorpach um Shliseanna'[47], d'aithin an Coimisiún cheana féin an gá atá le measúnú cás ar chás maidir le státchabhair a dheonaítear do shaoráidí táirgeachta leathsheoltóra d'fhonn cinnteacht soláthair agus athléimneacht shlabhra soláthair an Aontais a choimirciú agus, an tráth céanna, tionchair dhearfacha mhóra a ghiniúint don gheilleagar i gcoitinne. Thairis sin, ba cheart na nósanna imeachta i ndáil le haithint mar thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra agus maidir le húdarú Státchabhrach, i gcás inarb infheidhme, a dhéanamh i gcomhthráth chun dlús a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta. Ba cheart do na Ballstáit tacú le tionscnaimh Eorpacha maidir le teicneolaíocht leathsheoltóra a bhunú i gcomhréir le dlí an Aontais. Agus bearta tacaíochta á gcur ar fáil do thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar cheanglais neamh-idirdhealaitheach a bhunú a bhaineann le cosaint agus slándáil maoine intleachtúla, lena n-áirítear cibearshlándáil, agus rúndacht agus féadfaidh siad bearta maolaithe a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha a bhaineann leis an gcur isteach, le haistrithe éigeantacha teicneolaíochta, agus le goid maoine intleachtúla a dhéanann eintitis ó thríú tíortha.

(39) Chun bunú na gcumas dearthóireachta gaolmhar is gá a spreagadh, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, lena n-áirítear faoi chuimsiú Státchabhair le haghaidh taighde agus forbartha agus nuálaíochta[48] nó Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún[49].

(40) Chun bunú na n-acmhainneachtaí monaraíochta agus na n-acmhainneachtaí dearthóireachta gaolmhara is gá a spreagadh, agus ar an gcaoi sin slándáil an tsoláthair a áirithiú agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, d'fhéadfadh tacaíocht phoiblí a bheith iomchuí, ar choinníoll nach mbeidh saobhadh sa mhargadh inmheánach mar thoradh air sin. I ndáil leis sin, is gá coinníollacha áirithe a chomhchuibhiú d'oibreoirí chun tionscadail shonracha a dhéanamh ar leibhéal an Aontais lena rannchuidítear le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus lena mbunaítear creat chun tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a aithint.

(41) Ba cheart do thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra cumais 'cheannródaíocha' a chur ar fáil san Aontas agus rannchuidiú le fíor-riachtanas,

---

47 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Gníomh um Shliseanna don Eoraip, COM(2022) 45 final, 8 Feabhra 2022.

48 Teachtaireacht ón gCoimisiún – Creat do státchabhair le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta (C/2022/7388) (IO C 414, 28.10.2022, lch. 1).

49 Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj).

athléimneacht, rathúnas, iomaíochas agus slándáil soláthair éiceachóras leathsheoltóra an Aontais. Is é an fachtóir cáilitheach le gur féidir le tionscnamh stádas 'céaduaire' a bhaint amach go ndéantar eilimint nuálach a thabhairt isteach sa mhargadh inmheánach maidir leis na próisis mhonaraíochta nó maidir leis an táirge deiridh a d'fhéadfaí é a bhunú ar nóid teicneolaíochta nua nó ar nóid teicneolaíochta atá ann cheana, lena n-áirítear nóid aibí agus nóid úrscothacha. Tionscnamh lena soláthraítear nuálaíocht i ndáil leis an bpróiseas monaraíochta nó leis an táirge deiridh atá cosúil le nuálaíocht atá ann cheana nó atá beartaithe cheana san Aontas, féadfar é a aithint fós mar thionscnamh ceannródaíoch más féidir a léiriú go bhfuil gá leis an tionscnamh chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a áirithiú trí spleáchais straitéiseacha iomarcacha ar allmhairí ó thríú tíortha a laghdú. Ba cheart aon tionscnamh den sórt sin a mheasúnú bunaithe ar a fhiúntas féin, agus aird á tabhairt, mar shampla, ar anailís mhargaidh ábhartha, ar leibhéal comhchruinnithe na spleáchas agus ar an riosca go gcruthófar staid ró-acmhainneachta.

(42) D'fhéadfadh na heilimintí ábhartha nuálaíochta i dtionscnaimh cheannródaíocha a bheith bainteach leis an nód teicneolaíochta nó ábhar foshraithe, nó cineálacha cur chuige as a n-eascraíonn feabhsuithe ar ríomhaireacht nó tréithe feidhmíochta eile, éifeachtúlacht fuinnimh, leibhéal slándála, sábháilteachta nó iontaofachta, chomh maith le comhtháthú feidhmiúlachtaí nua, mar shampla an intleacht shaorga, acmhainneacht cuimhne nó eile. Is samplaí freisin den nuálaíocht iad comhtháthú próiseas éagsúil as a dtagann gnóthachain éifeachtúlachta nó uathoibriú pacáistíochta agus cóimeála. Maidir le gnóthachain chomhshaoil, d'áireofaí ar eilimintí nuálaíochta laghdú ar bhealach inchainníochtaithe ar an méid fuinnimh, uisce nó ceimiceán a úsáidtear, nó in-athchúrsáilteacht a fheabhsú.

(43) Chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú iarbhír ar shlándáil soláthair agus athléimneacht an Aontais as infheistíochtaí poiblí i dtionscnaimh Eorpacha agus i dtionscadail straitéiseacha um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart do ghnóthais a dhéanann iarratas ar aitheantas nó ar thacaíocht faoin Rialachán seo a léiriú go gcuirfidh siad a slabhra soláthair in iúl ar bhealach a laghdaíonn spleáchas an tslabhra soláthair ar ghnóthais nach gnóthais intíre iad. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme maidir le gníomhaíochtaí an tionscnaimh, tionscnamh an trealaimh agus na substráití monaraíochta leathsheoltóra fíor-riachtanacha agus a mhéid is gá soláthar ó ghnóthais tríú tír mar gheall ar bhreithnithe feidhmíochta teicniúla. I gcás monaraíocht leathsheoltóra tosaigh nó chúil, ba cheart do ghnóthais na próisis mhonaraíochta tosaigh nó chúil ábhartha eile a bhaineann leis an infheistíocht a dhéantar laistigh agus lasmuigh den Aontas a léiriú freisin roimh ré nó ina dhiaidh.

(44) Chun infheistíochtaí i monaraíocht leathsheoltóirí a éascú, ba cheart do na húdaráis phoiblí na coinníollacha cumasúcháin is gá a chur san áireamh chun na saoráidí sin a oibriú ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear rochtain ar fhuinneamh, ar uisce agus ar acmhainní bonneagair chriticiúil eile. Chun tacú le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an éiceachórais leathsheoltóra san Aontas, ba cheart aird iomchuí a thabhairt ar na riachtanais acmhainní a bhfuiltear ag súil leo agus ar na tionchair chomhshaoil a bhaineann le hinfheistíochtaí den sórt sin.

(45) I gcás ina gcuirfidh tionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí acmhainneacht táirgeachta ar fáil do ghnóthais nach bhfuil baint acu le hoibreoir na saoráide, ba cheart dó deighilt feidhmeanna leordhóthanach éifeachtach a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun malartú faisnéise rúnda idir táirgeacht inmheánach agus táirgeacht sheachtrach a chosc. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le haon

fhaisnéis a fhaightear sna próisis dearthóireachta agus sna próisis mhonaraíochta tosaigh nó chúil.

(46) Chun cáiliú mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart tionchar dearfach soiléir a bheith ag bunú an tionscnaimh ag gnóthas intíre le héifeachtaí iarmharta a rachaidh níos faide ná an gnóthas nó an Ballstát lena mbaineann ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma d'fhonn athléimneacht, iomaíochas agus nuálaíocht an éiceachórais leathsheoltóra a neartú, lena n-áirítear fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus d'fhonn rannchuidiú le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais. Thairis sin, agus an réasúnaíocht chéanna á leanúint, ba cheart rannpháirtíocht san Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóirí Gnólacht le Gnólacht ('an tArdán') a bheith éigeantach do shaoráidí táirgthe – amhail saoráidí monaraíochta tosaigh agus cúil, ach freisin do shaoráidí táirgthe eile amhail trealamh monaraíochta leathsheoltóra, foshraitheanna nó ábhair a tháirgeadh. Leis an ngealltanas sin, freastalaítear ar athléimneacht, iomaíochas agus nuálaíocht shlabhraí soláthair an éiceachórais leathsheoltóra a neartú. Féadfar gníomhaíochtaí éagsúla gnóthas intíre arb é is aidhm dóibh éifeachtaí iarmharta dearfacha a chruthú a mheas chun cáiliú mar thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra. Is sampla díobh sin é rochtain a thabhairt ar shaoráidí monaraíochta i gcoinne táille mhargaidh; pacáistí deartha próisis a thabhairt do chuideachtaí dearthóireachta beaga nó don ardán dearthóireachta fíorúil; torthaí óna ghníomhaíochtaí T&F a scaipeadh; páirt a ghlacadh i gcomhar taighde le hollscoileanna agus institiúidí taighde Eorpacha; comhoibriú le húdaráis náisiúnta nó le hinstitiúidí oideachais agus gairme chun cur le forbairt scileanna; rannchuidiú le tionscadail taighde ar fud an Aontais; nó deiseanna tacaíochta tiomnaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna. Ba cheart an tionchar ar roinnt Ballstát, lena n-áirítear i ndáil leis na cuspóirí comhtháthaithe, a mheas mar cheann de na táscairí go bhfuil tionchar dearfach soiléir ag tionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí ar an slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas.

(47) Chun soiléireacht dhlíthiúil agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfar gnóthas a aithint mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra. Is léir ón taithí a fuarthas ar chur chun feidhme an chreata le haghaidh saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE faoi Rialachán (AE) 2023/1781 go bhfuil éiginnteachtaí tagtha chun cinn i measc gnóthas agus na mBallstát maidir le cé acu atá nó nach bhfuil stádas saoráide teicneolaíochta leathsheoltóra coinníollach ar thacaíocht phoiblí a fháil. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú go sainráite, cé gur cheart baint a bheith ag iarratas ar stádas den sórt sin le tionscnamh ceannródaíoch, nár cheart deonú an stádais a bheith ag brath ar bhearta tacaíochta ná ar chúnamh riaracháin a fháil. Dá bhrí sin, féadfaidh tionscnaimh cheannródaíocha stádas tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra a bhaint amach gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann siad tairbhe as cistiú poiblí, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(48) Tá sé tábhachtach nach mbeadh tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí arna bhforchur ag tríú tíortha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá gcumas an táirge deiridh a eascraíonn as a mbonneagar, a mbogearraí, a seirbhísí, a saoráidí, a sócmhainní, a n-acmhainní, a maoin intleachtúil nó a bhfios gnó a úsáid nó a ath-onnmhairiú, ar nithe iad a bhfuil gá leo chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le slándáil an tsoláthair.

(49) I bhfianaise na forbartha tapa ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra agus chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú amach anseo, ba cheart do thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí infheistíocht a dhéanamh san Aontas i nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach i dteicneolaíocht leathsheoltóra nó d'fhonn teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú. Ba cheart na tionscnaimh sin a bheith in ann forbairtí nua a thástáil agus turgnamh a dhéanamh orthu trí rochtain fhabhrach ar na línte píolótacha a bunaíodh faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' i Rialachán (AE) 2023/1781 agus faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' trí iarratais mhearaithe. Níor cheart, le haon rochtain fhabhrach a thabharfaí, rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhair eile, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, ar théarmaí cothroma ar na línte píolótacha a eisiamh ná a chosc. Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá lucht saothair cáilithe agus oilte chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart do thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí tacú le píblíne thallainne an Aontais trí oiliúint oideachais agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon lucht saothair cáilithe agus oilte a mhéadú.

(50) Chun go mbeidh nós imeachta aonfhoirmeach trédhearcach ann chun an stádas a bhaint amach mar thionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí, ba cheart don Choimisiún an cinneadh lena ndeonaítear an stádas sin a ghlacadh tar éis do ghnóthas aonair nó do chuibhreannas ina bhfuil roinnt gnóthas iarratas a dhéanamh. Ba cheart an stádas a bheith ar oscailt chun tionscnamh monaraíochta leathsheoltóra nua a shuiteáil agus chun tionscnamh monaraíochta leathsheoltóra atá ann cheana a uas-scálú nó a chlaochlú go nuálach. Chun an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme comhordaithe comhoibritheach na tionscnaimh atá beartaithe a chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha, maidir le Ballstát amháin nó níos mó ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir tionscnaimh den sórt sin a bhunú ba cheart don Choimisiún a ullmhacht nó a n-ullmhacht tacú leis an mbunú a chur san áireamh ina mheasúnú. Thairis sin, agus measúnú á dhéanamh ar inmharthanacht an phlean gnó, d'fhéadfadh an Coimisiún taifead foriomlán an iarratasóra a chur san áireamh chomh maith le bearta iomchuí a bheith ann chun maoin intleachtúil agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint.

(51) I bhfianaise na gceart a bhaineann le haitheantas mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh féachaint an leanann tionscnaimh ar deonaíodh an stádas sin dóibh de na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Murab amhlaidh an cás a thuilleadh, ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún an stádas a athscrúdú agus, más gá, a aisghairm agus, dá réir sin, na cearta a ghabhann leis an stádas sin a aisghairm. Níor cheart aon chinneadh maidir le haisghairm an stádais a dhéanamh ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus ba cheart é a bheith cuí-réasúnaithe. Dá réir sin, ba cheart an deis a bheith ag an ngnóthas a bhfuil tionscnamh teicneolaíocht leathsheoltóra Eorpaí á oibriú aige a iarraidh go réamhghníomhach go ndéanfaí athbhreithniú ar ré an stádais nó na bpleananna cur chun feidhme i gcás ina bhféadfadh imthosca seachtracha gan choinne, mar shampla bristeacha tromchúiseacha ag a mbíonn tionchar díreach eacnamaíoch ar an tionscnamh aitheanta, tionchar a imirt ar a chumas na critéir is infheidhme a chomhlíonadh.

(52) Chun ceannasacht theicneolaíoch, athléimneacht, fíor-riachtanas, iomaíochas agus rathúnas an Aontais san earnáil leathsheoltóra a neartú, is gá tionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ag gnóthais intíre ar fud an tslabhra luacha

leathsheoltóra a shainaithint agus tacú leo. Ba cheart tacaíocht ó chláir, ó chistí agus ó ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais a dheonú do thionscadail straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa rialachán lena mbunaítear na cistí agus na cláir sin agus gan dochar don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (2028-2034). Go háirithe, ba cheart an séala iomaíochais a dheonú do na tionscadail straitéiseacha sin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2026/XXX [maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú] (CEI) ([1]), mar thionscadail ardcháilíochta lena rannchuidítear le cuspóir an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas. Ba cheart do thionscadail straitéiseacha rannchuidiú le cuspóirí leasa choitinn an Aontais agus acmhainneacht an Aontais a threisiú maidir le hardteicneolaíochtaí leathsheoltóra a dhearadh, a mhonarú agus a chomhtháthú agus breisluach soiléir don Aontas agus gné thrasteorann a léiriú, go háirithe trí chomhar idir na Ballstáit nó trí thacaíocht phoiblí chomhordaithe. Ba cheart dóibh rannchuidiú le hathléimneacht agus stóinseacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill, slabhraí soláthair leathsheoltóra a threisiú agus an nuálaíocht agus an cur in úsáid tionsclaíoch a fheabhsú. Spreagfar rannpháirtíocht FBManna nuálacha agus FMBanna i dtionscadail straitéiseacha.

(53) Ba cheart tionscadail straitéiseacha agus tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra araon a bheith in ann díriú ní hamháin ar nóid leathsheoltóra cheannródaíocha, ach freisin ar nóid teicneolaíochta nuálacha atá ann cheana agus aibí i gcás inar gá sin chun iomaíochas, athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a chaomhnú agus a neartú ar fud teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus feidhmeanna tionsclaíocha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Chun a áirithiú go gcuirfidh tionscadail straitéiseacha go héifeachtach le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais, ba cheart do na tionscadail sin tacú le hacmhainneachtaí, teicneolaíochtaí nó cumais chriticiúla a fhorbairt nó a imscaradh laistigh den Aontas. Ba cheart a áireamh leis sin, go háirithe, gníomhaíochtaí lena laghdaítear spleáchais straitéiseacha agus lena bhfeabhsaítear ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais i bpríomhchodanna den slabhra luacha leathsheoltóra, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí agus cumais chriticiúla a chumasú, a chur chun cinn nó a dhaingniú laistigh den Aontas.

(54) I gcás ina gcuirtear tionscadail straitéiseacha chun feidhme ar fud suíomhanna éagsúla, ba cheart do chuibhreannas aonair iad a dhéanamh agus ba cheart dóibh feidhmiú mar eintiteas comhtháite, chun comhleanúnachas, éifeachtúlacht agus comhordú éifeachtach gníomhaíochtaí a áirithiú.

(55) I bhfianaise chineál straitéiseach na hearnála leathsheoltóra agus a hábharthachta don tslándáil, ba cheart rannpháirtíocht i dtionscadail straitéiseacha a bheith faoi réir coinníollacha iomchuí. I gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], d’fhéadfaí rannpháirtíocht eintiteas áirithe a shrianadh nó a eisiamh i gcás ina mbeadh sé sin contrártha do shócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais. Mar riail ghinearálta, ba cheart rannpháirtíocht i dtionscadail straitéiseacha a theorannú d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas. Mar sin féin, de mhaolú agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis, féadfar rannpháirtíocht a leathnú chuig eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha, ar choinníoll go gcomhlíonann an rannpháirtíocht sin na coinníollacha

[50] Rialachán (AE) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

agus na coimircí is infheidhme agus nach mbaineann sí an bonn de shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail ná slándáil an Aontais.

(56) Chun solúbthacht a áirithiú agus chun forbairtí teicneolaíocha agus riachtanais athraitheacha an mhargaidh a léiriú, ba cheart liosta de réimsí teicneolaíochta táscacha le haghaidh tionscadail straitéiseacha a leagan amach sa Rialachán seo. Ba cheart an chumhacht chun an liosta sin a leasú a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE chun na réimsí sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh atá ábhartha don earnáil leathsheoltóra. Chun a áirithiú go ndéanfar tionscadail straitéiseacha a shainaithint agus a roghnú ar bhealach comhleanúnach éifeachtúil, ba cheart don Choimisiún, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, réimsí tosaíochta a shainaithint agus liosta ábhar a bhaineann le tionscadail fhéideartha a bhunú. Ba cheart gníomhaíochtaí a thacaíonn le tionscadail den sórt sin a chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, tríd an gComhghnóthas um Shliseanna, i gcomhréir lena Rialachán rialaithe agus lena chláir oibre. Chun ceannasacht an Aontais a neartú agus slándáil an tsoláthair a áirithiú i leathsheoltóirí ceannródaíocha, is iomchuí tosaíocht a thabhairt do bhunú teilgcheárta oscailte le haghaidh ardacmhainneachtaí monaraíochta leathsheoltóra laistigh den Aontas, ar cheart dó oibriú, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn rochtain oscailte d'úsáideoirí éagsúla. D'fhéadfaí an tionscadal straitéiseach sin a chomhlánú le tionscadail straitéiseacha eile maidir le cuimhne, dearadh agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra eile, mar shampla.

(57) Ba cheart don Chomhghnóthas um Shliseanna gníomhaíochtaí a thacaíonn le tionscadail straitéiseacha a chur chun feidhme trína chlár oibre, lena n-áirítear trí ghlaonna ar thograí i gcomhréir lena rialacha is infheidhme. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thograí i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na critéir a leagtar amach i gcreat rialaithe an Chomhghnóthais um Shliseanna. Chun éifeachtúlacht a áirithiú agus dúbláil measúnuithe a sheachaint, ba cheart don Choimisiún brath ar thoradh na meastóireachta arna déanamh ag an gComhghnóthas um Shliseanna agus tionscadail straitéiseacha á n-ainmniú aige. Ba cheart tionscadail a roghnaítear lena gcistiú ón gComhghnóthas um Shliseanna agus a chomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith incháilithe lena n-ainmniú mar thionscadail straitéiseacha.

(58) Ba cheart ainmniú tionscadail mar thionscadal straitéiseach a bheith gan dochar do thoradh na gcinntí cistiúcháin a dhéantar faoin gComhghnóthas um Shliseanna. Mar sin féin, ba cheart do thionscadail nach roghnaítear le haghaidh cistiú ón Aontas a bheith in ann stádas tionscadail straitéisigh a fháil, faoi réir thoiliú an iarratasóra, chun tairbhe a bhaint as na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an stádas sin faoin Rialachán seo. Áirítear ar na cearta tionscadail straitéiseacha a áireamh san fhóram éilimh, tacaíocht phoiblí agus tacaíocht riaracháin a d'fhéadfaí a fháil agus stádas leasa phoiblí sháraithigh agus stádas a bhféadfadh tábhacht náisiúnta is airde a bheith ag baint leis a fháil atá ábhartha maidir le nósanna imeachta deonaithe ceadanna, agus oibleagáidí is infheidhme freisin i ndáil le tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra, amhail rannpháirtíocht san Ardán um Shlabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht agus an oibleagáid glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Ba cheart do thionscadail straitéiseacha tairbhe a bhaint as na cearta céanna agus a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna le tionscnaimh Eorpacha maidir le teicneolaíocht leathsheoltóra, i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha, chun creat rialála comhleanúnach a áirithiú agus chun a rannchuidiú le cuspóirí an Aontais san earnáil leathsheoltóra a uasmhéadú. I gcás inarb

ábhartha, leis an ainmniú sin ba cheart a stádas mar thionscnaimh cheannródaíocha a dheimhniú freisin agus fad an stádais sin a shainiú bunaithe ar shaolré ionchasach an tionscadail.

(59) Chun a áirithiú go leanfaidh tionscadail straitéiseacha de na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann ainmniú tionscadail a tharraingt siar i gcás nach gcomhlíontar na critéir sin a thuilleadh nó i gcás ina raibh an t-ainmniú bunaithe ar fhaisnéis mhícheart. Sula nglacfaidh sé cinneadh den sórt sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtabharfar an deis do na gnóthais lena mbaineann éisteacht a fháil, i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin, agus ba cheart dó tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a chur san áireamh. I gcás ina ndéantar ainmniú tionscadail straitéisigh a tharraingt siar, ba cheart go gcaillfeadh an tionscadal sin na cearta agus na hoibleagáidí uile a bhaineann leis an stádas sin faoin Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart na tionscadail sin a bheith fós faoi réir oibleagáidí sonracha a bhaineann le slándáil an tsoláthair, ar feadh tréimhse theoranta, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo.

(60) Chun deonú ceadanna simplí agus tapa a ráthú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-eagrófar nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra trí nós imeachta aonair bunaithe ar iarratas aonair. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ionad ilfhreastail a ainmniú a ghníomhóidh mar phointe teagmhála aonair don tionscadal, chun próiseáil iarratas a éascú agus a chomhordú ar bhealach éifeachtúil, trédhearcach agus tráthúil.

(61) Is gá tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a bhunú a luaithe is féidir, agus an t-ualach riaracháin á choinneáil chomh híseal agus is féidir an tráth céanna. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit iarratais a phróiseáil a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí den sórt sin ar an mbealach is tapa is féidir. Chun dlús breise a chur le himscaradh tionscnamh agus tionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart teorainneacha ama soiléire ceangailteacha a bhunú le haghaidh nósanna imeachta deonaithe ceadanna. Go háirithe, níor cheart go rachadh ré fhoriomlán na nósanna imeachta sin thar an tréimhse shainithe 12 mhí ón tráth a chuirtear isteach iarratas comhlánaithe, gan dochar do theorainneacha ama níos giorra arna leagan síos ag na Ballstáit.

(62) I bhfianaise chineál trasteorann féideartha na dtionscnamh agus na dtionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh comhar agus comhordú éifeachtach a dhéanamh ar leibhéal na n-údarás ábhartha, lena n-áirítear idir ionaid ilfhreastail ainmnithe, chun próisis chinnteoireachta chomhleanúnacha thráthúla a éascú.

(63) Tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta deonaithe ceadanna a dhigitiú chun trédhearcacht, éifeachtúlacht agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tairseacha rochtana aonair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta lena gcuirfear ar chumas iarratasóirí a n-iarratais a chur isteach agus a bhainistiú i dtimpeallacht lándigiteach. Le húsáid réiteach digiteach idir-inoibritheach, lena n-áirítear Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, ba cheart malartú slán sonraí, athúsáid na faisnéise atá ann cheana agus idirghníomhaíocht rianúil idir iarratasóirí agus údaráis inniúla a éascú, agus ardleibhéal cibearshlándála agus sláine sonraí á n-áirithiú an tráth céanna. Chun trédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú d'iarratasóirí, ba cheart don tairseach rochtana aonair faisnéis atá cothrom le dáta a

sholáthar maidir le stádas na n-iarratas, na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna is infheidhme, chomh maith le fógraí faoi chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla.

(64) Ar an gcaoi chéanna, chun tacú le cinntí infheistíochta agus chun neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha maidir le nósanna imeachta deonaithe ceadanna, deiseanna maoiniúcháin, seirbhísí tacaíochta gnó agus ceanglais rialála is infheidhme a chur ar fáil ar líne ar bhealach láraithe agus inrochtana go héasca. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbainfear úsáid iomchuí as staidéir, ceadanna agus údaruithe atá ann cheana a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú tionscnamh agus tionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, i gcás ina bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, chun dúbláil nósanna imeachta riaracháin a sheachaint agus moilleanna a laghdú. I bhfianaise thábhacht straitéiseach agus íogaireacht ama na dtionscnamh agus na dtionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaithfear le himeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le deonú ceadanna mar imeachtaí práinneacha, i gcás ina bhforáiltear dóibh agus a mhéid dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, agus cearta cosanta agus cearta na ndaoine aonair agus na bpobal dá ndéantar difear á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

(65) Le Rialachán (AE) [202X/XX] an [...][51], bunaítear creat comhchoiteann dlúsúlachta le haghaidh measúnuithe comhshaoil chun borradh a chur faoi rolladh amach príomhtheicneolaíochtaí ag an Aontas, chun spleáchais a laghdú agus chun an t-iomaíochas a neartú. Ba cheart dlús a chur leis na nósanna imeachta atá nasctha le measúnuithe comhshaoil agus iad a chuíchóiriú le haghaidh pleananna, clár agus tionscadal i ngach earnáil den gheilleagar agus ardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol á gcoinneáil ar bun. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh measúnuithe comhshaoil níos tapúla ag teastáil i roinnt earnálacha. Dá bhrí sin, agus chun comhleanúnachas chreat dlíthiúil na measúnuithe comhshaoil a chosaint, agus na riachtanais bhreise maidir le dlús a chur le hearnálacha straitéiseacha áirithe á gcur san áireamh, bunaítear le Rialachán (AE) [202X/XX] bosca uirlisí tiomnaithe ba cheart a úsáid, dá bhrí sin, i gcomhthéacs an Rialacháin seo. I bhfianaise ról ríthábhachtach na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí aeráide an Aontais amach trí theicneolaíochtaí nua níos inbhuanaithe, próisis táirgthe nua, comhtháthú leathsheoltóirí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus a rannchuidiú le hathléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a thabhairt isteach, ba cheart tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra de réir bhrí an Rialacháin seo a mheas freisin mar thionscadail straitéiseacha de réir bhrí Rialachán (AE) [202X/XX] agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as an mbosca uirlisí tiomnaithe arna bhunú faoin Rialachán sin.

(66) San earnáil leathsheoltóra, bíonn rath ar ghnóthais i gceantair áitiúla speisialaithe ar féidir leo infheistíocht a mhealladh, nuálaíocht a chothú, agus éiceachórais thionsclaíocha athléimneacha a thógáil. Tá ról lárnach ag réigiúin agus ag braislí tionsclaíocha réigiúnacha maidir le héiceachórais den sórt sin a fhorbairt agus a éascú. Ba cheart lipéad Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú agus é mar chuspóir leis réigiúin san Aontas a shainaithint, a aithint agus a chothú ar réigiúin iad ina léirítear straitéis fhadtéarmach chomhordaithe chun infheistíochtaí a bhaineann le leathsheoltóirí agus slabhraí luacha leathsheoltóra a óstáil, a mhealladh agus a leathnú. Ba cheart d'infheisteoirí idirnáisiúnta a bheith in ann teacht ar thimpeallacht

[51] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlús a chur le measúnuithe (COM/2025/984 final, 10.12.2025).

idéalach i Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí chun gnó a bhaineann le leathsheoltóirí a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún an lipéad sin a dhámhachtain tar éis do na húdaráis réigiúnacha iarratais a dhéanamh, ar bhonn comhleanúnachas agus inchreidteacht Phlean Infheistíochta an Réigiúin Leathsheoltóra agus leibhéal gealltanais na n-údarás ábhartha, agus ba cheart don Bhallstát ábhartha an t-iarratas a fhormhuiniú chun comhordú polaitiúil idir leibhéil éagsúla rialtais a áirithiú.

(67) Ba cheart do réigiúin a chuireann isteach air Plean Infheistíochta don Réigiún Leathsheoltóra a fhorbairt. Leis na bearta a mholtar sa phlean sin, ba cheart aghaidh a thabhairt go háirithe ar chreatchoinníollacha chun monaraíocht leathsheoltóirí, comhar T&F, forbairt scileanna, nó bonneagar inbhuanaithe a neartú agus ba cheart a chur in iúl go bhfuil siad réidh le hinfheistíochtaí leathsheoltóra a óstáil.

(68) Ar an lipéad a fháil, ba cheart rochtain a bheith ag réigiún ar dheiseanna, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí níos láidre le hinstitiúidí tionscail agus taighde, agus tarraingteacht mhéadaithe d'infheisteoirí idirnáisiúnta a bhfuil suíomhanna iontaofa ardacmhainneachta á lorg acu. Ba cheart do réigiúin aitheanta a bheith in ann dul isteach i Líonra Eorpach na Réigiún Leathsheoltóra Barr Feabhais, rud a chuirfeadh ar a gcumas eolas a chomhroinnt, comhghuaillíochtaí a chruthú, agus a dtionchar ar fud an Aontais a mhéadú, agus threiseodh aitheantas idirnáisiúnta a straitéisí a gcáil mar phríomhchinn scríbe le haghaidh nuálaíocht agus infheistíocht leathsheoltóra.

(69) Is comhpháirteanna bunriachtanacha iad leathsheoltóirí atá leabaithe i mbonneagair, i dtrealamh agus i gcórais a úsáideann eintitis chriticiúla, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52]. Tá feidhmiú, slándáil agus leanúnachas na n-eintiteas criticiúil sin ag brath níos mó agus níos mó ar infhaighteacht, sláine agus iontaofacht comhpháirteanna leathsheoltóra agus a soláthróirí. Chun neamhchosaint an Aontais ar shuaití sa slabhra soláthair agus ar spleáchais ar líon teoranta soláthróirí tríú tír a laghdú, is gá trédhearcacht agus athléimneacht a neartú maidir le foinsiú leathsheoltóirí a úsáidtear sa soláthar poiblí le haghaidh bonneagair chriticiúla agus seirbhísí criticiúla. Is sciar suntasach d'éileamh an Aontais é an soláthar poiblí a rialaítear le Treoracha 2014/23/AE[53], 2014/24/AE[54], 2014/25/AE[55] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus is féidir ról straitéiseach a bheith aige maidir le slabhraí soláthair leathsheoltóra iontaofa athléimneacha a chur chun cinn. Ba cheart d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha—a sholáthraíonn bonneagar criticiúil breithnithe maidir le slándáil an tsoláthair a chomhtháthú le linn an phróisis soláthair, agus ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar an gcaoi a gcuireann na leathsheoltóirí a ionchorpraítear sa trealamh nó sna córais arna soláthar luach le hathléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais lena gcéimeanna deartha

---

[52] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI:. http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

[53] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamhálta is a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/23/oj).

[54] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

[55] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

agus monaraíochta. Tá na breithnithe sin gan dochar do reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil.

(70) Trí údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a spreagadh chun ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha dearbhú maidir le slándáil an tsoláthair a sholáthar maidir le foinsiú leathsheoltóirí, chuirfí feabhas ar thrédhearcacht ar fud na slabhraí soláthair agus chumasófaí cinnteoireacht eolasach i nósanna imeachta soláthair, gan ualaí riaracháin díréireacha a fhorchur agus lánrogha a fhágáil ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha maidir le dearbhú den sórt sin a iarraidh i ngach nós imeachta soláthair. Ba cheart príomhghnéithe a bheith sa dearbhú sin, i gcás inar gá, lena gcumasaítear measúnú ar stóinseacht an tslabhra soláthair, lena n-áirítear na gnóthais lena mbaineann a shainaithint, éagsúlacht na soláthróirí, breisluach d'athléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, straitéisí chun athléimneacht a mhéadú amhail trí dhéfhoinsiú ó ghnóthais intíre, agus measúnuithe leochaileachta ar bhristeacha a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le, i gcás inarb infheidhme, measúnuithe riosca ábhartha arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo. Chun a áirithiú go ndéanfar breithnithe maidir le hathléimneacht, slándáil agus breisluach shlabhra soláthair na hEorpa a chomhtháthú go héifeachtach i gcinntí soláthair, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ceanglais a shonrú sna doiciméid soláthair a bhaineann le slándáil an tsoláthair a bhaineann le foinsiú leathsheoltóirí atá ionchorpraithe sna bonneagair, sa trealamh nó sna córais a chumhdaítear leis an gconradh soláthair phoiblí. Chuige sin, féadfaidh sonraíochtaí teicniúla, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana nó clásail feidhmíochta conartha a bheith san áireamh iontu.

Tá forálacha sa chreat soláthair phoiblí a bunaíodh le Treoracha 2014/24/AE, 2014/25/AE agus 2009/81/CE lena gcuirtear ar chumas údarás conarthach oibreoirí eacnamaíocha a eisiamh a bhí ciontach i mífhaisnéis thromchúiseach, a choinnigh faisnéis ábhartha siar, nó a sholáthair faisnéis bhréagach nó mhíthreorach i gcomhthéacs rannpháirtíochta i nós imeachta soláthair. Leanfaidh na forálacha sin de bheith infheidhme maidir le nósanna imeachta soláthair a dhéanann údaráis chonarthacha náisiúnta a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(71) Sa chomhthéacs sin, ós rud é[56] go bhfuil gealltanais maidir le rochtain ar sholáthar poiblí i gcomhaontuithe saorthrádála, i gceardchumainn chustaim, i gComhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais, ba cheart a mheas go dtagann gnóthais ó thríú tíortha a bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta den sórt sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas lena ráthaítear an rochtain sin faoin sainmhíniú ar ghnóthais intíre. Ina theannta sin, léiríonn na comhaontuithe idirnáisiúnta sin, chomh maith le comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí, tiomantas frithpháirteach idir an tAontas agus a chomhpháirtithe chun slabhraí soláthair leathsheoltóra idirnáisiúnta a dhaingniú, agus is é sin an fáth a ndeonaítear coibhéis do ghnóthais intíre do ghnóthais ó na comhpháirtithe sin de chuid an Aontais.

(72) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart breathnú ar struchtúr úinéireachta agus ar rialú gnóthais den sórt sin sa mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil gnóthas ina ghnóthas intíre nó ina ghnóthas coibhéiseach. Chun measúnú a dhéanamh ar rialú, ba cheart a mheas go bhfuil gnóthais á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas dlítheanach tríú tír, i gcás inar féidir leis an tríú tír nó leis an eintiteas dlítheanach sin tionchar cinntitheach a imirt ar a cinntí straitéiseacha, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear go

[56] Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais (IO L 68, 7.3.2014, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2014/115/oj) a tháinig i bhfeidhm an 6 Aibreán 2014 (IO L 89, 25.3.2014, lch. 5).

háirithe, tríd an gceart a bheith aici nó tríd an gcumhacht a fheidhmiú tromlach chomhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais atá á mheasúnú a cheapadh nó a chur as oifig; trí thromlach chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais atá á mheasúnú agus a bhí i seilbh oifige le linn na bliana airgeadais reatha agus na bliana airgeadais roimhe sin a cheapadh mar thoradh ar fheidhmiú chearta vótála an duine amháin; trí rialú a dhéanamh ina aonar, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí eile nó le comhaltaí eile den ghnóthas atá á mheasúnú, ar thromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí sa ghnóthas sin atá á mheasúnú; tríd an gceart a bheith aige tionchar ceannasach a fheidhmiú ar an ngnóthas atá á mheasúnú, de bhun comhaontú arna dhéanamh leis an ngnóthas sin atá á mheasúnú nó de bhun foráil ina Mheabhrán nó ina Airteagail Chomhlachais, i gcás ina gceadaíonn an dlí lena rialaítear an gnóthas sin atá á mheasúnú dó a bheith faoi réir comhaontú nó foráil den sórt sin; tríd an gcumhacht a bheith aige an ceart a fheidhmiú de facto chun tionchar ceannasach a fheidhmiú ar an ngnóthas atá á mheasúnú, gan a bheith ina shealbhóir ar an gceart sin; tríd an gceart a bheith aige sócmhainní uile an ghnóthais atá á mheasúnú, nó cuid díobh, a úsáid; trí bhainistiú a dhéanamh ar ghnó an ghnóthais atá á mheasúnú ar bhonn aontaithe, agus cuntais chomhdhlúite á bhfoilsiú an tráth céanna; nó trí dhliteanais airgeadais an ghnóthais atá á mheasúnú a roinnt go comhpháirteach agus go leithleach, nó trína ráthú.

(73) Le Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], cuirtear ar chumas an Aontais lamháltais nó oibleagáidí eile faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar chun freagairt do sháruithe a dhéanann tríú tíortha ar rialacha trádála idirnáisiúnta a dhéanann difear do leasanna tráchtála an Aontais. Ba cheart aon fheidhmiú ar chearta an Aontais faoi Rialachán (AE) 2021/167 a léiriú freisin sa sainmhíniú ar ghnóthas intíre faoin Rialachán seo.

(74) Chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le slándáil an tsoláthair leathsheoltóra, tarraingíodh aird níos mó ar rioscaí cibearshlándála a bhaineann le foinsiú ó sholáthróirí áirithe do bhonneagair chriticiúla, trealamh criticiúil nó córais chriticiúla. Níor cheart rioscaí cibearshlándála den sórt sin teacht faoi raon feidhme an dearbhaithe seo arna chur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha i nósanna imeachta soláthair a bhaineann le soláthar nó úsáid leathsheoltóirí agus rialaítear iad leis an gcreat dlíthiúil cibearshlándála is infheidhme de chuid an Aontais. D'ainneoin sin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil agus ní mór dóibh gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht sin.

(75) I bhfianaise chastacht agus chineál athraitheach na slabhraí soláthair leathsheoltóra, ba cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus leis na páirtithe leasmhara tionsclaíocha ábhartha, i gcás inar gá, moltaí a eisiúint lena sainaithneofar bonneagair, trealamh nó córais shonracha a bhfuil tábhacht ar leith ag baint le hathléimneacht an tslabhra soláthair ina leith, ag féachaint do rioscaí féideartha sna slabhraí soláthair, agus ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis

[57] Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 189, 27.6.2014, lgh. 50-58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/654/oj).

chonarthacha na moltaí sin a mheas agus nósanna imeachta soláthair á n-ullmhú agus á ndéanamh acu, agus ar an gcaoi sin tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach ar fud an Aontais.

(76) Chun solúbthacht a chaomhnú agus srianta míchuí ar nósanna imeachta soláthair a sheachaint, ba cheart cead a bheith ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha gan an ceanglas a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le défhoinsiú lena mbaineann gnóthais intíre i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil easpa iomaíochta, easpa tairgeoirí oiriúnacha, nó i gcás ina mbeadh costais dhíréireacha nó neamh-chomhoiriúnachtaí teicniúla mar thoradh ar a gcur i bhfeidhm. Ba cheart maoluithe den sórt sin a léirmhíniú go cúng agus a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach, lena n-áiritheofar nach mbainfear an bonn de na cuspóirí maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair leathsheoltóra a neartú agus feidhmiú eintiteas criticiúil a choimirciú.

(77) Chun a áirithiú go gcuirfear bearta i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach arb é is aidhm dóibh athléimneacht agus slándáil an tsoláthair leathsheoltóra sa soláthar poiblí a neartú, féadfaidh an Coimisiún treoir a sholáthar agus comhordú i measc gníomhaithe ábhartha a éascú. Leis an treoir sin, ba cheart tacú le húsáid moltaí lena sainaithnítear bonneagair, trealamh nó córais a bhfuil soláthar leathsheoltóra ag gnóthais intíre an-ábhartha ina leith, chomh maith le dearbhuithe maidir le slándáil an tsoláthair a ullmhú agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le mapáil an tslabhra soláthair, cion na ngnóthas intíre lena mbaineann, straitéisí athléimneachta amhail défhoinsiú, agus measúnuithe leochaileachta agus riosca. Leis an treoraíocht, ba cheart cur i bhfeidhm modheolaíochtaí coiteanna a éascú freisin chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí sa slabhra soláthair, go háirithe in earnálacha atá neamhchosanta ar leochaileachtaí méadaithe, agus malartú dea-chleachtas agus faisnéise ábhartha a chur chun cinn, d’fhonn cur chuige comhleanúnach a áirithiú ar fud an Aontais agus tacú le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

(78) Chun an trédhearcacht a mhéadú agus chun slándáil an tsoláthair leathsheoltóra a choimirciú i gcás earnálacha criticiúla, is gá foráil a dhéanamh go bhféadfadh an tAontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh i gcás nach dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí sainaitheanta. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, nach leor na bearta a mholtar d’údaráis chonarthacha nó d’eintitis chonarthacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt dó cinntí cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cé na húdaráis phoiblí a cheanglóidh ar oibreoirí eacnamaíocha dearbhú maidir le slándáil an tsoláthair a thíolacadh agus cé na nósanna imeachta agus na táirgí a gceanglóidh siad orthu é sin a dhéanamh.

(79) Bíonn suaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra a d’fhéadfadh dochar eacnamaíoch a dhéanamh d’earnálacha iartheachtacha áirithe. Earnálacha criticiúla atá nasctha leis an tslándáil phoiblí, amhail fuinneamh, cosaint nó riarachán poiblí, agus na hearnálacha sin ina bhfuil leathsheoltóirí ina gcéatadán mór de luach an táirge deiridh, amhail gluaisteáin, lárionaid sonraí nó uathoibriú tionsclaíoch, tá siad neamhchosanta go háirithe ar shuaitheadh i slabhraí soláthair leathsheoltóra. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún iad a shainaithint mar earnálacha a bhíonn i mbaol riosca.

(80) Chun an fhaisnéis is gá a áireamh a shoiléiriú, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, treoir mhodheolaíoch a eisiúint maidir le conas measúnuithe riosca a

dhéanamh lena dtugtar aghaidh ar straitéis défhoinsithe a chruthú, ar mhapáil an tslabhra soláthair réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh, agus ar anailís leochaileachta agus íogaireacht i leith suaitheadh soláthair. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún moltaí modheolaíochta a eisiúint maidir le conas measúnuithe riosca a dhéanamh le haghaidh na n-earnálacha sin.

(81) Chun ardleibhéal athléimneachta a áirithiú i slabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, is gá foráil a dhéanamh go bhféadfadh an tAontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh i gcás nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí sainaitheanta. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, nach leor na bearta a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt dó cinntí cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear bearta iomchuí maolaithe riosca. Féadfar a áireamh ar na bearta sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus ina bhfuil sé comhréireach, ceanglais maidir le foinsí soláthair a éagsúlú, lena n-áirítear défhoinsiú, nó stoic straitéiseacha a fhorbairt. Ba cheart na bearta sin a bheith spriocdhírithe, comhréireach agus ba cheart sainiúlachtaí na n-earnálacha agus na gcuideachtaí lena mbaineann a chur san áireamh leo, chomh maith leis an ngá atá le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus ualach riaracháin míchuí a sheachaint. Ba cheart an measúnú ar rioscaí don slabhra soláthair leathsheoltóra a bheith bunaithe ar fhianaise oibiachtúil iontaofa. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh, inter alia, faisnéis atá ar fáil go poiblí, sonraí arna mbailiú trí iarrataí ar fhaisnéis, chomh maith le tásca go bhfuil suaitheadh leanúnach nó seasmhach sa slabhra soláthair ann. Le húsáid na fianaise sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil bunús maith le haon bhearta a ghlactar, agus go bhfuil siad trédhearcach agus comhréireach leis na rioscaí sainaitheanta, agus rúndacht faisnéise íogaire gnó á cosaint an tráth céanna.

(82) Ar mhaithe le leanúnachas an tsoláthair agus na hiontaofachta, tugtar de chumhacht d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnuithe riosca a iarraidh ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra na n-oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa soláthar poiblí nó i nósanna imeachta cistiúcháin phoiblí eile a bhaineann le hearnálacha a bhíonn i mbaol riosca.

(83) Ba cheart é a bheith mar chuspóir ag mapáil straitéiseach ar an earnáil leathsheoltóra anailís a sholáthar ar láidreachtaí agus laigí an Aontais sna hearnálacha domhanda leathsheoltóra d'fhonn bonn a chur ar fáil do bhearta chun slándáil soláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a áirithiú. Chuige sin, ba cheart, leis an mapáil straitéiseach, tosca a shainaithint mar shampla príomhtháirgí agus bonneagair chriticiúla sa mhargadh inmheánach a bhíonn ag brath ar sholáthar leathsheoltóirí, príomhthionscail úsáideoirí agus a riachtanais reatha agus ionchasacha, príomhchodanna de shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, saintréithe teicneolaíocha, spleáchais ar theicneolaíocht agus soláthraithe tríú tíortha, agus scrogaill in earnáil leathsheoltóra an Aontais, riachtanais reatha agus ionchasacha scileanna agus rochtana ar lucht saothair cáilithe ag tógáil ar obair na Faireachlainne Eorpaí um Fhaisnéis Scileanna arna bunú faoi Aontas na Scileanna agus, i gcás inarb iomchuí, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta an bhosca uirlisí éigeandála. Ba cheart an mhapáil straitéiseach a bheith bunaithe ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála.

(84) Chun ullmhú le haghaidh bristeacha amach anseo i gcéimeanna éagsúla an tslabhra luacha leathsheoltóra san Aontas agus sa trádáil laistigh den Aontas, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agusar bhonn thoradh na mapála straitéisí, liosta táscairí luathrabhaidh a shainaithint agus a fhorbairt.

D'fhéadfaí a áireamh ar na táscairí sin méaduithe neamhthipiciúla ar an aga tionscanta, infhaighteacht na n-amhábhar, na dtáirgí idirmheánacha agus an chaipitil dhaonna atá riachtanach chun leathsheoltóirí a mhonarú, nó trealamh monaraíochta iomchuí, an t-éileamh réamh-mheasta ar leathsheoltóirí san Aontas agus ar mhargaí domhanda, borradh praghsanna atá níos mó ná an ghnáthluaineacht praghsanna, tionchar timpistí, ionsaithe, tubaistí nádúrtha nó imeachtaí tromchúiseacha eile, tionchar beartas trádála, taraifí, srianta le honnmhairí, bacainní trádála agus bearta eile a bhaineann le trádáil, agus tionchar dúnta gnólachtaí, seachfhoinsiú nó fálacha príomhghníomhaithe margaidh. Ba cheart gníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin a dhíriú ar na táscairí luathrabhaidh sin.

(85) Mar gheall ar na slabhraí luacha leathsheoltóra le gníomhaithe éagsúla atá casta agus idirnasctha agus a bhíonn ag athrú go tapa, tá gá le cur chuige comhordaithe maidir le faireachán chun cur leis an gcumas rioscaí a mhaolú a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar sholáthar leathsheoltóirí agus chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhinimic na slabhraí luacha leathsheoltóra. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, faireachán a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóra lena ndíreofaí ar tháscairí luathrabhaidh agus ar dhea-chleachtais a shainaithint le haghaidh maolú riosca agus trédhearcacht mhéadaithe sa slabhra luacha leathsheoltóra ar bhealach nach gcuirfeadh ualach riaracháin iomarcach ar ghnóthais, go háirithe FBManna agus FMBanna. Ba cheart torthaí ábhartha, lena n-áirítear faisnéis arna cur ar fáil ag páirtithe leasmhara ábhartha agus comhlachais tionscail ábhartha, a chur ar fáil don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí ionas gur féidir faisnéis a mhalartú go rialta leis an mBord agus chun an fhaisnéis a chomhtháthú i bhforbhreathnú faireacháin ar na slabhraí luacha leathsheoltóra.

(86) Ba cheart don Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht ('an tArdán') a bheith ina leathchúpla digiteach den slabhra soláthair leathsheoltóra agus é mar chuspóir aige trédhearcacht an tslabhra soláthair a mhéadú agus gnóthais a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr chun a n-athléimneacht a mhéadú. Ba cheart gníomhaíocht faoi stiúir an tionscail a bheith ann a rachaidh chun tairbhe do ghnóthais rannpháirteacha trína n-athléimneacht i leith bristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóra a fheabhsú agus trína gcostais maidir le faisnéis mhargaidh a laghdú. Ba cheart gurbh é an breisluach a gheobhaidh siad ó aschur an Ardáin an dreasacht do ghnóthais dul isteach san Ardán agus sonraí ionchuir ar ardchaighdeán a sholáthar. Féadfar a áireamh ar an aschur sin treoir ó thríú páirtí neamhspleách bunaithe ar anailís mhargaidh, léargais chomhiomlánaithe ar rioscaí a bhaineann leis an slabhra soláthair leathsheoltóra, torthaí tástálacha struis ar an slabhra soláthair leathsheoltóra, luathrabhaidh agus treoir maidir le bearta réamhghníomhacha chun dí-rioscú an tslabhra soláthair leathsheoltóra a fheabhsú agus chun na críche sin amháin. Le rannpháirtíocht san Ardán, ba cheart gnóthais a spreagadh chun gníomhaíochtaí réamhghníomhacha a dhéanamh chun athléimneacht a slabhra soláthair a fheabhsú gan idirghabháil ón earnáil phoiblí. I gcás an Choimisiúin, d'áiritheofaí le hearnáil phríobháideach réamhghníomhach athléimneach go mbeadh riosca níos ísle ann go ndéanfaí an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú agus go n-úsáidfí an bosca uirlisí éigeandála.

(87) Ba cheart don Choimisiún an cistiú tosaigh don Ardán a sholáthar trí ghlao ar thogra, lena dtacófar lena bhunú agus lena gcumhdófar costais bhunaithe. Níor cheart ach tacar íosta ceanglas a leagan síos sa ghlao gan réitigh theicniúla shonracha ná ceanglais bheachta maidir le bailiú sonraí a fhorordú. Ba cheart é a bheith faoi thairbhí an ghlao ar thogra agus faoi na gnóthais rannpháirteacha samhail mhaoiniúcháin a

chur chun feidhme bunaithe ar chás gnó lenar féidir leis an Ardán a bheith féinchothaitheach sa mheántéarma. Is féidir fiúntas agus úsáideacht an chineáil ardáin sin a thomhas trí rath tionscnamh comhchosúil atá ann cheana ar bhonn réigiúnach, idirnáisiúnta nó in earnálacha eile.

(88) Ba cheart an tArdán a dhearadh sa chaoi go n-áiritheofar leis an rúndacht is mó is féidir maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus comhlíonadh dhlí iomaíochta an Aontais ag [an Ardán]. Go háirithe, ba cheart don Ardán coimircí leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an malartú faisnéise i measc na ngnóthas rannpháirteach teoranta go docht don mhéid atá riachtanach agus comhréireach go hoibiachtúil chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach agus chun malartú frithiomaíoch faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de i measc iomaitheoirí a sheachaint. Sa mhéid sin, níor cheart rochtain a bheith ag gnóthais rannpháirteacha ach ar a gcuid sonraí féin agus ar thuarascálacha comhiomlánaithe anaithnidithe.

(89) Ba cheart cruinnithe, pléití nó malartuithe faisnéise idir gnóthais rannpháirteacha faoi chuimsiú an Ardáin a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun cuspóirí an Ardáin a bhaint amach agus ba cheart iad a dhoiciméadú go hiomchuí. Ba cheart malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de idir rannpháirtithe – lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le praghsanna, costais, corrlaigh, méideanna díolachán, leibhéil táirgeachta, acmhainneachtaí, nó sciartha den mhargadh atá ag gnóthais aonair faoi láthair nó a bheidh acu amach anseo – a eisiamh[58]. Ba cheart don Ardán feidhmiú ar bhealach lena gcaomhnófar neamhspleáchas na ngnóthas rannpháirteach ina gcinnteoireacht tráchtála. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha leanúint de bheith freagrach as comhlíonadh rialacha iomaíochta an Aontais agus rialacha iomaíochta náisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear Airteagal 101 CFAE.

(90) Ba cheart don Ardán rannpháirtíocht na bpríomhearnálacha úsáideoirí deiridh leathsheoltóirí a spreagadh go láidir bunaithe ar an mbreisluach suntasach a thabharfaidh rannpháirtíocht dóibh. D'fhéadfaí a áireamh ar na tairbhí do ghnóthais rannpháirteacha san earnáil úsáideoirí deiridh go mbeidís níos eolaí ar a rioscaí féin sa slabhra soláthair leathsheoltóra agus, dá bhrí sin, go dtabharfaí de chumhacht dóibh bearta réamhghníomhacha a dhéanamh maidir le bainistiú an tslabhra soláthair leathsheoltóra. Ba cheart go léireofaí ar liosta na bpríomhearnálacha úsáideoirí deiridh leathsheoltóirí na hearnálacha reatha atá ag ceannach leathsheoltóirí chun a dtáirgí a tháirgeadh go díreach nó go hindíreach trína gcomhpháirteanna. Ba cheart soláthraithe seirbhísí agus dáileoirí monaraíochta leictreonacha a áireamh ar an liosta mar gheall ar an ról tábhachtach atá acu in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais.

(91) Ó thaobh na hearnála poiblí de agus chun sreabhadh tapa faisnéise a áirithiú i gcás suaitheadh sa slabhra soláthair, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát liosta teagmhála nuashonraithe a choinneáil de na gnóthais ábhartha a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra atá bunaithe ina gcríoch náisiúnta. Ba cheart a cheadú leis an liosta sin freagróirí iomchuí na n-iarrataí deonacha ar fhaisnéis a shainaithint. Níor cheart é a bheith de cheangal ar an liosta a bheith uileghabhálach, agus ba cheart é a láimhseáil ar bhealach lena n-urramaítear go hiomlán na rialacha rúndachta is infheidhme.

---

[58] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Caibidil 6 de na Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair (Treoirlínte Cothrománacha).

(92) Glactar leis go bhfuil roinnt gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí leathsheoltóra bunriachtanach le haghaidh slabhra soláthair leathsheoltóirí éifeachtach in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, i ngeall ar líon na ngnóthas de chuid an Aontais atá ag brath ar a dtáirgí, ar a sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda, ar a dtábhacht chun leibhéal leordhóthanach soláthair a áirithiú nó ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh i soláthar a dtáirgí nó a seirbhísí. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, liosta de na príomhghníomhaithe margaidh sin ina gcríocha a shainaithint agus a choinneáil cothrom le dáta. Mar chuid den fhaireachán, ba cheart do na Ballstáit sláine na ngníomhaíochtaí a dhéanann príomhghníomhaithe margaidh a mheas go sonrach. D'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann aird an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a tharraingt ar shaincheisteanna den sórt sin.

(93) Chun réamhaíocht a chumasú maidir le ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an Coimisiún a chur ar an eolas má fhaigheann siad amach go bhfuil riosca ann go mbeadh briseadh tromchúiseach sa soláthar leathsheoltóirí nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn. Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, i gcás ina bhfaighidh sé amach go bhfuil baol ann go dtarlódh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí nó ina bhfuil faisnéis nithiúil nó iontaofa aige faoi aon toisc riosca ábhartha eile nó faoi aon teagmhas ábhartha eile a thagann chun cinn, nó ar fholáireamh a fháil ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, cruinniú urghnách den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí chun plé a dhéanamh ar dhéine an tsuaite agus ar thionscnamh féideartha an nós imeachta chun céim na géarchéime a ghníomhachtú, agus i gcás inarb iomchuí, riachtanach agus comhréireach do na Ballstáit soláthar comhpháirteach comhordaithe a dhéanamh mar bheart coisctheach, chomh maith le dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara, d'fhonn bearta coisctheacha den sórt sin a shainaithint, a ullmhú agus b'fhéidir a chomhordú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus don Choimisiún, san idirphlé sin, tuairimí pháirtithe leasmhara an tslabhra luacha leathsheoltóra a chur san áireamh. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hiarraidh choisctheach ar fhaisnéis a eisiúint chuig an Ardán. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóra, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta.

(94) Tar éis dó comhairle a fháil ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint chuig gnóthais agus chuig an Ardán. Mar is léir ón taithí a fuarthas ar roinnt bristeacha sa slabhra soláthair san am a chuaigh thart agus ar na deacrachtaí a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá a fháil chun déileáil leis an mbriseadh sin, is é is cuspóir d'iarrataí coisctheacha ar fhaisnéis ag céim an fholáirimh déileáil go leordhóthanach le bristeacha sa slabhra soláthair sula ngníomhachtaítear an chéim ghéarchéime agus ionchur a sholáthar chun measúnuithe beachta a dhéanamh ar ghéarchéim leathsheoltóra a d'fhéadfadh a bheith ann.

(95) Ba cheart a mheas go bhfuil a n-oibleagáid faisnéis a chomhroinnt leis an gCoimisiún comhlíonta ag gnóthais atá rannpháirteach go gníomhach san Ardán i gcásanna ina gcuirtear isteach ar an slabhra soláthair, agus dá bhrí sin ba cheart iad a dhíolmhú ó iarraidh ar fhaisnéis a fháil go díreach roimh an gcéim ghéarchéime. Trí pháirt ghníomhach a ghlacadh san Ardán, tá na gnóthais sin ag léiriú tiomantas láidir do dhí-rioscú réamhghníomhach a dhéanamh ar a slabhra soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart na gnóthais atá rannpháirteach go gníomhach san Ardán a chosaint ar an ualach

riaracháin breise a d'fhéadfadh a bheith orthu freagairt d'iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis. Ba cheart don Choimisiún príomhthorthaí na bhfreagraí ar iarrataí ar fhaisnéis roimh an gcéim ghéarchéime a thuairisciú don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí gan moill mhíchuí. Chun gnóthais rannpháirteacha san Ardán a chosaint ar thionchar eachtrach míchuí agus rúin trádála a chosaint, ba cheart toirmeasc a chur ar an Ardán aon iarraidh ar fhaisnéis a fhreagairt, seachas na hiarrataí sin arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, gan dochar dá oibleagáidí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

(96) Ba cheart an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn fianaise nithiúil thromchúiseach iontaofa ann go bhfuil géarchéim den sórt sin ann. Tarlaíonn géarchéim leathsheoltóra i gcás ina bhfuil briseadh tromchúiseach ar sholáthar leathsheoltóirí nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil leathsheoltóirí laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanais shuntasacha leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhar nó ábhar próiseáilte, agus cuireann na ganntanais shuntasacha sin cosc ar sholáthar, deisiú agus cothabháil táirgí riachtanacha a úsáideann earnálacha criticiúla, mar shampla trealamh leighis agus diagnóiseach, sa mhéid go mbeadh tionchar díobhálach tromchúiseach ag géarchéim den sórt sin ar fheidhmiú na n-earnálacha criticiúla i ngeall ar a dtionchar ar shochaí, ar gheilleagar agus ar shlándáil an Aontais.

(97) D'fhonn freagairt lúfar agus éifeachtach a áirithiú ar an ngéarchéim leathsheoltóra sin, i gcás ina dtiocfadh an Coimisiún ar an eolas faoi ghéarchéim leathsheoltóra fhéideartha, ba cheart dó measúnú a dhéanamh an gcomhlíontar na coinníollacha chun an ghéarchéim a ghníomhachtú. Má chruthaíonn an measúnú sin fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa ar ghéarchéim leathsheoltóra, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun an chéim ghéarchéime a chur i ngníomh ar feadh tréimhse réamhchinntithe 12 mhí ar a mhéad, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le fadú nó foirceannadh luath na céime géarchéime agus an nós imeachta sin a thionscnamh, i gcás ina bhfionnfaí an gá sin, agus an tuairim ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí á cur san áireamh.

(98) Leis na sineirgí idir na sásraí maidir le slándáil an tsoláthair arna mbunú faoi Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2025/2643 agus an Rialachán seo, ba cheart an tsolúbthacht agus an méid gníomhaíochta is gá a thabhairt d'earnáil cosanta an Aontais chun freagairt agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Go háirithe, leis an bhféidearthacht atá ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo agus faoi Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2025/2643 tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh cosanta faoi fhorálacha an dá rialachán maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, ba cheart suaitheadh sa slabhra soláthair in earnáil na cosanta le linn géarchéime a íoslaghdú.

(99) Mar gheall ar a íogaire atá gníomhachtú na céime géarchéime agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar fhreagairt air, lena n-áirítear an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar ghnóthais phríobháideacha san Aontas, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an gcéim ghéarchéime a ghníomhachtú, a fhadú agus a fhoirceannadh i ngéarchéim leathsheoltóra.

(100) Tá dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus comhordú bearta náisiúnta ar bith a dhéantar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóirí fíor-riachtanach le linn na céime géarchéime d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhristeacha leis an gcomhleanúnachas, leis an athléimneacht agus leis an éifeachtacht is gá. Chuige sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe urghnácha a thionól de

réir mar is gá. Ba cheart aon bheart a dhéantar a bheith teoranta go docht d'fhad na céime géarchéime.

(101) D'fhonn freagairt thapa éifeachtúil chomhordaithe a fháil ón Aontas ar ghéarchéim leathsheoltóra, is gá faisnéis thráthúil cothrom le dáta a chur ar fáil don Choimisiún agus na Ballstáit tríd an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir leis an staid oibríochtúil faoi mar atá sí ag titim amach agus trína áirithiú chomh maith go bhféadfar bearta éifeachtacha a dhéanamh chun soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha criticiúla atá buailte a áirithiú. Ba cheart bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a shainaithint agus a chur chun feidhme nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime gan dochar do rannpháirtíocht leanúnach idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann leis na comhpháirtithe ábhartha d'fhonn an ghéarchéim a bhíonn ag síorathrú a mhaolú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, i gcás inar gá agus inar comhréireach, oibleagáid a chur ar thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí glacadh le hordú maidir le táirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tosaíocht a thabhairt don ordú sin, agus gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh nuair a thugann na Ballstáit sainordú chuige sin. Ba cheart don Choimisiún na bearta sin a theorannú ionas nach mbeadh baint acu ach le hearnálacha criticiúla áirithe. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh freisin agus comhairle a thabhairt maidir le bearta iomchuí éifeachtacha. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le bearta cosanta a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59]. Ba cheart úsáid na mbeart éigeandála go léir a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra chun leas an Aontais. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta a rinneadh agus faoi na cúiseanna foluiteacha. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir bhreise a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

(102) Tá roinnt earnálacha ríthábhachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart na hearnálacha criticiúla sin na hearnálacha a liostú in Iarscríbhinn a gabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart an liosta sin a bheith teoranta d'earnálacha agus fo-earnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60], agus earnálacha na cosanta agus na slándála a chur leo, ar bhonn an róil thábhachtaigh atá acu maidir le feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a áirithiú. Níor cheart bearta áirithe a ghlacadh ach amháin chun an soláthar d'earnálacha criticiúla a chinntiú. Féadfaidh an Coimisiún na bearta éigeandála a theorannú do roinnt de na hearnálacha sin nó do chodanna áirithe díobh nuair a bheidh an ghéarchéim leathsheoltóra tar éis cur isteach ar a n-oibriú nó nuair atá an bhagairt ann go gcuirfidh sí isteach ar a n-oibriú.

---

59 Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (códú) (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/479/oj).

60 Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le maidir le hathléimneacht na n-eintiteas ríthábhachtach agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

(103) Is é is aidhm d'iarrataí ar fhaisnéis ó ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas le linn na céime géarchéime measúnú beacht a dhéanamh ar an ngéarchéim leathsheoltóra nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha a shainaithint agus a ullmhú ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an bhfaisnéis sin cumas táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta agus na príomhbhristeacha agus na príomhscrogaill láithreacha. D'fhéadfaí a áireamh ar na gnéithe sin stoc tipiciúil agus stoc reatha iarbhír na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime i saoráidí táirgeachta atá lonnaithe san Aontas chomh maith le saoráidí táirgeachta atá lonnaithe i dtríú tíortha ina n-oibríonn na gnóthais sin nó lena ndéanann siad conradh leo nó as a gceannaíonn siad soláthairtí; an gnáth-aga tionscanta agus an meán-aga tionscanta iarbhír reatha do na táirgí is coitianta a tháirgtear; an t-aschur táirgeachta ionchasach i gcomhair na 3 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh gach saoráide táirgthe de chuid an Aontais; nó cúiseanna lena gcuirtear cosc ar líonadh na hacmhainneachta táirgeachta. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime leathsheoltóra nó na mbeart féideartha maolaithe nó éigeandála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Níor cheart soláthar faisnéise a bheith i gceist le hiarrataí ar fhaisnéis, ar faisnéis í a bheadh contrártha do leasanna slándála náisiúnta na mBallstát dá nochtfaí í. Féadfar an fhaisnéis nithiúil atá le hiarraidh a fhorbairt ar bhonn freagraí roimh ré ar iarrataí ar fhaisnéis roimh chéim na géarchéime, nó ar chomhairle ó líon ionadaíoch gnóthas ábhartha trí chomhairliúchán deonach, i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart aon iarraidh a bheith comhréireach, ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, chomh maith le teorainneacha ama iomchuí a leagan amach maidir leis an bhfaisnéis arna hiarraidh a chur ar fáil. Ba cheart a cheangal ar ghnóthais an iarraidh a chomhlíonadh agus féadfaidh siad a bheith faoi réir pionóis má bhíonn siad neamh-chomhlíontach nó má chuireann siad faisnéis mhícheart ar fáil. Níor cheart aon fhaisnéis a fhaightear a úsáid ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus ba cheart í a bheith faoi réir rialacha rúndachta. Chun rannpháirtíocht iomlán na mBallstát ina bhfuil a láithreán táirgthe ag an ngnóthas a áirithiú, ba cheart don Choimisiún cóip den iarraidh ar fhaisnéis a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an údarás inniúil náisiúnta agus, má iarrann an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh, an fhaisnéis a fuarthas a roinnt leis an údarás inniúil sin trí mhodhanna slána. I gcás ina bhfaighfí gnóthas iarraidh ó thríú tír ar fhaisnéis a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas ionas go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhfuil údar maith le hiarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

(104) Mar uirlis na rogha deiridh, chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha criticiúla leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus lena linn sin amháin nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, d'fhéadfadh an Coimisiún ceangal a chur ar thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ba cheart tairbhithe féideartha na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a bheith ina n-eintitis ó earnálacha criticiúla nó gnóthais a sholáthraíonn d'earnálacha criticiúla ar tharla briseadh ina ngníomhaíochtaí nó ar baol dó sin tarlú mar gheall ar an nganntanas. Chun a áirithiú nach n-úsáidfear orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ach amháin nuair is gá, ba cheart iad a theorannú do thairbhithe nach raibh in ann, tar éis dóibh bearta maolaithe riosca a chur chun feidhme, tionchar an ghanntanais a sheachaint, mar shampla trína gcleachtais soláthair, agus é a mhaolú, trí mhodhanna eile, mar shampla úsáid a bhaint as stoc-chairn a bhí ann cheana. Féadfar an oibleagáid

maidir le glacadh le horduithe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh a leathnú freisin chuig tionscadail straitéiseacha agus saoráidí monaraíochta leathsheoltóra a ghlac leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs tacaíocht phoiblí a fháil, más é is aidhm don tacaíocht phoiblí sin an cumas a chothú chun an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Gach ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart é a dhéanamh ar phraghas cóir réasúnta. Féadfaidh an praghas sin a ríomh ar bhonn na meánphraghsanna margaidh le blianta beaga anuas, faoi réir cúiseanna a thabhairt d'aon mhéadú, mar shampla boilsciú nó ardú i gcostais fuinnimh a chur san áireamh. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh.

(105) I gcás saoráidí a dhéanann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach don Choimisiún, le cúnamh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus do na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú maidir le forghníomhú na n-orduithe sin, lena n-áirítear dea-chleachtais riaracháin.

(106) Ba cheart ceangal a bheith ar an ngnóthas lena mbaineann glacadh le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis agus tosaíocht a thabhairt dó. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ag teacht le hacmhainneachtaí agus le punann táirgthe na saoráide, ba cheart don Choimisiún an deis a thabhairt don tsaoráid lena mbaineann éisteacht a fháil maidir le hindéantacht agus sonraí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis. Níor cheart don Choimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a eisiúint i gcás nach bhfuil an tsaoráid in ann an t-ordú a chomhlíonadh fiú má thugtar tosaíocht do, bíodh sé mar gheall ar chumas táirgeachta neamhleor nó acmhainneacht táirgeachta neamhleor, nó ar fhoras teicniúil nó i gcás nach soláthraítear an táirge nó i gcás nach bhfuil an tseirbhís á feidhmiú ag an tsaoráid nó toisc go gcuirfeadh sé sin ualach eacnamaíoch míréasúnta agus cruatan ar leith ar an ngnóthas, lena n-áirítear rioscaí suntasacha a bhaineann le leanúnachas gnó.

(107) Chun creat trédhearcach agus soiléir a áirithiú chun orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla le haghaidh cur chun feidhme orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Ba cheart coimircí a bheith sa ghníomh cur chun feidhme sin chun a áirithiú go ndéanfar na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na riachtanais agus na comhréireachta, mar shampla sásra lena gcuirtear san áireamh orduithe atá ann cheana agus sásra chun a áirithiú nach rachaidh líon na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo thar a bhfuil riachtanach.

(108) Sa chás eisceachtúil go bhfaighidh gnóthas atá ag oibriú feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra san Aontas iarraidh ó thríú tír ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoi iarraidh den sórt sin, chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú le fáil amach ar cheart don Choimisiún oibleagáid maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a fhorchur chomh maith, i gcás ina bhfuil tionchar suntasach ar shlándáil an tsoláthair d'earnálacha criticiúla, agus gur

comhlíonadh ceanglais eile an riachtanais, na comhréireachta agus na dlíthiúlachta i gcúinsí an cháis.

(109) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnálacha criticiúla a bhfuil feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha á ndéanamh acu, níor cheart dliteanas i leith damáistí i leith tríú páirtithe a bheith i gceist le comhlíonadh na hoibleagáide maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh i leith aon sárú ar oibleagáidí conarthacha a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sealadacha riachtanacha ar phróisis oibríochtúla an mhonaróra lena mbaineann, arna theorannú don mhéid a bhí an sárú ar oibleagáidí conarthacha riachtanach chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh. Ba cheart do ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis an fhéidearthacht sin a thuar i gcoinníollacha a gconarthaí tráchtála. Gan dochar d'infheidhmeacht na bhforálacha eile, ní dhéanfaidh an díolúine sin ó dhliteanas difear don dliteanas i leith táirgí lochtacha, dá bhforáiltear i dTreoir 85/374/CEE[61] ón gComhairle. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), leis an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh táirgí áirithe, urramaítear bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conartha a leagtar síos in Airteagal 16 agus an chirt chun maoine a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt agus ní dhéantar difear díréireach léi don tsaoirse sin.

(110) Nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnálacha criticiúla a dhéanann feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó sainordú a thabhairt don Choimisiún an t-éileamh a chomhiomlánú agus gníomhú thar a gceann ar mhaithe lena soláthar poiblí ar mhaithe le leas an phobail, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta an Aontais atá ann cheana, agus a chumhacht cheannaigh á giaráil aige. Níor cheart ceannach comhpháirteach a úsáid ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha ar leathsheoltóirí sa slabhra soláthair le linn géarchéime. Leis an sainordú, d'fhéadfaí a údarú don Choimisiún comhaontuithe a dhéanamh maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a cheannach le haghaidh earnálacha criticiúla áirithe. Ba cheart don Choimisiún an áirgiúlacht, an riachtanas agus an chomhréireacht a mheas i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir le gach iarraidh. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún gan an iarraidh a leanúint, ba cheart dó na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a chur ar an eolas agus a chúiseanna a thabhairt. Ba cheart na mionsonraí nós imeachta a leagan amach i gcomhaontú den sórt sin idir an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear an cúiseanna le húsáid an tsásra ceannaigh chomhpháirtigh agus na dliteanais atá le glacadh. Féadfar a áireamh i gcomhaontú den sórt sin líon na gconarthaí atá le tabhairt i gcrích agus coinníollacha an chomhcheannaigh, mar shampla praghsanna, creataí ama seachadta, cainníochtaí agus clásail um rogha a bheith páirteach nó clásail um rogha gan a bheith páirteach. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar an gcomhcheannach go síneofaí conradh amháin lena gcumhdaítear riachtanais na mBallstát uile nó roinnt conarthaí a gcumhdaíonn gach ceann acu riachtanais Ballstáit amháin nó níos mó. Thairis sin, ba cheart na Ballstáit rannpháirteacha a bheith i dteideal ionadaithe a cheapadh chun treoraíocht agus comhairle a sholáthar le linn na nósanna imeachta soláthair agus i gcaibidlíocht na gcomhaontuithe ceannaigh. Ba

61 Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1985/374/oj).

cheart imscaradh, úsáid nó athdhíol na dtáirgí a cheannaítear leanúint de bheith faoi shainchúram na mBallstát rannpháirteach.

(111) Le linn géarchéim ganntanais leathsheoltóirí, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina riachtanas ag an Aontas féachaint ar bhearta cosanta. Ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bheith in ann a thuairimí a chur in iúl chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an Choimisiúin le fáil amach an ionann staid an mhargaidh agus ganntanas suntasach táirgí bunriachtanacha de bhun Rialachán (AE) 2015/479.

(112) Ba cheart feidhm maidir leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí a bheith ag an gcreat institiúideach le haghaidh ghrúpaí saineolaithe, lena n-áirítear na rialacha trédhearcachta maidir leis an eintiteas agus a fhoghrúpaí, gan dochar don Rialachán seo. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le beartas cuimsitheach leathsheoltóra a fhorbairt agus maidir le ceisteanna teicniúla sonracha. Ba cheart an méid a leanas a bheith san áireamh leis na ceisteanna sin: comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna; faisnéis a mhalartú faoi fheidhmiú na dtionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí agus na dtionscadal straitéiseach, plé ar shainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad le tionchar mór sóisialta féideartha agus a bhfuil tábhacht slándála ar leith ag baint leo agus a bhfuil gá acu le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa, agus aghaidh a thabhairt ar fhaireachán comhordaithe agus ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, agus comhar idir na Ballstáit mar aon le malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tuairimí a mhalartú leis an gCoimisiún freisin maidir leis na bealaí is fearr chun cosaint agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maoine intleachtúla, faisnéise rúnda agus rún trádála agus rannpháirtíocht chuí na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis an earnáil leathsheoltóra á háirithiú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tacú leis an gCoimisiún chun comhar idirnáisiúnta a dhéanamh i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ba cheart dó feidhmiú mar fhóram chun beartais náisiúnta leathsheoltóra agus infheistíochtaí ábhartha, rannpháirtíocht idirnáisiúnta, conas feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra domhanda, go háirithe agus béim á leagan ar thaighde, forbairt agus nuálaíocht (T&F&N) agus ar chláir malartaithe scileanna, gan dochar do shainphribhléidí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir leis na Conarthaí. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tuairimí na Comhghuaillíochta Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí agus tuairimí páirtithe leasmhara eile a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú le struchtúir eile freagartha ar ghéarchéimeanna agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna de chuid an Aontais, oibriú i gcomhar leo agus faisnéis a mhalartú leo, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach comhordaithe ag an Aontas a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna leathsheoltóra.

(113) Ba cheart ionadaí ón gCoimisiún a bheith ina chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart do gach Ballstát ionadaí ardleibhéil amháin agus ionadaí malartach amháin a cheapadh ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. D'fhéadfaidís suas le triúir ionadaithe éagsúla teicniúla a cheapadh freisin i ndáil le cúraimí éagsúla an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí, mar shampla, ag brath ar an gcuid den Rialachán seo a phléifear i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Ba

cheart do na Ballstáit féachaint le comhar éifeachtach éifeachtúil a áirithiú ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála aonair a léiriú chun malartú iontaofa tráthúil faisnéise maidir le hoibriú an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a áirithiú. Chun comhairle thábhachtach a fháil maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí agus chun rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara a cheadú, ba cheart an Cathaoirleach a bheith in ann foghrúpaí a bhunú agus ba cheart an Cathaoirleach a bheith i dteideal socruithe oibre a bhunú trí chuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí páirt a ghlacadh sna cruinnithe ar bhonn ad hoc nó cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara, go háirithe d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna thionscal leathsheoltóra an Aontais, mar shampla an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóraí, chuig a fhoghrúpaí mar bhreathnóirí.

(114) Ba cheart an Cathaoirleach a bheith ábalta malartuithe idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí, agus grúpaí saineolaithe agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a éascú. I bhfianaise a thábhachtaí atá soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha eile agus an gá atá le comhordú dá bharr, ba cheart don Chathaoirleach a áirithiú go mbeidh institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí i ndáil leis an sásra faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna a bhunaítear sa Rialachán seo.

(115) Ba cheart ról lárnach a bheith ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. I ndáil leis sin, ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil cumhacht leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin. Féadfaidh na Ballstáit údarás nó údaráis atá ann cheana a ainmniú. Chun éifeachtúlacht eagraíochta a mhéadú sna Ballstáit agus chun pointe teagmhála oifigiúil a shocrú i leith an phobail agus contrapháirteanna eile ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin a ainmniú, laistigh de cheann de na húdaráis a d'ainmnigh sé mar údarás inniúil faoin Rialachán seo, le bheith freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo agus as comhar trasteorann le húdaráis inniúla na mBallstát eile a chomhordú.

(116) Ba cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí a thabhairt i gcrích le comhpháirtithe idirnáisiúnta seanbhunaithe nó le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn chun slándáil soláthair agus comhar an Aontais feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra a fheabhsú. Ba cheart do na comhpháirtíochtaí sin a ndícheall a dhéanamh freisin aghaidh a thabhairt ar an nganntanas eolais agus scileanna a bhaineann le leathsheoltóirí atá san Aontas trí thallann nua a mhealladh, a shlógadh agus a choinneáil chuig an Aontas. I gcás comhpháirtithe lena bhfuil comhar ag an Aontas maidir le leathsheoltóirí arna bhunú trí Chomhairle um Chomhpháirtíocht Dhigiteach, Trádáil agus Teicneolaíocht nó trí Idirphlé Digiteach, ba cheart an stiúradh polaitiúil agus na tosaíochtaí a comhaontaíodh ag na fóraim sin a léiriú sa chomhpháirtíocht straitéiseach maidir le leathsheoltóirí.

(117) Chun creat comhleanúnach a fhorbairt agus a áirithiú chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí a bheidh ann amach anseo a thabhairt i gcrích, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, mar chuid dá n-idirghníomhaíocht ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, plé a dhéanamh, i measc nithe eile, i dtaobh an

mbaineann comhpháirtíochtaí atá ann cheana a n-aidhmeanna beartaithe amach, tús áite a thabhairt do chomhpháirtithe le haghaidh comhpháirtíochtaí nua, ábhar na gcomhpháirtíochtaí sin agus a gcomhsheasmhacht agus a sineirgí féideartha le creataí comhair idirnáisiúnta eile de chuid an Choimisiúin agus le comhar déthaobhach na mBallstát le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta ábhartha. Ba cheart é sin a dhéanamh gan dochar do shainchumais na Comhairle i gcomhréir leis na Conarthaí. Ba cheart don Aontas comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a lorg le margaí atá ag teacht chun cinn agus le geilleagair atá i mbéal forbartha, i gcomhréir lena straitéis Global Gateway[62] agus lena Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta[63], lena gcuirtear le héagsúlú a shlabhra soláthair leathsheoltóra chomh maith le breisluach a chur leis na comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta sin.

(118) Chun uathriail straitéiseach agus ceannaireacht an Aontais i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a neartú, ba cheart don Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra scor de bheith ann agus ba cheart don Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí ('an Chomhghuaillíocht'), a bhunaítear leis an Rialachán seo, a cuid oibríochtaí a ghlacadh ar láimh faoi mhaoirseacht an Choimisiúin. Ba cheart comhaltaí agus rannpháirtithe uile na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra atá ann cheana a bheith ina gcomhaltaí agus ina rannpháirtithe den Chomhghuaillíocht go huathoibríoch. Ba cheart na téarmaí tagartha faoina sonraítear feidhmiú, cúraimí agus comhdhéanamh na Comhghuaillíochta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin ar mhaithe le soiléiriú[64]. Ba cheart don Chomhghuaillíocht páirtithe leasmhara ó gach cearn den slabhra luacha a thabhairt le chéile, lena n-áirítear tionscal, FBManna, eagraíochtaí taighde, agus príomhearnálacha úsáideoirí, chun bearnaí criticiúla i gcumais an Aontais a shainaithint agus chun an dul chun cinn teicneolaíoch agus tionsclaíoch is gá a spreagadh chun iomaíochas a fheabhsú. Trí chomhar agus nuálaíocht a chothú, ba cheart don Chomhghuaillíocht cuidiú le spleáchais a laghdú, athléimneacht an tslabhra soláthair a threisiú agus tacú le gníomhaithe beaga an Aontais a scálú. Chun comhleanúnachas le straitéis agus tosaíochtaí leathsheoltóra an Aontais a áirithiú, agus chun cur chun feidhme rianúil agus éifeachtach an Rialacháin seo a éascú, ba cheart do Choiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta idirphlé rialta a choinneáil ar bun leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus féadfaidh a mheithleacha nuashonruithe a thíolacadh arna iarraidh sin. Leis an rannpháirtíocht struchtúrtha sin, ba cheart é a chur ar a chumas don Bhord léargais tionscail a chomhtháthú i gcinntí beartais, lena n-áiritheofar go leanfaidh iarrachtaí poiblí agus príobháideacha de bheith ailínithe maidir le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a chur chun cinn.

(119) Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht na faisnéise agus na sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú go háirithe chun cearta maoine intleachtúla,

---

62 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, The Global Gateway strategy, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2841/5607451

63 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, An international digital strategy for the European Union [Straitéis dhigiteach idirnáisiúnta don Aontas Eorpach], an Coimisiún Eorpach, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2759/4019528

64 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, *an Chomhghuaillíocht um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóirí*, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/alliance-processors-and-semiconductor-technologies

faisnéis ghnó íogair agus rúin trádála a chosaint. Maidir le haon fhaisnéis a fhaightear le linn iarratais ar aitheantas mar thionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí, i gcomhthéacs iarrataí ar fhaisnéis nó oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, níor cheart í a úsáid ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus ba cheart í a bheith cumhdaithe faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE, chomh maith le rialacha inmheánacha an Choimisiúin maidir le láimhseáil shlán sonraí, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún[65]. Ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile a oibríonn faoi mhaoirseacht na n-údarás sin, chomh maith le hoifigigh agus státseirbhísigh údarás eile de chuid na mBallstát, rúndacht na faisnéise a fhaigheann siad le linn dóibh a gcúraimí agus gníomhaíochtaí a bheith á ndéanamh acu a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus maidir leis an gCoiste um Leathsheoltóirí. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs an bhailithe faisnéise.

(120) Ba cheart comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo a bheith infhorfheidhmithe trí bhíthin fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis. Chuige sin, ba cheart leibhéil iomchuí fíneálacha a leagan síos i leith neamhchomhlíonadh iarrataí ar fhaisnéis agus oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, agus leibhéil éagsúla tromchúise an neamhchomhlíonta idir an dá oibleagáid, agus uasteorainneacha éagsúla do FBManna, á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a leagan síos i gcás nach gcomhlíonfar an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a ghlacadh agus a fheidhmiú, ar cheart dóibh a bheith comhréireach agus leibhéil na bpraghsanna ar an margadh le 90 lá roimhe sin a léiriú, agus uasteorainneacha éagsúla ann do FBManna. Ba cheart feidhm a bheith ag tréimhsí teorann maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis a fhorchur, sa bhreis ar na tréimhsí teorann chun pionóis a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún an ceart éisteachta a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann nó d'eagraíochtaí ionadaíocha de chuid gnóthas.

(121) Chun athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh atá ábhartha don earnáil leathsheoltóra a léiriú, chun cur chun feidhme agus meastóireacht éifeachtach an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn an Rialachán seo a leasú i dtaca leis na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' leo ar bhealach atá comhsheasmhach lena chuspóirí agus i dtaca leis na táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' agus chun tuairisciú ar a dhul chun cinn maidir le baint amach a chuspóirí, agus d'fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an nós imeachta le haghaidh iarratais agus na ceanglais agus na coinníollacha a bhunú maidir le lipéad na lárionad dearthóireachta barr feabhais a dheonú, faireachán a dhéanamh air agus a tharraingt siar. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos

[65] Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

Fearr[66]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(122) Gan dochar don nós imeachta buiséadach ná d'uathriail riaracháin, ba cheart don Choimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun a áirithiú gur féidir leis a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chumhachtaí a fheidhmiú faoin Rialachán seo.

(123) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat a bhunú chun an t-éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar leibhéal an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(124) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1781 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat chun an t-éiceachóras leathsheoltóra a neartú, agus chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais a d'fhéadfadh slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí ar leibhéal an Aontais a chur i mbaol, agus chun na spleáchais sin a chosc, go háirithe trí na bearta seo a leanas:

   (a) leanúint den Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip', a bunaíodh ar dtús faoi Rialachán (AE) 2023/1781 agus dá dtagraítear sa Rialachán seo mar 'Tionscnamh Sliseanna don Eoraip 2.0' agus é a fhorbairt tuilleadh;

   (b) na critéir a leagan síos chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra ar tionscnaimh cheannródaíocha agus ar tionscadail straitéiseacha iad lena gcothaítear fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas éiceachóras leathsheoltóra an Aontais;

   (c) feabhas a chur ar an sásra comhordúcháin idir na Ballstáit agus an Coimisiún a bunaíodh ar dtús faoi Rialachán (AE) 2023/1781 a bhaineann le mapáil agus faireachán a dhéanamh ar earnáil leathsheoltóra an Aontais, cosc ar ghéarchéimeanna agus freagairt ar ghanntanais leathsheoltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, iarrataí ar fhaisnéis agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ón slabhra soláthair leathsheoltóra.

[66] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

1. Is é an chéad chuspóir ginearálta atá ag Rialachán seo na dálaí is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra a áirithiú agus oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a áirithiú.

2. Is é an dara cuspóir ginearálta, ar leithligh ón gcéad chuspóir ginearálta a leagtar amach i mír 2 agus comhlántach leis, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú.

3. Beidh feidhm ag an rialachán seo gan dochar do na nósanna imeachta sonracha soláthair agus do na caighdeáin cháilíochta is infheidhme in earnáil na cosanta dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2025/2643.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'leathsheoltóir' ceann díobh seo a leanas:

(a) ábhar, lena n-áirítear ardábhair, bíodh an t-ábhar sin eiliminteach, nó comhdhúileach, ar féidir a sheoltacht leictreach a mhodhnú;

(b) comhpháirt atá comhdhéanta de shraith sraitheanna d'ábhair leathsheoltacha, inslithe agus sheoltacha, a shocraítear de réir pátrún réamhshocraithe, agus atá ceaptha chun feidhmeanna leictreonacha nó fótónaice dea-shainithe a dhéanamh, nó an dá rud;

(2) ciallaíonn 'slis' gaireas leictreonach lena gcuimsítear eilimintí feidhmiúla éagsúla ar aon chuid amháin d'ábhar leathsheoltóra, gaireas arb iondúil dó a bheith i bhfoirm gairis chuimhne, loighce, phróiseálaí, optaileictreonaice agus analógacha;

(3) ciallaíonn 'slis chandamach' gléas lena bpróiseáiltear faisnéis ar leibhéal na gcóras candamach aonair, ag a bhfuil leibhéal comhtháthaithe comhpháirteanna éagsúil ar an slis, ag brath ar an ardán candamach a úsáidtear, lena n-áirítear ardáin le haghaidh ríomhaireacht, cumarsáid, braiteacht nó méadreolaíocht chandamach;

(4) ciallaíonn 'nód teicneolaíochta' próiseas monaraíochta leathsheoltóra sonrach agus a rialacha dearaidh;

(5) ciallaíonn 'slabhra soláthair leathsheoltóra' an córas gníomhaíochtaí, eagraíochtaí, gníomhaithe, teicneolaíochta, faisnéise, acmhainní agus seirbhísí atá bainteach leis an táirgeadh leathsheoltóirí, lena n-áirítear amhábhair agus ábhair phróiseáilte, amhail gáis, trealamh monaraíochta leathsheoltóirí, dearadh, lena n-áirítear forbairt bogearraí gaolmhara, déantúsaíocht, cóimeáil, tástáil agus pacáistiú;

(6) ciallaíonn 'slabhra luacha leathsheoltóra' an tacar gníomhaíochtaí a bhaineann le táirge leathsheoltóra, óna cheapadh go dtí a úsáid deiridh, lena n-áirítear amhábhair agus ábhair phróiseáilte, mar shampla gáis, trealamh monaraíochta leathsheoltóirí, taighde, forbairt agus nuálaíocht, dearadh, lena n-áirítear forbairt bogearraí gaolmhara, monaraíocht, tástáil, cóimeáil agus pacáistiú go leabú agus comhtháthú i dtáirgí deiridh, chomh maith le próisis deireadh ré, mar shampla athúsáid, díchóimeáil agus athchúrsáil;

(7) ciallaíonn 'líne phíolótach' saoráid tástála agus turgnamhaíochta lena dtugtar aghaidh ar ardleibhéil ullmhachta teicneolaíochta suas go dtí glacadh tionsclaíoch chun táirgí, trealamh, próisis nó córais a thástáil, a léiriú, a bhailíochtú agus a chalabrú;

(8) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus mheánmhéide' nó 'FBManna' fiontair bheaga nó mheánmhéide mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[67];

(9) ciallaíonn 'fiontar meánchaipitlithe bheag' fiontar meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2025/1099/CE;

(10) ciallaíonn 'tionscnamh ceannródaíoch' aon cheann de na tionscnaimh seo a leanas, lena soláthraítear nuálaíocht san Aontas maidir leis an bpróiseas monaraíochta nó an táirge deiridh a mhéid nach bhfuil an nuálaíocht sin ann go leordhóthanach fós nó nach bhfuil gealltanas tugtha í a thógáil laistigh den Aontas chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear nuálaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar ríomhchumhacht nó ar leibhéal na slándála, na sábháilteachta nó na hiontaofachta, na feidhmíochta fuinnimh agus comhshaoil, an nóid teicneolaíochta nó na n-ábhar foshraithe teicneolaíochta, nó i gcur chun feidhme próiseas táirgthe as a n-eascraíonn gnóthachain éifeachtúlachta, nó a fheabhsaíonn in-athchúrsáilteacht, nó a laghdaíonn ionchuir táirgthe:

  (a) saoráid monaraíochta leathsheoltóra nua nó uasghrádaithe go substaintiúil;

  (b) saoráid nó próiseas nua nó uasghrádaithe go substaintiúil chun trealamh a tháirgeadh;

  (c) saoráid nó próiseas nua nó uasghrádaithe go substaintiúil chun príomh-chomhpháirteanna a tháirgeadh don trealamh sin nó chun ionchuir a tháirgeadh ar ionchuir iad a úsáidtear go príomha i monaraíocht leathsheoltóirí, amhail ábhair;

  (d) saoráid nua nó uasghrádaithe go substaintiúil le haghaidh monarú nó comhtháthú leictreonaice;

  (e) gníomhaíochtaí nua deartha sliseanna atá dírithe ar an monaraíocht;

(11) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí deartha sliseanna atá dírithe ar an monaraíocht' dearaí a ullmhú le haghaidh monarú, comhoptamú próisis deartha, agus barrchaolú deiridh a dhéanamh, arb é an chéim é ina ndéantar dearadh slise don mhonaraíocht i bhfoirm fréamhshamhla fisicí lena bailíochtú roimh tháirgeadh toirte;

(12) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile' teicneolaíochtaí leathsheoltóra a sháraíonn an leibhéal úrscothach maidir le feabhsuithe suntasacha ar fheidhmíocht fheidhmiúil, ar chumhacht ríomhaireachta nó ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil, chomh maith le gnóthachain shuntasacha eile fuinnimh agus comhshaoil;

(13) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha' nuálaíocht úrscothach maidir le sliseanna agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuair a chuirtear na tionscadail i gcrích;

(14) ciallaíonn 'monaraíocht leathsheoltóirí', aon cheann de chéimeanna táirgeachta agus próiseála na sliseog leathsheoltóra, lena n-áirítear dearadh, ábhair fhoshraithe,

[67] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

monaraíocht tosaigh agus chúil, atá riachtanach chun táirge leathsheoltóra críochnaithe a sheachadadh;

(15) ciallaíonn ‘monaraíocht tosaigh’ próiseáil iomlán na sliseoige leathsheoltóra;

(16) ciallaíonn ‘monaraíocht chúil’ pacáistiú, cóimeáil agus tástáil an táirge leathsheoltóra;

(17) ciallaíonn ‘monaraíocht agus comhtháthú na leictreonaice’ monarú nó comhtháthú clár ciorcad priontáilte, foshraitheanna ardphacáistíochta agus monaraíochta leictreonaí a bhaineann le cóimeáil, tástáil nó comhtháthú córais leathsheoltóra nó táirgí atá bunaithe ar leathsheoltóirí;

(18) ciallaíonn ‘úsáideoir leathsheoltóirí’ gnóthas a chuireann táirgí ar fáil ina n-ionchorpraítear leathsheoltóirí;

(19) ciallaíonn ‘príomhghníomhaithe margaidh’ gnóthais i slabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, gnóthais a bhfuil a bhfeidhmiú iontaofa bunriachtanach don soláthar leathsheoltóirí;

(20) ciallaíonn ‘earnáil chriticiúil’ aon earnáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn V;

(21) ciallaíonn ‘táirge atá ábhartha i gcás géarchéime’ aon cheann de na táirgí seo a leanas a ndéanann géarchéim leathsheoltóra difear dóibh agus atá ábhartha chun feidhmeanna ríthábhachtacha earnála criticiúla a áirithiú:

(a) leathsheoltóirí nó sliseanna a imscarann earnálacha criticiúla go díreach nó a úsáidtear chun gléasanna a úsáideann earnálacha criticiúla a tháirgeadh;

(b) táirgí idirmheánacha a theastaíonn chun leathsheoltóirí nó sliseanna a tháirgeadh;

(c) amhábhair agus ábhair phróiseáilte is gá chun leathsheoltóirí nó sliseanna nó táirgí idirmheánacha a tháirgeadh.

(22) ciallaíonn ‘cumas táirgeachta’ an cumas atá ag saoráid cineálacha áirithe táirgí a tháirgeadh;

(23) ciallaíonn ‘acmhainneacht táirgeachta’ aschur uasta féideartha saoráide;

(24) ciallaíonn ‘rún trádála’ rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943;

(25) ciallaíonn ‘nós imeachta deonaithe ceadanna’ próiseas lena gcumhdaítear na ceadanna ábhartha uile chun tionscadail monaraíochta leathsheoltóra tionsclaíche a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna tógála, ceimiceán agus nasctha eangaí mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den [Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna], agus measúnuithe agus údaruithe comhshaoil i gcás inar gá, agus lena gcuimsítear na hiarratais agus na nósanna imeachta uile ón admháil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go dtí an fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta;

(26) ciallaíonn ‘conradh’ conarthaí poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5), de Threoir 2014/24/AE, conarthaí soláthair, oibreacha agus seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [cuir isteach fonóta], agus conarthaí lamháltais mar a

shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(27) ciallaíonn 'údarás conarthach', údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2(1), pointe (1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 3 de Threoir 2014/25/AE é;

(28) ciallaíonn 'eintiteas conarthach' eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE agus in Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE é;

(29) ciallaíonn 'timpeallacht shlán phróiseála' an timpeallacht fhisiceach nó fhíorúil agus na modhanna eagraíochtúla chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68], go háirithe maidir le cearta na n-ábhar sonraí, rialacha in aghaidh trustaí, cearta maoine intleachtúla agus rúndacht tráchtála agus staidrimh, sláine agus inrochtaineacht, agus go gcomhlíonfar an dlí náisiúnta is infheidhme, agus chun a cheadú don eintiteas a sholáthraíonn an timpeallacht shlán phróiseála na gníomhaíochtaí próiseála sonraí uile a chinneadh agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear sonraí a thaispeáint, a stóráil, a íoslódáil agus a onnmhairiú agus sonraí díorthacha a ríomh trí algartaim ríomhaireachtúla;

(30) ciallaíonn 'ionadaí dlíthiúil' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sainchónaí air nó atá bunaithe san Aontas agus atá ainmnithe chun gníomhú thar ceann an Ardáin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Rialachán seo;

(31) ciallaíonn 'gnóthas intíre':

(a) aon ghnóthas sa slabhra luacha leathsheoltóra a bhfuil a shuíomh san Aontas agus atá faoi úinéireacht agus faoi rialú gnóthais de chuid an Aontais;

(b) aon ghnóthas sa slabhra luacha leathsheoltóra a chomhlíonann ceann amháin de na critéir seo a leanas, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil a shuíochán san Aontas:

(c) tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú gnóthais de chuid an Aontais, agus tá a shuíomh lasmuigh den Aontas;

(d) tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú gnóthais atá bunaithe i dtríú tír nó i dtríú críoch a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas léi lena mbunaítear limistéar saorthrádála, aontas custaim, nó comhpháirtíocht straitéiseach maidir le leathsheoltóirí arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 49;

(e)tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú gnóthais atá bunaithe i sínitheoir Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais.

(32) ciallaíonn 'úinéireacht' 50 % nó níos mó de chearta dílseánaigh duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a bheith ina sheilbh, nó leas tromlaigh a bheith aige ann;

(33) ciallaíonn 'rialú' rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(6), de Rialachán (AE) 2021/697;

(34) Ciallaíonn 'gnóthas de chuid an Aontais' gnóthas arna bhunú faoi dhlíthe Ballstáit;

[68] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(35) ciallaíonn ‘comhpháirtíocht straitéiseach maidir le leathsheoltóirí’ gealltanas idir an tAontas agus tríú tír nó tríú críoch chun comhar a mhéadú a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra a bhunaítear trí ionstraim neamhcheangailteach lena leagtar amach gníomhaíochtaí nithiúla comhleasa;

(36) ciallaíonn ‘tionscadal straitéiseach’ tionscadal lena soláthraítear breisluach suntasach don Aontas trí rannchuidiú go substaintiúil le cuspóirí leasa choitinn an Aontais, a bhfuil gné shoiléir thrasteorann ag baint leis, go háirithe trí chomhar teicniúil nó tacaíocht phoiblí lena mbaineann níos mó ná Ballstát amháin, agus a rannchuidíonn le fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais agus cheannasacht theicneolaíoch agus cheannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú trí acmhainneachtaí, teicneolaíochtaí nó cumais chriticiúla a chumasú, a chur chun cinn nó a dhaingniú laistigh den Aontas, lena n-áirítear trí spleáchais straitéiseacha a laghdú.

(37) Ciallaíonn ‘an Comhghnóthas um Shliseanna’ an comhghnóthas a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle, agus, i gcás inarb infheidhme, aon eintiteas nó tionscnamh comharba a bunaíodh faoi dhlí an Aontais de bhun Creat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin.

# Caibidil II

# An Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’

*Airteagal 3*
*An Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’*

1. Tacófar leis an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ ar feadh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, arna bhunú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[69].

2. Tacófar leis an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ trí chistiú ó Fís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/694 agus (AE) 2021/695, agus trí chistiú náisiúnta agus príobháideach.

*Airteagal 4*
*Cuspóir an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’*

3. Is é an cuspóir ginearálta a bheidh ag an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ fothú acmhainneachta teicneolaíche ar mórscála a bhaint amach agus tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara ar fud shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) ceannasacht theicneolaíoch, slándáil eacnamaíoch, athléimneacht, rathúnas, fíor-riachtanas agus iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú, trí fhoráil a dhéanamh maidir le haistriú agus glacadh tionsclaíoch na dteicneolaíochtaí arna bhforbairt faoin Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’;

   (b) éileamh an Aontais ar leathsheoltóirí a spreagadh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta soláthair lena gcuirtear chun cinn, i gcomhréir le dlí an Aontais agus

[69] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, glacadh agus comhtháthú teicneolaíochtaí, comhpháirteanna agus córas leathsheoltóra arna ndearadh, arna bhforbairt nó arna monarú laistigh den Aontas;

(c) nuálaíocht, forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha a chumasú, lena n-áirítear fótónaic mar theicneolaíocht thrasnach chumasúcháin, go háirithe iad siúd atá ríthábhachtach don intleacht shaorga (IS), lena n-áirítear imeall-IS, agus le haghaidh príomhearnálacha cur i bhfeidhm amhail sláinte, fuinneamh, uathoibriú tionsclaíoch, róbataic, iompar, cosaint, gluaisteáin agus córais aerloingseoireachta, agus lárionaid sonraí agus néalbhonneagar;

(d) rannchuidiú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach, go háirithe trí thionchar aeráide, comhshaoil agus fuinnimh na gcóras leictreonach a laghdú, trí inbhuanaitheacht sliseanna na chéad ghlúine eile a fheabhsú agus trí phróisis an gheilleagair chiorclaigh a neartú, trí rannchuidiú le poist ardcháilíochta laistigh den éiceachóras leathsheoltóra agus trí aghaidh a thabhairt ar shlándáil trí dhearadh, lena soláthraítear cosaint ar bhagairtí cibearshlándála.

4. Beidh na sé chuspóir oibríochtúla seo a leanas ag an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0':

(a) cuspóir oibríochtúil 1: tacú le hardacmhainneachtaí dearthóireachta le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra;

(b) cuspóir oibríochtúil 2: feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus ardlínte nua píolótacha a fhorbairt ar fud an Aontais chun forbairt agus cur in úsáid tionsclaíoch teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus den chéad ghlúin eile a chumasú, agus ionaid tástála phíolótacha chun comhtháthú agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin i bpríomhfheidhmeanna agus i dtionscail úsáideoirí a bhailíochtú agus a léiriú;

(c) cuspóir oibríochtúil 3: ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta a fhothú chun dlús a chur le forbairt nuálach sliseanna candamacha úrscothacha agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra gaolmhara;

(d) cuspóir oibríochtúil 4: tacú le líonra lárionad inniúlachta ar fud an Aontais trí shaoráidí atá ann cheana a fheabhsú nó trí shaoráidí nua a chruthú;

(e)cuspóir oibríochtúil 5: ardacmhainneachtaí dearthóireachta, fréamhshamhaltaithe agus imscartha thionsclaíoch a fhorbairt agus a neartú le haghaidh teicneolaíochtaí ciorcaid iomlánaithe fótónaice agus teicneolaíochtaí fótónaice eile ar fud an Aontais;

(f) cuspóir oibríochtúil 6: gníomhaíochtaí a dhéanamh, a dtabharfar tuairisc orthu go comhpháirteach mar ghníomhaíochtaí 'an Chiste um Shliseanna', chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, lena n-áirítear trí threoir shoiléir a sholáthar, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis, do FBManna agus do fiontair mheánchaipitlithe bheaga sa slabhra luacha leathsheoltóra, trí ionstraimí airgeadais agus sásraí tacaíochta infheistíochta lena dtacaítear le cothromas, fiachas nó maoiniú cumaiscthe faoi Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, faoi Chiste InvestEU agus, i gcás inarb infheidhme, faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais agus, más infheidhme, faoina gcomharbaí faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034.

5. Leis an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’, tacófar le tionscnaimh mhórscála trasearnála lena dtabharfar aghaidh ar mhórdhúshláin theicneolaíocha agus thionsclaíocha atá ábhartha go straitéiseach don Aontas (‘mórdhúshláin’).

6. Féadfar gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara a áireamh ar chuspóirí oibríochtúla an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’. Faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, maoineofar gach gníomhaíocht fothaithe acmhainneachta tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach agus déanfar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara a chistiú trí Fhís Eorpach.

*Airteagal 5*

*Cuspóirí oibríochtúla an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’*

Leis an Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’, déanfar an méid seo a leanas:

(a) faoina chuspóir oibríochtúil 1:

(i) ardán dearthóireachta fíorúil a chothabháil agus a leathnú, a bheidh ar fáil ar fud an Aontais, lena gcomhtháthófar raon leathan sócmhainní, uirlisí agus seirbhísí dearthóireachta nua agus atá ann cheana, lena n-éascófar rochtain, go háirithe, don saol acadúil, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus do FBManna, d’fhonn fás agus méadú gnóthas cáblaithe san Aontas a neartú;

(ii) cumais deartha an Aontais a leathnú, lena n-áirítear i bhfótónaic agus i dteicneolaíochtaí candamacha, trí fhorbairtí nuálacha i ndearadh ardsliseanna agus in ailtireachtaí ardsliseanna a chothú, agus, chuige sin, tacú le tionscadail deartha straitéiseacha uaillmhianacha atá an-ábhartha d’uathriail straitéiseach agus d’iomaíochas an Aontais;

(b) faoina chuspóir oibríochtúil 2:

(i)cumais maidir le teicneolaíochtaí táirgeachta sliseanna den chéad ghlúin eile agus trealamh monaraíochta leathsheoltóirí den chéad ghlúin eile a neartú, trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chomhtháthú agus trí fhorbairt nód teicneolaíochta agus próiseas monaraíochta leathsheoltóirí amach anseo a ullmhú;

(ii) tacú le nuálaíocht ar mórscála trí rochtain a fháil ar línte píolótacha nua nó ar línte píolótacha atá ann cheana chun turgnamh, tástáil, rialú próisis, tréithriú feistí deiridh, teicneolaíochtaí agus coincheapa dearthóireachta nua, lena gcomhtháthaítear príomhfheidhmiúlachtaí, a thástáil agus a bhailíochtú;

(iii) tacú leis an nuálaíocht trí rochtain ar ionaid tástála phíolótacha nua nó leathnaithe ina ndéantar teicneolaíochtaí nó táirgí nuálacha éagsúla a chomhcheangal agus a chomhtháthú chun gléasanna nua a fhorbairt agus a bhailíochtú i bpríomhfheidhmeanna agus i dtionscail úsáideoirí sula gcuirfear in úsáid go hiomlán ar scála tionsclaíoch iad, chun rioscaí a shainaithint, feidhmíocht a bhailíochtú, agus indéantacht a áirithiú i bhfíordhálaí;

(iv) tacaíocht a chur ar fáil do thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra trí rochtain fhabhrach a thabhairt ar línte píolótacha nua nó ar línte píolótacha atá ann cheana, chomh maith le rochtain ar théarmaí

cothroma ar línte píolótacha nua agus ar ionaid tástála phíolótacha a áirithiú do raon leathan úsáideoirí in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais;

(v) ullmhú d'aistriú agus do ghlacadh tionsclaíoch na dteicneolaíochtaí arna bhforbairt faoin gcuspóir oibríochtúil seo;

(c) faoina chuspóir oibríochtúil 3:

(i)tacú le forbairt línte píolótacha, seomraí glana agus teilgcheártaí atá nua nó atá ann cheana chun sliseanna candamacha a fhréamhshamhaltú agus a tháirgeadh chun ciorcaid chandamach agus leictreonaic rialaithe a chomhtháthú;

(ii) saoráidí a fhorbairt chun ardsliseanna candamacha a tháirgfear trí na línte píolótacha a thástáil agus a bhailíochtú, d'fhonn an lúb aischothaithe nuálaíochta idir dearthóirí, táirgeoirí agus úsáideoirí comhpháirteanna candamacha a dhúnadh;

(iii) leabharlanna dearthóireachta nuálacha a fhorbairt le haghaidh sliseanna candamacha i ndlúthchomhar le cuspóir oibríochtúil 1;

(d) faoina chuspóir oibríochtúil 4:

(i)na hacmhainneachtaí a neartú agus réimse leathan saineolais a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna is úsáideoirí deiridh, rud a éascóidh rochtain ar na hacmhainneachtaí agus na saoráidí dá dtagraítear san Airteagal seo, chomh maith lena n-úsáid éifeachtach;

(ii) aghaidh a thabhairt ar an nganntanas eolais agus scileanna agus ar an mímheaitseáil scileanna trí thallann nua maidir le taighde, dearadh agus táirgeadh a mhealladh, a shlógadh agus a choinneáil, lena n-áirítear athsciliú agus uas-sciliú oibrithe;

(e)faoina chuspóir oibríochtúil 5:

(i)cumais i dteicneolaíochtaí táirgthe, i dtrealamh monaraíochta leathsheoltóra agus in ardáin ábhar le haghaidh ciorcaid iomlánaithe fótónaice a neartú trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chomhtháthú;

(ii) línte píolótacha agus saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí rochtana oscailte atá ann cheana a neartú agus a fhorbairt chun ciorcaid iomlánaithe fótónaice agus teicneolaíochtaí fótónacha gaolmhara a fhréamhshamhaltú agus a tháirgeadh;

(iii) leabharlanna dearthóireachta agus uirlisí uathoibrithe dearaidh a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh ciorcaid iomlánaithe fótónaice, teicneolaíochtaí fótónacha gaolmhara, agus modhanna lena gcomhtháthú sna modúil atá ar fáil ar théarmaí oscailte agus neamh-idirdhealaitheacha ar fud an Aontais;

(iv) ullmhú d'aistriú agus do ghlacadh tionsclaíoch na dteicneolaíochtaí arna bhforbairt faoin gcuspóir oibríochtúil seo;

(f)faoina chuspóir oibríochtúil 6:

(i)tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra chun rochtain a

fháil ar mhaoiniú ag gach céim den fhás, agus béim ar leith á leagan ar an mbearna mhaoiniúcháin a dhúnadh lena gcuirtear cosc orthu an scála is gá a bhaint amach chun dul san iomaíocht ar fud an domhain;

(ii) dlús a chur le hinrochtaineacht ar infheistíocht sa slabhra luacha leathsheoltóra agus í a fheabhsú, go háirithe trí chaipiteal fiontair agus cothromas fáis a shlógadh, agus cistiú a ghiaráil ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas an éiceachórais leathsheoltóra san Aontas a mhéadú an tráth céanna.

Cuirfear na cuspóirí sin chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis an tuairisc theicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 6*

*Líonra Eorpach na lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí*

1. Chun críocha chuspóir oibríochtúil 4 an Tionscnaimh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’, tacófar le líonra Eorpach na lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí, comhtháthú agus dearadh córas (an ‘líonra’) a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2023/1781. Beidh an líonra comhdhéanta de na lárionaid inniúlachta arna roghnú ag an gComhghnóthas um Shliseanna i gcomhréir le mír 3.

2. Déanfaidh na lárionaid inniúlachta na gníomhaíochtaí seo a leanas nó cuid díobh a dhéanamh chun sochair d’earnáil tionsclaíochta an Aontais agus i ndlúthchomhar léi, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, chomh maith le heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, ollscoileanna, agus an earnáil phoiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra:

(a) ailíniú a áirithiú idir gníomhaíochtaí an lárionaid inniúlachta agus, i gcás inarb infheidhme, straitéis leathsheoltóra an Bhallstáit ina bhfuil an lárionad inniúlachta bunaithe;

(b) feasacht a ardú agus an fios gnó, an saineolas agus na scileanna is gá a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara chun cabhrú leo dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí nua leathsheoltóra, monaraíocht leathsheoltóra, trealamh, roghanna dearaidh agus coincheapa córais chomh maith le comhtháthú teicneolaíochtaí leathsheoltóra nua, trí úsáid éifeachtach a bhaint as bonneagar agus as acmhainní eile an líonra atá ar fáil;

(c) rochtain a sholáthar ar sheirbhísí dearthóireachta agus uirlisí dearthóireachta faoi chuspóir oibríochtúil 1 de chuid Thionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’, agus ar na línte píolótacha a dtacaítear leo faoi chuspóir oibríochtúil 2 de chuid Thionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’;

(d) feasacht a ardú agus rochtain a sholáthar nó a áirithiú ar shaineolas, fios gnó agus seirbhísí, lena n-áirítear ullmhacht i gcomhair dearadh córas, línte píolótacha nua agus línte píolótacha atá ann cheana agus na bearta tacaíochta is gá chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt le tacaíocht ón Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’;

(e)aistriú saineolais agus feasa gnó idir na Ballstáit agus idir réigiúin a éascú agus malartú scileanna, eolais, agus dea-chleachtas a spreagadh, mar aon le cláir chomhpháirteacha;

(f) gníomhaíochtaí sonracha oiliúna, scilithe agus athscilithe maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus a bhfeidhmeanna a fhorbairt agus a bhainistiú chun tacú le forbairt na linne tallainne, chomh maith le líon na mac léinn agus cáilíocht an oideachais i réimsí ábhartha staidéir a mhéadú, i scoileanna agus in ollscoileanna atá lonnaithe san Aontas, suas go dtí an leibhéal dochtúireachta;

(g) naisc a éascú idir mic léinn agus gnóthais leathsheoltóra ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar rannpháirtíocht na mban agus ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana lena dtacaítear le hoideachas nó oiliúint, nó iad araon, agus le soghluaisteacht mac léinn agus oibrithe laistigh den Aontas agus ó lasmuigh de.

3. Ainmneoidh na Ballstáit lárionaid inniúlachta a d'fhéadfaí a áireamh i gcomhréir lena nósanna imeachta agus lena struchtúir riaracháin agus institiúideacha náisiúnta trí phróiseas oscailte iomaíoch.

Leagfar síos i gClár Oibre an Chomhghnóthais um Shliseanna an nós imeachta chun tacú le lárionaid inniúlachta atá sa líonra, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin chomh maith le sonraí breise maidir le cur chun feidhme na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna dá dtagraítear san Airteagal seo

Roghnóidh an Comhghnóthas um Shliseanna na lárionaid inniúlachta as a gcomhdhéanfar an líonra.

Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún sineirgí a uasmhéadú leis na hionaid inniúlachta atá ann cheana agus a bunaíodh faoi thionscnaimh eile de chuid an Aontais mar shampla na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/694.

4. Beidh neamhspleáchas foriomlán suntasach ag na lárionaid inniúlachta chun a n-eagar, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre a leagan síos. Beidh eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre na lárionad inniúlachta i gcomhréir agus ina rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0'.

*Airteagal 7*

*Mórdhúshláin*

1. Déanfaidh mórdhúshláin úsáid thionsclaíoch leathsheoltóirí criticiúla a bhfuil gealladh fúthu agus teicneolaíochtaí gaolmhara atá ríthábhachtach don Aontas a fhorbairt, a chomhtháthú agus a áirithiú, agus cuirfear chun feidhme iad, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis an tuairisc theicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Tacóidh an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' le mórdhúshláin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ardtaighde agus forbairt a chur chun cinn lena bhféadfar an chéad ghlúin eile de shliseanna IS a stiúradh, néalríomhaireacht, lárionaid sonraí agus bonneagair IS imeall-ríomhaireachta a chothú trí leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, acmhainneachtaí an Aontais i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha a dhaingniú, agus láidreachtaí monaraíochta leathsheoltóra an Aontais a mhéadú;

(b) aghaidh a thabhairt ar bhacainní móra maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra a fhorbairt a thuilleadh, amhail mionadúchán, éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht, comhtháthú ilchineálach, slándáil agus iontaofacht, agus monaraíocht.

(c) an t-éiceachóras leathsheoltóra a mhéadú trí chomhoibriú go dlúth le hearnálacha ingearacha an mhargaidh;

(d) buntáiste iomaíoch a bhaint amach i bhfeidhmeanna sonracha atá ríthábhachtach do cheannasacht theicneolaíoch agus d'iomaíochas tionsclaíoch an Aontais tríd an gcomhar idir forbróirí leathsheoltóra agus tionscail úsáideoirí a struchtúrú;

(e)iarrachtaí an iliomad línte píolótacha a chomhtháthú agus iad a dhíriú ar úsáid thionsclaíoch trí éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus trí ardchumais leathsheoltóra;

(f)aistriú agus glacadh tionsclaíoch teicneolaíochtaí arna bhforbairt faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a áirithiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar aibiú teicneolaíochta, ar cháilíocht, ar fhréamhshamhaltú, ar thaispeáint, ar an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch, agus ar aistriú chuig timpeallachtaí táirgthe.

3. Cuirfear mórdhúshláin chun feidhme i gcomhar le mórdhúshláin arna mbunú faoi Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga (CADA)], chomh maith le tionscnaimh arna ndéanamh ag an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle[70].

*Airteagal 8*
*Luasairí éilimh*

1. Spreagfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit glacadh leathsheoltóirí a dhearfar nó a mhonarófar laistigh den Aontas, go háirithe i bpríomh-mhargaí amhail néalríomhaireacht, gluaisteáin, aerloingseoireacht, teileachumarsáid, cosaint, agus, i gcás inarb iomchuí, i margaí eile.

2. Is í an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí a chuirfidh an luasaire éilimh chun feidhme.

3. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tionsclaíocha ábhartha, agus i gcomhréir le rialacha iomaíochta:

(a) é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ionchasacha, go háirithe ceannaitheoirí teicneolaíochtaí leathsheoltóra, ceanglais agus sonraíochtaí teicneolaíochta na dtáirgí a bhaineann le leathsheoltóirí a phlé, ar ceanglais agus sonraíochtaí iad is dócha a bheidh de dhíth ar a dtionscal.

(b) forbairt treochlár teicniúil coiteann a chumasú, agus tacú le gníomhaíochtaí comhdheartha agus iad a spreagadh idir monaróirí leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas agus úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha, lena n-áirítear comhtháthairí córais agus monaróirí trealaimh, agus é mar aidhm leis sin

[70] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1173/oj).

comhpháirteanna leathsheoltóra a fhorbairt atá saincheaptha d'fheidhmeanna tionsclaíocha an Aontais;

(c) ardáin chomhoibríocha, treoirthionscadail nó comhpháirtíochtaí deartha a éascú lena gcumasófar rannpháirtíocht luath úsáideoirí tionsclaíocha i ndearadh teicneolaíochtaí nuálacha leathsheoltóra arna bhforbairt san Aontas.

*Airteagal 9*
*Fóram éilimh*

1. Bunóidh an Coimisiún fóram éilimh chun léiriú na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a éascú, go háirithe trí thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra, chomh maith le saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE a aithnítear faoi Rialachán (AE) 2023/1781 i gcomhréir le rialacha iomaíochta.

2. Is í an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí a chuirfidh an fóram éilimh chun feidhme.

*Airteagal 10*
*Soláthar nuálaíochta sliseanna*

1. Chun tacú le húdaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha agus oibreoirí eacnamaíocha atá ag gníomhú mar eintitis cheannaigh i soláthar, comhtháthú, cáiliú agus céad imscaradh córas lena gcomhtháthaítear leathsheoltóirí sa Chomhghnóthas um Shliseanna agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) tacú le socruithe soláthair chomhpháirtigh trasteorann a bhunú, i gcás inarb ábhartha, idir údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha;

(b) tacú le teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuálacha a chomhtháthú agus a chur in úsáid.

*Airteagal 11*
*Sineirgí le cláir eile*

1. Cuirfear an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' chun feidhme i sineirgíocht le cláir de chuid an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn IV. Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear isteach ar bhaint amach chuspóirí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' dá dtagraítear in Airteagal 4 agus leas á bhaint as cineál comhlántach an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' le cláir an Aontais.

*Airteagal 12*
*Cur chun feidhme*

1. Déanfar cuspóirí oibríochtúla 1 go 5 an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' agus mórdhúshláin a chur faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna agus a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a leagtar amach ina chlár oibre.

2. Chun athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh atá ábhartha don earnáil leathsheoltóra a léiriú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun Iarscríbhinn I a leasú maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' mar a leagtar amach in Airteagal 4.

3. Chun cur chun feidhme agus meastóireacht éifeachtach an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a áirithiú agus chun athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh a léiriú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun Iarscríbhinn III a leasú maidir leis na táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' i dtreo bhaint amach a chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 4.

4. Chun cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht éifeachtach an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a áirithiú, áireofar i dtuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Shliseanna faisnéis maidir le hábhair a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 5 agus mórdhúshláin an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0', ar bhonn na dtáscairí intomhaiste a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas ar bhonn rialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme chuspóir oibríochtúil 6 an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0'.

# Caibidil III

# Slándáil an tsoláthair agus an éilimh

## ROINN 1

## CUMAIS MONARAÍOCHTA LEATHSHEOLTÓIRÍ

*Airteagal 13*
*Leas poiblí agus tacaíocht phoiblí*

1. Measfar go gcuireann tionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí agus tionscadail straitéiseacha le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí agus le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais agus, dá bhrí sin, gur chun leas an phobail iad.

2. Chun slándáil an tsoláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin do thionscadail straitéiseacha i gcomhréir le Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas] agus le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh Eorpacha eile um theicneolaíocht leathsheoltóra .

3. Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear deontais ach gan a bheith teoranta dóibh, maidir le tionscadail straitéiseacha i gcomhréir le Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas] agus le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 14*
*Tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra*

1. Is gnóthais intíre a chuirfidh tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra i gcrích.

2. Léireoidh tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra go gcuirfidh siad a slabhra soláthair in iúl ar bhealach a laghdóidh spleáchas an tslabhra soláthair ar ghnóthais nach gnóthais intíre iad agus a neartóidh slándáil soláthair an Aontais.

3. Tionscnaimh cheannródaíocha a bheidh i dtionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a rannchuideoidh le fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas agus slándáil soláthair éiceachóras leathsheoltóra an Aontais.

4. Tráth a chuirfear isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 15(1), beidh sé de cheangal ar thionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí cáiliú mar thionscnamh ceannródaíoch.

5. Ní gá bearta tacaíochta ná tacaíocht riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 13 a bheith á bhfáil ag tionscnaimh cheannródaíocha chun iarratas a dhéanamh ar stádas an tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra.

6. Comhlíonfaidh tionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra na ceanglais seo a leanas:

   (a) beidh tionchar dearfach soiléir ag a bhunú le héifeachtaí iarmharta lasmuigh de féin nó den Bhallstát nó de na Ballstáit lena mbaineann, ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais agus ar mhargaí deiridh an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma, d'fhonn fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas an éiceachórais leathsheoltóra a áirithiú, lena n-áirítear fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus lena rannchuidítear le haistrithe glasa agus digiteacha an Aontais, agus i gcás inarb ábhartha do shamhail ghnó na saoráide, agus aird á tabhairt ar a mhéid a thairgeann sí acmhainneacht monaraíochta tosaigh nó chúil, nó an dá rud, do ghnóthais nach bhfuil baint acu leis an tsaoráid, má tá éileamh leordhóthanach ann;

   (b) tabharfaidh sí dearbhú gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha ar chaoi a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an ghnóthais na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 43(1) a chomhlíonadh, agus geallfaidh sí an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina dtagann oibleagáid mar sin chun cinn;

   (c) déanfaidh sí infheistíocht san Aontas sa nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach sa teicneolaíocht leathsheoltóra nó teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile a ullmhú;

   (d) tabharfaidh sí do phíblíne thallainne an Aontais trí oiliúint oideachasúil agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon lucht saothair cáilithe agus oilte a mhéadú;

   (e)más saoráid táirgeachta í, glacann sí páirt san Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht dá dtagraítear in Airteagal 34.

7. Chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht leanúnach i gcomhréir le mír 6, pointe (c), den Airteagal seo, beidh rochtain fhabhrach ag an tionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí ar na línte píolótacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 5, pointe (b). Ní dhéanfar, le haon rochtain fhabhrach a thabharfar,

rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhara eile ar théarmaí cothroma ar na línte píolótacha a eisiamh ná a chosc, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

8. I gcás ina dtairgfidh tionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach bhfuil baint acu leis an tionscnamh, déanfar deighilt fheidhmiúil leordhóthanach éifeachtach na bpróiseas dearthóireachta agus monaraíochta leathsheoltóirí a bhunú agus a choinneáil ar bun leis an tionscnamh chun cosaint na faisnéise a fhaightear ag gach céim a áirithiú.

*Airteagal 15*

*Iarratas ar stádas mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra*

1. Féadfaidh aon ghnóthas nó aon chuibhreannas gnóthas iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun stádas tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra a dheonú do thionscadal.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á gcur san áireamh, measúnú ar an iarratas trí phróiseas cóir trédhearcach a bheidh ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:

(a) comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 14(2) agus gealltanas na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(6) a chomhlíonadh;

(b) plean gnó ina ndéantar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais agus theicniúil an tionscadail, agus a shaolré iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le haon tacaíocht phoiblí atá beartaithe;

(c) taithí chruthaithe an iarratasóra ar thionscnaimh chomhchosúla a oibriú;

(d) soláthar doiciméid tacaíochta iomchuí lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a thionscnamh a bhunú, ullamh chun tacú le saoráid den chineál sin a bhunú;

(e)beartais iomchuí agus comhaontuithe ceadúnúcháin iomchuí a bheith ann, lena n-áirítear cosaint theicniúil agus bearta cur chun feidhme, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcosnófar faisnéis neamhnochta agus cearta maoine intleachtúla, go háirithe d’fhonn nochtadh neamhúdaraithe rún trádála nó sceitheadh teicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn a chosc.

Cuirfidh an Coimisiún treoir ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin gcéad fhomhír agus maidir lena formáid ábhartha.

3. Déanfaidh an Coimisiún iarratais a phróiseáil, cinntí a ghlacadh agus cuirfidh sé na hiarratasóirí ar an eolas laistigh de 3 mhí dó an t-iarratas iomlán a fháil. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a chuir an t-iarratas ar fáil neamhiomlán, tabharfaidh sé deis don iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú a thíolacadh gan moill mhíchuí. Cinnfear le an cinneadh an Choimisiúin sin fad an stádais ar bhonn shaolré tuartha an tionscadail.

4. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a bhunú agus a oibriú agus cuirfidh sé an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas ar bhonn rialta.

5. Féadfaidh oibreoir an tionscnaimh a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais nó a phleananna cur chun feidhme a mhodhnú maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 14(6), i gcás ina measann sé

go bhfuil údar cuí le hathbhreithniú den sórt sin mar gheall ar imthosca seachtracha gan choinne. Ar bhonn athbhreithniú den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais a deonaíodh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo nó féadfaidh sé glacadh leis an modhnú ar na pleananna cur chun feidhme.

6. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach gcomhlíonann tionscnamh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(6) a thuilleadh, tabharfaidh sé deis d'oibreoir an tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra a bharúil a thabhairt agus bearta iomchuí a mholadh.

7. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-aithnítear stádas tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra a aisghairm más rud é go raibh an t-aitheantas sin bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart nó más rud é, d'ainneoin an nós imeachta i mír 5 den Airteagal seo a bheith curtha i gcrích, nach gcomhlíonann an tionscnamh Eorpach maidir le teicneolaíocht leathsheoltóra na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(6). Sula ndéanfaidh sé an cinneadh sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí tar éis dó na cúiseanna leis an aisghairm arna moladh a thabhairt dó. Aon chinneadh lena n-aisghairfear stádas tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra, beidh sé cuí-réasúnaithe agus beidh sé faoi réir ceart achomhairc ag an oibreoir.

8. Tionscnaimh ar aisghaireadh a stádas mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra de bhun mhír 7 den Airteagal seo, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann le haitheantas an stádais sin a eascraíonn as an Rialachán seo. Mar sin féin, beidh tionscnaimh den sórt sin faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 42(1) ar feadh tréimhse atá coibhéiseach leis an tréimhse a leagadh síos ar dtús nuair a deonaíodh an stádas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, nó, i gcás ina ndearnadh athbhreithniú ar an stádas, ar feadh tréimhse atá coibhéiseach leis an bhfad is infheidhme, i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

*Airteagal 16*
*Tionscadail straitéiseacha*

1. Aithneoidh an Coimisiún mar Thionscadail Straitéiseacha tionscadail leathsheoltóra a chomhlíonann gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) cuireann sé breisluach suntasach ar fáil don Aontas trí rannchuidiú go substaintiúil le cuspóirí a bhaineann le leas coiteann an Aontais;

(b) is gnóthais intíre a chuireann an tionscadal straitéiseach i gcrích;

(c) léireoidh tionscadail straitéiseacha go gcuirfidh siad a slabhra soláthair in iúl ar bhealach a laghdóidh spleáchas an tslabhra soláthair ar ghnóthais nach gnóthais intíre iad agus a neartóidh slándáil soláthair an Aontais;

(d) tá gné shoiléir thrasteorann ag baint leis, go háirithe trí chomhar teicniúil nó trí thacaíocht phoiblí a bhfuil baint ag níos mó ná Ballstát amháin léi;

(e)rannchuidíonn sé le hathléimneacht agus stóinseacht shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais;

(f)rannchuidíonn sé le ceannasacht theicneolaíoch agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú trí acmhainneachtaí, teicneolaíochtaí nó cumais chriticiúla a chumasú, a chur chun cinn nó a dhaingniú laistigh den Aontas, lena n-áirítear trí spleáchais straitéiseacha a laghdú.

2. Is cuibhreannas aonair a oibreoidh tionscadail straitéiseacha il-láithreáin agus feidhmeoidh siad mar eintiteas dlíthiúil agus teicniúil comhtháite.

3. Beidh rannpháirtíocht i dtionscadail straitéiseacha teoranta d'eintitis an Aontais.

4. De mhaolú ar mhír 3, ceadaítear rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tíortha, ar choinníoll go bhfuil an rannpháirtíocht sin comhsheasmhach leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 agus go mbeidh an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha ábhartha a bhaineann le slándáil sna cláir is infheidhme de chuid an Aontais.

*Airteagal 17*

*Réimsí tosaíochta le haghaidh tionscadail straitéiseacha a shainaithint*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn II tuairisc theicniúil ar réimsí tosaíochta le haghaidh tionscadail straitéiseacha ionchasacha i réimsí teicneolaíocha táscacha áirithe. Chun na tuairiscí teicneolaíochta agus na réimsí teicneolaíochta táscacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta chun athrú teicneolaíoch agus forbairtí sa mhargadh atá ábhartha don earnáil leathsheoltóra a léiriú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun Iarscríbhinn II a leasú.

2. Cinnfidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 16(1) agus na réimsí táscacha teicneolaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, maidir leis na réimsí tosaíochta le haghaidh tionscadail straitéiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Airteagal 18*
*Tionscadail straitéiseacha a ainmniú*

1. Cuirfear cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a thacaíonn le tionscadail straitéiseacha fhéideartha faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna agus déanfar é trí ghníomhaíochtaí a leagtar amach ina chlár oibre.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, trí bhíthin cinnidh, na tograí sin a roghnófar lena gcistiú ag an gComhghnóthas um Shliseanna agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1) agus an iarraidh ar ainmniú amhlaidh a ainmniú mar thionscadail straitéiseacha.

3. Faoi réir thoiliú an iarratasóra nó na n-iarratasóirí, tograí nach roghnófar le haghaidh cistiú ón gComhghnóthas um Shliseanna, féadfar iad a ainmniú freisin mar thionscadail straitéiseacha i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na ceanglais mheastóireachta is infheidhme a leagtar síos sa ghlao ar thograí agus i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1). Léireofar go soiléir sna glaonna ar thograí agus sna nósanna imeachta gaolmhara maidir le hiarratais an fhéidearthacht ainmniú den sórt sin a fháil agus ba cheart don tionscadal í a iarraidh.

4. Léireofar sa chinneadh ón gCoimisiún an gcáilíonn tionscadal straitéiseach mar thionscnamh ceannródaíoch i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus cinnfear leis fad an stádais cheannródaíoch ar bhonn shaolré tuartha an tionscadail.

5. Bainfidh tionscadail a ainmnítear mar thionscadail straitéiseacha tairbhe as na cearta agus beidh siad faoi réir na n-oibleagáidí is infheidhme maidir le tionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra faoin Rialachán seo nuair a chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14(6).

6. Féadfaidh an tionscadal straitéiseach a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad stádas an tionscadail straitéisigh nó pleananna cur chun feidhme an oibreora a mhodhnú maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 16(1), i gcás ina measann an t-oibreoir go bhfuil údar cuí le hathbhreithniú den sórt sin mar gheall ar imthosca seachtracha gan choinne. Ar bhonn athbhreithniú den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad stádas an tionscadail straitéisigh arna dheonú nó féadfaidh sé glacadh le modhnú na bpleananna cur chun feidhme.

7. Gan dochar d'aon chomhaontú cistiúcháin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh idir an t-oibreoir a chuireann an tionscadal straitéiseach chun feidhme agus an Comhghnóthas um Shliseanna, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach gcomhlíonann tionscadal atá ainmnithe mar thionscadal straitéiseach na critéir a leagtar síos in Airteagal 16 a thuilleadh, nó i gcás ina raibh a ainmniú bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart a dhéanann difear do chomhlíonadh na gcritéar sin, féadfaidh sé, agus an tuairim ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí á cur san áireamh aige, ainmniú an tionscadail sin a tharraingt siar trí bhíthin cinnidh.

8. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun mhír 6 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún na cúiseanna leis an tarraingt siar atá beartaithe don oibreoir a chuireann an tionscadal straitéiseach chun feidhme agus tabharfaidh sé an deis dóibh barúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama iomchuí. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na barúlacha sin. Beidh aon chinneadh lena dtarraingítear siar stádas tionscadail straitéisigh cuí-réasúnaithe agus faoi réir ceart achomhairc.

9. Tionscadail ar tarraingíodh siar a n-ainmniú mar thionscadal straitéiseach, caillfidh siad na cearta agus na hoibleagáidí uile a bhaineann le stádas tionscadail straitéisigh faoin Rialachán seo. Mar sin féin, beidh tionscadail den sórt sin fós faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 43(1) ar feadh tréimhse atá coibhéiseach leis an tréimhse dá bhforáiltear ar dtús nuair a deonaíodh an stádas.

*Airteagal 19*
*Ardmhonaraíocht leathsheoltóirí*

1. Chun ceannasacht an Aontais a neartú agus slándáil an tsoláthair leathsheoltóra a áirithiú, tabharfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17(1), an tosaíocht is airde do thionscadal straitéiseach le haghaidh teilgcheárta oscailte atá bunaithe san Aontas le haghaidh ardmhonaraíocht leathsheoltóra.

2. Is éard a bheidh sa teilgcheárta oscailte le haghaidh ardmhonaraíocht leathsheoltóra dá dtagraítear i mír 1 saoráid nó líonra comhordaithe de shaoráidí il-láithreáin atá lonnaithe laistigh de chríoch an Aontais agus atá in ann ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhonarú agus a phacáistiú i gcomhréir le cumais thionsclaíocha úrscothacha.

3. Cuirfear san áireamh sa teilgcheárta oscailte le haghaidh ardmhonaraíocht leathsheoltóra na ceanglais agus na cuspóirí arna leagan amach ag ceannaitheoirí féideartha mar a leagtar amach in Airteagal 8.

*Airteagal 20*
*Comhordú an mhaoinithe*

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis na Ballstáit, chun infheistíochtaí a phlódú isteach le haghaidh tionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra agus tionscadail straitéiseacha. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar agus a chomhordú do thionscnaimh Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra agus do thionscadail straitéiseacha a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú, i sineirgíocht le cláir an Aontais.

2. Déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, arna iarraidh sin do thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra nó do thionscadal straitéiseach, comhairle a sholáthar maidir le maoiniú an tionscnaimh nó an tionscadail, agus an cistiú atá faighte cheana féin á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á mbreithniú:

   (a) foinsí breise maoinithe, idir phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear cothromas;

   (b) tacaíocht trí acmhainní ón mBanc Eorpach Infheistíochta nó ó institiúidí airgeadais eile;

   (c) ionstraimí agus cláir na mBallstát atá ann faoi láthair, lena n-áirítear ó ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, agus ó bhainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh;

   (d) cláir chistiúcháin agus mhaoiniúcháin ábhartha de chuid an Aontais.

## ROINN 2

## NÓSANNA IMEACHTA DEONAITHE CEADANNA

*Airteagal 21*
*Brostú na nósanna imeachta deonaithe ceadanna*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais riaracháin a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú tionscnamh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí agus tionscadail straitéiseacha a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil, trédhearcach agus tráthúil.

2. Ní mhairfidh an nós imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra níos faide ná 12 mhí, ón tráth a chuirtear iarratas iomlán faoi bhráid an ionaid ilfhreastail.

3. Beidh an teorainn ama a leagtar síos i mír 2 gan dochar d'aon teorainn ama níos giorra arna leagan síos ag na Ballstáit.

4. I gcás inarb ann do stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, déanfar an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a bhronnadh ar thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra agus caithfear leo amhlaidh i bpróisis deonaithe ceadanna. Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin i gcás inar ann don stádas sin sa dlí náisiúnta agus nach gcruthóidh sé oibleagáid ar na Ballstáit an stádas sin a thabhairt isteach.

*Airteagal 22*
*Ionad ilfhreastail le haghaidh nósanna imeachta deonaithe ceadanna*

1. Ainmneoidh na Ballstáit ionad ilfhreastail a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm tionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra agus tionscadal straitéiseach faoin Airteagal seo a lárú agus a chomhordú.

2. Bunóidh na Ballstáit nós imeachta deonaithe ceadanna aonair bunaithe ar iarratas aonair ar an ionad ilfhreastail arna ainmniú de bhun Airteagal 22(1), lena gcumhdófar na ceadanna uile is gá le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra.

3. Feidhmeoidh an t-ionad ilfhreastail mar phointe teagmhála aonair don tionscnamh nó don tionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra.

4. Tráth nach déanaí ná 45 lá ón iarratas aonair a fháil, admhóidh an t-ionad ilfhreastail ainmnithe go bhfuil an t-iarratas iomlán nó iarrfaidh sé aon fhaisnéis atá in easnamh agus is gá chun an t-iarratas a phróiseáil.

5. Más rud é, tar éis aon fhaisnéis atá in easnamh a chur isteach, go meastar fós go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán, féadfaidh an t-ionad ilfhreastail, laistigh de 30 lá ón bhfaisnéis a iarradh atá in easnamh a chur isteach, an dara hiarraidh a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá fós in easnamh. Ní iarrfaidh an t-ionad ilfhreastail faisnéis i réimsí nach gcumhdaítear sa chéad iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus ní iarrfaidh sé tuilleadh faisnéise ach amháin de réir mar is gá chun an fhaisnéis atá in easnamh a chumhdach.

6. Má cheanglaítear le bunú tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra go ndéanfar cinntí in dhá Bhallstát nó níos mó, déanfaidh na hionaid ilfhreastail ábhartha gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint amach eatarthu féin.

*Airteagal 23*
*Próiseas riaracháin agus deonaithe ceadanna a éascú*

1. Tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra de réir bhrí an Rialacháin seo, measfar gur tionscadail straitéiseacha iad a rannchuidíonn le hathléimneacht agus dícharbónú nó éifeachtúlacht acmhainní chun críocha Airteagal 14(1) de [Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil]. Beidh feidhm ag pointí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Gan dochar don [Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil], áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh aon staidéar a dhéanfar, nó aon chead nó údarú a eiseofar, a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú tionscnamh agus tionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra agus nach mbeidh gá le haon staidéar, cead ná údarú dúblach, mura gceanglaítear a mhalairt faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

*Airteagal 24*
*Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa á n-úsáid ag an Tairseach rochtana aonair*

1. Bunóidh na Ballstáit tairseach rochtana aonair ar an leibhéal náisiúnta chun an t-iarratas ar chead aonair a chur isteach le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail

straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

Déanfaidh an tairseach rochtana aonair na hiarratais ar chead a shannadh go huathoibríoch don údarás ábhartha, cuirfidh sí an t-iarratasóir ar an eolas faoi gach céim den nós imeachta deonaithe ceadanna, faoi stádas an nós imeachta agus faoi chinntí na n-údarás, agus cuirfidh sí ar chumas an iarratasóra comhlíonadh na sprioc-amanna is infheidhme a sheiceáil.

2. Úsáidfidh an tairseach rochtana aonair na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa arna mbunú de bhun [Togra le haghaidh Rialachán maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú].

3. Trí Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a úsáid, cumasófar an méid seo a leanas leis an tairseach rochtana aonair:

(a) idir-inoibritheacht agus malartú uathoibríoch sonraí idir na húdaráis ábhartha;

(b) athúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh na n-údarás ábhartha cheana féin;

(c) ardleibhéal cibearshlándála agus sláine faisnéise;

(d) trédhearcacht agus cuntasacht an nós imeachta deonaithe ceadanna.

4. Agus tairseacha rochtana aonair á mbunú acu, bainfidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, úsáid as bonneagar digiteach, catalóga agus bloic thógála an Aontais atá ann cheana arna mbunú le dlí an Aontais.

5. Beidh rochtain ag an ionad ilfhreastail ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 22 den Rialachán seo ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá ar fáil sa tairseach rochtana aonair, chun a dhualgais a chomhlíonadh.

*Airteagal 25*
*Inrochtaineacht faisnéise ar líne*

1. Cuirfidh na Ballstáit rochtain ar fáil ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le próisis atá ábhartha d'fhorbairt tionscnamh agus tionscadal straitéiseach Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra a d'fhéadfadh a bheith ann, ar líne agus ar bhealach láraithe agus inrochtana:

(a) na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in Airteagal 24;

(b) an nós imeachta deonaithe ceadanna, lena n-áirítear faisnéis maidir le réiteach díospóidí;

(c) seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta;

(d) deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát;

(e)seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla nó dlí an tsaothair.

2. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhealach láraithe agus so-rochtana, tagairt don fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit ar a shuíomh gréasáin chun forléargas cuimsitheach agus soiléir ar an bhfaisnéis ábhartha uile in aghaidh an Bhallstáit a áirithiú.

## ROINN 3

## RÉIGIÚIN EORPACHA LEATHSHEOLTÓRA BARR FEABHAIS

*Airteagal 26*
*Lipéad na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais*

1. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh lipéad Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí a bhronnadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Féadfar an lipéad a dhámhachtain tar éis iarratas a fháil ó údarás réigiúnach agus déanfaidh an Ballstát ábhartha é a fhormhuiniú go sainráite.

2. Áireofar san iarratas Plean Infheistíochta don Réigiún Leathsheoltóra, lena léireofar fís straitéiseach chomhroinnte ag na húdaráis ábhartha uile.

3. Gan dochar do na rialacha is infheidhme lena rialaítear cláir agus ionstraimí an Aontais, féadfar lipéad na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais a chur san áireamh agus oibríochtaí atá beartaithe faoi chláir chistiúcháin an Aontais á measúnú agus á roghnú.

*Airteagal 27*
*Plean Infheistíochta an Réigiúin Eorpaigh Leathsheoltóra*

1. Áireofar i bPlean Infheistíochta an Réigiúin Eorpaigh Leathsheoltóra dá dtagraítear in Airteagal 26(2) tuairisc ar an réigiún, lena n-áirítear a raon feidhme geografach agus, ar a laghad, na heilimintí seo a leanas:

   (a) fís agus raon feidhme straitéiseach:

      (i)measúnú ar an éiceachóras tionsclaíoch agus leathsheoltóra atá ann cheana sa réigiún, lena n-áirítear saoráidí monaraíochta leathsheoltóra atá ann cheana; earnálacha úsáideoirí deiridh ábhartha; a sheasamh i slabhraí luacha leathsheoltóra, agus aird ar leith á tabhairt ar a ghnéithe uathúla agus ar an méid a d'fhéadfadh sé cur leis an athléimneacht agus leis an bhfás i slabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa;

      (ii) fís straitéiseach d'fhorbairt an réigiúin a bhaineann le leathsheoltóirí sna 10 mbliana amach romhainn, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, gníomhaíochtaí tionsclaíocha atá ann cheana a chlaochlú nó a nascadh i dtreo gníomhaíochtaí a bhaineann le leathsheoltóirí;

   (b) coinníollacha cumasúcháin agus bonneagar sa réigiún lena mbaineann a bheith ar fáil agus a fhorbairt tuilleadh:

      (i)tuairisc ar bhearta chun rochtain ar fhuinneamh leordhóthanach, iontaofa agus glan a áirithiú, lena n-áirítear acmhainneacht eangaí agus conairí dícharbónaithe i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Dlí Aeráide Eorpaigh;

      (ii) tuairisc ar infhaighteacht talún agus saoráidí oiriúnacha le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra, lena n-áirítear criosú, pleanáil úsáide talún agus láithreáin thionsclaíocha;

      (iii) tuairisc ar iompar, líonraí cumarsáide agus bonneagar uisce atá ábhartha do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra sa réigiún;

(iv) tuairisc ar bhearta chun nósanna imeachta deonaithe ceadanna, nósanna imeachta ceadúnúcháin agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a luathú, lena n-áirítear an nasc leis an ionad ilfhreastail dá dtagraítear in Airteagal 22;

(c) tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálaíochta agus taighde sa réigiún lena mbaineann:

(i)tuairisc ar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus ar an tacaíocht bhreise a thugann siad a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra sa réigiún, lena n-áirítear sineirgí le cláir thaighde agus nuálaíochta náisiúnta agus de chuid an Aontais;

(ii) tuairisc ar an gcomhar le hollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, naisc le gníomhaíochtaí na línte píolótacha dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (b) agus lárionaid inniúlachta dá dtagraítear in Airteagal 6;

(d) tacaíocht don oideachas, do scileanna agus don lucht saothair agus dá fhorbairt bhreise sa réigiún lena mbaineann:

(i)tuairisc ar bhearta chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte a bhaineann leis an tionscal leathsheoltóra ar fáil ar gach leibhéal, agus sineirgí idir na tairbhí á gcur ar fáil faoin gComhshocrú um Scileanna[71];

(ii) tuairisc ar chomhpháirtíochtaí idir an tionscal, soláthraithe oideachais agus údaráis phoiblí i réimse na leathsheoltóirí;

(iii) tuairisc ar ghníomhaíochtaí chun tallann a bhaineann leis an tionscal leathsheoltóra a mhealladh, a choinneáil agus a uas-sciliú, lena n-áirítear tallann idirnáisiúnta i gcás inarb iomchuí;

(e)tacú le tarraingteacht thionsclaíoch agus infheistíochta agus lena forbairt bhreise sa réigiún lena mbaineann:

(i)tuairisc ar bhearta chun infheistíochtaí príobháideacha atá ábhartha don slabhra luacha leathsheoltóra a mhealladh agus a choinneáil;

(ii) tuairisc ar bhearta chun fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga a chomhtháthú san éiceachóras réigiúnach.

*Airteagal 28*

*Measúnú ar iarratais ar lipéad Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí*

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarratais ar lipéad Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí ar bhonn chomhleanúnachas agus inchreidteacht Phlean Infheistíochta an Réigiúin Leathsheoltóra agus leibhéal gealltanais na n-údarás ábhartha.

2. Déanfaidh an Coimisiún iarratais a phróiseáil, a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 26(1) a ghlacadh agus fógra a thabhairt don réigiún, don Bhallstát lena mbaineann agus don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí laistigh de 3 mhí ó iarratas iomlán a fháil.

[71] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Clár Oibre Eorpach um Scileanna le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta COM(2020) 274 final.

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas neamhiomlán, cuirfidh sé an t-údarás réigiúnach agus an Ballstát lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchuí agus tabharfaidh sé deis an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú a chur isteach.

4. Cinnfear leis an gcinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 26(1) fad an lipéid Réigiún Barr Feabhais Eorpach um Leathsheoltóirí, a bheidh bunaithe ar an measúnú ar Phlean Infheistíochta an Réigiúin Leathsheoltóra a tíolacadh.

5. Déanfaidh an t-údarás réigiúnach agus an Ballstát lena mbaineann faireachán ar dhul chun cinn chur chun feidhme Phlean Infheistíochta an Réigiúin Leathsheoltóra agus cuirfidh siad an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad.

6. Cuirfear achoimre ar Phlean Infheistíochta an Réigiúin Leathsheoltóra, cé is moite d'fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus atá ceaptha chun infheistíocht a mhealladh, ar fáil go poiblí tríd an dá mhodh seo a leanas:

(a) suíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin;

(b) suíomh gréasáin an Bhallstáit, an réigiúin agus/nó na n-údarás ábhartha lena mbaineann.

*Airteagal 29*

*Líonra na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais*

1. Bunófar Líonra na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais ('an Líonra').

2. Eagróidh an Líonra a chuid oibre go neamhspleách. Féadfaidh sé a mhodhanna oibre féin a bhunú, lena n-áirítear cruinnithe a eagrú, Cathaoirleach a ainmniú ar bhonn uainíochta i measc na réigiún rannpháirteach, agus socruithe neamhfhoirmiúla a ghlacadh chun comhar agus malartú faisnéise a éascú.

3. Leis an Líonra tabharfar le chéile réigiúin ar bronnadh lipéad na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais orthu de bhun Airteagal 26.

4. Áireofar an méid seo a leanas ar chuspóirí an Líonra:

(a) comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc Réigiúin Eorpacha Leathsheoltóra Barr Feabhais;

(b) an Líonra agus a ghníomhaíochtaí a chur chun cinn i measc na réigiún is comhaltaí agus na réigiún nach comhaltaí iad trí ghníomhaíochtaí for-rochtana, cumarsáide agus scaipthe chun infheictheacht agus rannpháirtíocht a mhéadú.

(c) sineirgí agus comhlántachtaí a chur chun cinn idir éiceachórais réigiúnacha leathsheoltóra ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gcodanna éagsúla den slabhra luacha leathsheoltóra;

(d) feabhas a chur ar infheictheacht agus tarraingteacht na Réigiún Eorpach Leathsheoltóra Barr Feabhais le haghaidh infheistíocht phríobháideach agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

5. Féadfaidh an Coimisiún feidhmiú an Líonra a éascú agus féadfaidh sé cruinnithe, ceardlanna nó gníomhaíochtaí eile a eagrú chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na réigiúin rannpháirteacha.

## ROINN 4

### ATHLÉIMNEACHT I SLABHRAÍ SOLÁTHAIR

*Airteagal 30*
*Soláthar poiblí*

1. Maidir le nósanna imeachta soláthair a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2024/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE agus a sheoltar an [IO: cuir isteach an dáta bliain amháin tar éis an teacht i bhfeidhm] nó dá éis sin a bhaineann le bonneagair, trealamh nó córais in earnálacha ardchriticiúlachta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, agus in earnálacha criticiúla eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha dearbhú maidir le slándáil an tsoláthair a bhaineann le foinsiú leathsheoltóirí a ionchorpraítear sna bonneagair, sa trealamh nó sna córais a chumhdaítear leis an gconradh a thíolacadh.

2. Áireofar na heilimintí seo a leanas sa dearbhú dá dtagraítear i mír 1:

   (a) forbhreathnú ar ghnóthais a bhfuil baint acu le soláthar na leathsheoltóirí atá ionchorpraithe sa táirge, lena n-áirítear cion na ngnóthas intíre;

   (b) breisluach an Aontais, arna léiriú le rannchuidiú na tairisceana le slabhra soláthair leathsheoltóra na hEorpa a threisiú, amhail tionscnaimh cheannródaíocha agus tionscadail straitéiseacha a áireamh mar sholáthróirí;

   (c) straitéis athléimneachta agus éagsúlaithe slabhra soláthair leathsheoltóra an tairgeora, amhail straitéis défhoinsithe an tairgeora, lena n-áirítear, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, gnóthas intíre amháin ar a laghad a áireamh;

   (d) i gcás inarb infheidhme, aon mholadh nó oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 31;

   (e)i gcás inarb infheidhme, an measúnú riosca ar shlándáil an tsoláthair a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 32.

3. I gcás ina gceanglaítear dearbhú maidir le slándáil an tsoláthair ar oibreoirí eacnamaíocha, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a shonrú, sna doiciméid soláthair, ceanglais a bhaineann le slándáil an tsoláthair i ndáil le foinsiú leathsheoltóirí atá ionchorpraithe sna bonneagair, sa trealamh nó sna córais a chumhdaítear leis an gconradh soláthair phoiblí. Chuige sin, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha sonraíochtaí teicniúla, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana nó clásail feidhmíochta conartha a áireamh.

4. Is iad seo a leanas na ceanglais a ghlacfar faoi mhír 3:

   (a) nasctha le hábhar an chonartha;

   (b) gan saoirse rogha neamhshrianta a thabhairt don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach;

   (c) a leagtar amach go sainráite sna doiciméid soláthair nó san fhógra conartha;

   (d) coimhdeach agus neamhcinntitheach i ndámhachtain an chonartha;

   (e) deartha i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

5. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha fógra dá n-údarás inniúil náisiúnta de bhun Airteagal 48 den Rialachán seo le liosta na ngnóthas intíre a shainaithnítear sna dearbhuithe maidir le slándáil an tsoláthair arna n-eisiúint ag na hoibreoirí eacnamaíocha.

6. Tiomsóidh an t-údarás inniúil náisiúnta de bhun Airteagal 48 den Rialachán seo liosta fíoraithe de na gnóthais intíre uile a shainaithnítear i nósanna imeachta soláthair phoiblí laistigh den Bhallstát. Féadfar na liostaí a mhalartú go páirteach nó go hiomlán idir na Ballstáit de réir na gceanglas rúndachta is gá, de bhun Airteagal 50.

*Airteagal 31*

*Gníomhaíochtaí breise maidir le soláthar poiblí*

1. I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don slabhra soláthair i gcomhthéacs an fhaireacháin arna dhéanamh de bhun Airteagal 35, féadfaidh sé, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, moltaí a eisiúint d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha maidir le soláthar leathsheoltóirí ag gnóthais intíre le haghaidh nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

2. I gcás ina suífidh an Coimisiún go bhfuil rioscaí fós ann don slabhra soláthair mar a shainaithnítear iad i mír 1, féadfaidh sé, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus ag féachaint do phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na bonneagair shonracha, an trealamh sonrach nó na córais shonracha dá dtagraítear in Airteagal 30 a mbeidh dearbhú maidir le slándáil an tsoláthair ó oibreoirí eacnamaíocha ag teastáil ina leith ó údaráis chonarthacha agus ó eintitis chonarthacha.

3. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a chinneadh gan na ceanglais dá bhforáiltear sa chinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) nach féidir ach le hoibreoirí eacnamaíocha sonracha na táirgí nó na seirbhísí riachtanacha a sholáthar, agus nach ann d'aon rogha ná ionadaí réasúnta, agus nach bhfuil an easpa iomaíochta mar thoradh ar chúngú saorga ar pharaiméadair an nós imeachta soláthair;

   (b) níor tíolacadh aon tairiscint oiriúnach ná aon iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear mar fhreagairt ar nós imeachta soláthair comhchosúil a bhí ann roimhe agus a sheol an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach céanna sa 2 bhliain roimh thús an nós imeachta soláthair nua atá beartaithe;

   (c) dá gcuirfí na gnéithe arna ndearbhú i gcomhréir le hAirteagal 31, mír 2, pointe (d) san áireamh, cheanglófaí ar údarás conarthach nó ar eintiteas conarthach earraí, seirbhísí nó oibreacha a fháil a mbeadh costais dhíréireacha ag baint leo nó a mbeadh neamh-chomhoiriúnacht theicniúil ina n-oibriú agus ina gcothabháil mar thoradh orthu.

   (d) Chun críocha phointe (c), féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais measta os cionn 25 % de luach na tairisceana, bunaithe ar shonraí oibiachtúla trédhearcacha, díréireach;

*Airteagal 32*
*Earnálacha a bhíonn i mbaol riosca*

1. Tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus bunaithe ar fhianaise ar rioscaí sa slabhra soláthair, féadfaidh an Coimisiún earnáil amháin nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI, nó a bhfo-earnálacha, a shainaithint mar earnálacha a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme.

2. Féadfaidh an Coimisiún treoir mhodheolaíoch a eisiúint maidir le conas measúnuithe riosca ar shlándáil an tsoláthair a dhéanamh agus bearta maolaithe féideartha a mholadh do na hearnálacha sin a shainaithnítear mar earnálacha a bhíonn i mbaol riosca. Tabharfar aghaidh sa treoraíocht sin ar na heilimintí seo a leanas:

   (a) straitéis défhoinsithe, lena n-áirítear ó ghnóthas intíre amháin ar a laghad;

   (b) mapáil slabhra soláthair réamhtheachtach agus iartheachtach;

   (c) anailís leochaileachta agus íogaireacht i leith suaitheadh soláthair.

3. Féadfaidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha na measúnuithe riosca ar shlándáil an tsoláthair dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a iarraidh i nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

4. Más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, go gcinneann an Coimisiún nach nglacann an earnáil a shainaithnítear mar earnáil a bhíonn i mbaol riosca ar láimh go leordhóthanach na bearta maolaithe dá dtagraítear i mír 2 atá molta agus a bhfuil gá leo chun slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí nó táirgí ina gcomhtháthaítear leathsheoltóirí a áirithiú, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le bearta maolaithe riosca sonracha a dhéanfaidh earnálacha nó fo-earnálacha i gcás táirgí leathsheoltóra sonraithe, eadhon bearta maolaithe a bhaineann leis an méid seo a leanas:

   (a) measúnú riosca a dhéanamh;

   (b) soláthar leathsheoltóirí;

   (c) défhoinsiú;

   (d) stoc-charnadh;

   (e)soláthar leathsheoltóirí nó comhpháirteanna gaolmhara a éagsúlú.

5. Tar éis gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le mír 4, féadfaidh an Coimisiún, bunaithe ar fhianaise gur tugadh aghaidh ar na rioscaí sainaitheanta don slabhra soláthair agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, an t-ainmniú a bhíonn i mbaol riosca a chúlghairm.

6. Bunóidh an Coimisiún a mheasúnuithe a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo ar fhianaise, lena n-áirítear faisnéis atá ar fáil go poiblí, ar fhaisnéis arna bailiú trí iarrataí ar fhaisnéis de bhun Airteagal 38, nó ar shuaitheadh arís agus arís eile sa slabhra soláthair.

# CAIBIDIL IV

## Faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna

### ROINN 1

### FAIREACHÁN

*Airteagal 33*
*Mapáil straitéiseach ar earnáil leathsheoltóra an Aontais*

1. Déanfaidh an Coimisiún mapáil straitéiseach ar earnáil leathsheoltóra an Aontais i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Soláthrófar leis an mapáil straitéiseach anailís ar láidreachtaí agus laigí an Aontais san earnáil dhomhanda leathsheoltóra agus sainaithneofar tosca mar shampla:

(a) príomhtháirgí agus bonneagair chriticiúla sna margaí inmheánacha atá ag brath ar sholáthar leathsheoltóirí;

(b) príomhthionscail úsáideoirí san Aontas agus na riachtanais agus na spleáchais atá acu faoi láthair agus a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear anailís ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair agus a bheadh nasctha freisin le hinfheistíocht neamh-leordhóthanach;

(c) príomhchodanna de shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, lena n-áirítear dearadh, bogearraí deartha, ábhair, trealamh monaraíochta, monaraíocht leathsheoltóra agus monaraíocht chúil sheachfhoinsithe;

(d) na saintréithe teicneolaíocha, na spleáchais ar theicneolaíocht tríú tír agus ar sholáthraithe tríú tír, agus scrogaill in earnáil leathsheoltóra an Aontais lena n-áirítear rochtain ar ionchuir;

(e)na riachtanais reatha agus na riachtanais a bhfuiltear ag súil leo maidir le scileanna agus rochtain éifeachtach ar lucht saothair cáilithe san earnáil leathsheoltóra;

(f)i gcás inarb iomchuí, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta géarchéime dá dtagraítear in Airteagail 41, 42 agus 43 ar an earnáil leathsheoltóra.

2. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoi thorthaí comhiomlána na mapála straitéisí ar bhonn rialta.

3. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn thoradh na mapála straitéisí arna déanamh de bhun mhír 1 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, liosta táscairí luathrabhaidh a fhorbairt. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, athbhreithniú ar liosta na dtáscairí luathrabhaidh ar bhonn rialta.

4. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, creat agus modheolaíocht a fhorbairt chun mapáil straitéiseach a dhéanamh ar an earnáil leathsheoltóra. Déanfaidh an Coimisiún an creat agus an mhodheolaíocht a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.

5. Beidh an mhapáil straitéiseach bunaithe, go háirithe, ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála agus ar fhaisnéis ábhartha neamhrúnda ó ghnóthais, ar an toradh ar anailís chomhchosúil a rinneadh, chomh maith leis na meastóireachtaí a

rinneadh de bhun Airteagal 57(1). I gcásanna nach leor sin chun an mhapáil straitéiseach a fhorbairt de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis dheonach a eisiúint chuig gníomhaithe a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Úsáidfidh an Coimisiún an modh caighdeánaithe slán chun faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 50, chun críocha iarrataí ar fhaisnéis den sórt sin.

6. Aon fhaisnéis a fhaightear de bhun an Airteagail seo, caithfear léi i gcomhréir leis na hoibleagáidí rúndachta a leagtar amach in Airteagal 50.

7. Glacfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir maidir le faisnéis a sholáthar de bhun mhír 5. Déanfaidh an Coimisiún an treoir sin a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.

*Airteagal 34*

*Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht*

1. Áiritheoidh an Coimisiún go mbunófar an tArdán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht ('an tArdán'), a ghníomhóidh mar leathchúpla digiteach den slabhra soláthair leathsheoltóra agus é mar chuspóir aige a thrédhearcacht agus a athléimneacht a fheabhsú. Déanfaidh an tArdán an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) faisnéis mhargaidh agus sonraí comhiomlánaithe a bhailiú chun feidhmiú mar fhaireachlann margaidh leathsheoltóirí;

(b) sonraí a bhailiú ó ghnóthais rannpháirteacha i bhformáid idir-inoibritheach;

(c) léargais chomhiomlánaithe a sholáthar do na gnóthais rannpháirteacha ar rioscaí agus leochaileachtaí sa slabhra soláthair leathsheoltóra ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra, gan na léargais sin a bheith inchurtha i leith cuideachtaí aonair;

(d) rannpháirtíocht gnóthas a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra agus úsáideoirí leathsheoltóirí a áireamh, go háirithe sna hearnálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI;

(e)a bheith in ann tástálacha struis a dhéanamh ar an slabhra soláthair leathsheoltóra;

(f)luathrabhaidh agus treoir a eisiúint maidir le bearta réamhghníomhacha do na gnóthais rannpháirteacha chun an riosca a bhaint dá slabhra soláthair leathsheoltóra;

(g)táscairí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra na hEorpa agus iad a chur i láthair mar dheais;

(h) timpeallacht shlán phróiseála a chur ar fáil.

2. Ní bheidh rannpháirtíocht san Ardán oscailte ach do ghnóthais intíre amháin.

3. Cuirfidh ionadaí dlíthiúil an Ardáin an Coimisiún ar an eolas faoi bhristeacha reatha nó faoi bhristeacha a bhfuil coinne leo sa slabhra soláthair leathsheoltóra gan moill mhíchuí.

*Airteagal 35*
*Faireachán agus réamhaíocht*

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, faireachán rialta ar an slabhra luacha leathsheoltóra d'fhonn tosca a shainaithint a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar leathsheoltóirí nó dochar a dhéanamh nó tionchar diúltach a bheith acu ar an soláthar sin nó ar thrádáil leathsheoltóirí. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas san fhaireachán:

   (a) faireachán ar tháscairí luathrabhaidh arna sainaithint de bhun Airteagal 33;

   (b) faireachán arna déanamh ag na Ballstáit ar shláine na ngníomhaíochtaí a dhéanann na príomhghníomhaithe margaidh arna sainaithint de bhun Airteagal 36 agus tuairisciú ó na Ballstáit maidir le mórimeachtaí a d'fhéadfadh bac a chur ar oibríochtaí rialta na ngníomhaíochtaí den sórt sin;

   (c) dea-chleachtais a shainaithint maidir le maolú riosca coisctheach agus trédhearcacht mhéadaithe san earnáil leathsheoltóra.

   Saineoidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, minicíocht an fhaireacháin ar bhonn riachtanais an earnála leathsheoltóra.

   Déanfaidh an Coimisiún comhordú ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le faireachán ar an earnáil leathsheoltóra, ar bhonn faisnéise arna bailiú de bhun Airteagal 33, Airteagal 34(3) nó trí fhoinsí eile, mar shampla comhpháirtithe idirnáisiúnta.

2. Iarrfaidh an Coimisiún ar phríomhghníomhaithe margaidh, ar thacar ionadaíoch d'úsáideoirí leathsheoltóirí ó na hearnálacha criticiúla, ar eagraíochtaí ionadaíocha an tslabhra luacha leathsheoltóra agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile faisnéis a chur ar fáil, ar bhonn deonach, chun gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, pointe (a).

   Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar FBManna agus FMBanna chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as an mbailiú faisnéise a íoslaghdú.

3. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit faisnéis a iarraidh, ar bhonn deonach, ar phríomhghníomhaithe margaidh i gcás inar gá agus inar comhréireach.

4. Chun críocha mhír 3 den Airteagal seo, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta, arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 48, liosta teagmhálacha na ngnóthas ábhartha uile a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra atá bunaithe ina gcríoch a bhunú agus a chothabháil. Déanfar an liosta sin a tharchur chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le formáid chaighdeánaithe don liosta teagmhálacha d'fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú.

5. Déanfar aon fhaisnéis a gheofar de bhun an Airteagail seo a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 50.

6. Ar bhonn na faisnéise arna bailiú trí na gníomhaíochtaí faoi mhír 1, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil ar na torthaí comhiomlánaithe don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí i bhfoirm nuashonruithe rialta. Tiocfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí le chéile chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí an fhaireacháin. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh d'eagraíochtaí ionadaíocha ón earnáil leathsheoltóra chuig na cruinnithe den sórt sin. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do phríomhghníomhaithe margaidh, d'úsáideoirí

leathsheoltóirí ó na hearnálacha criticiúla, d'údaráis nó d'eagraíochtaí ionadaíocha tríú tíortha comhpháirtíochta, agus do shaineolaithe ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta chuig na cruinnithe den sórt sin.

*Airteagal 36*
*Na príomhghníomhaithe margaidh*

Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 35, príomhghníomhaithe margaidh a shainaithint feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra arna mbunú ar a gcríoch, agus na heilimintí seo a leanas á gcur san áireamh acu:

(a) an líon gnóthas de chuid an Aontais a bhraitheann ar sheirbhís nó earra atá á sholáthar ag gníomhaí margaidh;

(b) an sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda atá ag príomhghníomhaí margaidh i margadh na seirbhísí nó na n-earraí sin;

(c) an tábhacht a bhaineann le gníomhaí margaidh maidir le leibhéal leormhaith de sholáthar seirbhíse nó earra a choinneáil ar bun san Aontas, agus infhaighteacht modhanna malartacha le haghaidh sholáthar na seirbhíse nó an earra sin á cur san áireamh;

(d) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag míshocracht soláthair na seirbhíse nó an earra arna chur ar fáil ag an ngníomhaí margaidh ar shlabhra soláthair leathsheoltóirí an Aontais agus ar na margaí a bhraitheann ar an slabhra sin.

## ROINN 2

## FOLÁIRIMH AGUS AN CHÉIM GHÉARCHÉIME A GHNÍOMHACHTÚ

*Airteagal 37*
*Foláirimh agus gníomhaíocht choisctheach*

1. I gcás ina bhfaighidh údarás inniúil náisiúnta, arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 48, amach go bhfuil riosca ann go mbeidh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí, nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí.

2. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go bhfuil riosca ann go dtarlódh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn, lena n-áirítear ar bhonn táscairí luathrabhaidh, tar éis foláireamh a thabhairt de bhun mhír 1 nó ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, déanfaidh sé na gníomhaíochtaí coisctheacha seo a leanas gan moill mhíchuí:

(a) cruinniú urghnách an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhordú:

(i)plé a dhéanamh ar thromchúis an bhriste ar an soláthar leathsheoltóirí;

(ii) plé a dhéanamh an mbeadh sé riachtanach agus comhréireach an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39 a thionscnamh;

(iii) plé a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé iomchuí, riachtanach agus comhréireach do na Ballstáit leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a cheannach go comhpháirteach mar bheart choisctheach (soláthar comhpháirteach);

(iv) dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara an tslabhra luacha leathsheoltóra d'fhonn bearta coisctheacha a shainaithint, a ullmhú agus, b'fhéidir, a chomhordú;

(v)comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cé acu a eiseoidh nó nach n-eiseoidh sé iarraidh ar fhaisnéis chuig an Ardán de bhun Airteagal 38.

(b) thar ceann an Aontais, dul i gcomhairle nó i gcomhar le tríú tíortha ábhartha d'fhonn réitigh chomhoibríocha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, a bhféadfaidh, i gcás inarb iomchuí, comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí;

(c) iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 48 measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na bpríomhghníomhaithe margaidh.

3. Aon soláthar comhpháirteach a dhéanfar tar éis na bpléití dá dtagraítear i mír 2, pointe (a)(iii), déanfaidh na Ballstáit é i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagail 38 agus 39 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagail 56 agus 57 de Threoir 2014/25/AE.

*Airteagal 38*
*Bailiú faisnéise coiscthí*

1. Féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint, chun measúnú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh briseadh tromchúiseach sa soláthar leathsheoltóirí, chuig an Ardán nó chuig gnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra luacha leathsheoltóirí a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas nó a thairgeann táirgí ar mhargadh an Aontais, mura bhfuil siad rannpháirteach san Ardán, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí ag an gcruinniú urghnách dá dtagraítear in Airteagal 37(2), pointe (a).

2. Sula seolfaidh sé iarraidh ar fhaisnéis, féadfaidh an Coimisiún comhairliúchán deonach le líon ionadaíoch gnóthas ábhartha d'fhonn ábhar iomchuí agus comhréireach na hiarrata sin a shainaithint.

3. Luafar in iarraidh ar fhaisnéis chuig gnóthas aonair bunús dlí agus cuspóir na hiarrata, beidh sí teoranta don mhéid is gá agus beidh sí comhréireach ó thaobh mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh. Leagfar amach ann an teorainn ama ar laistigh di nach mór an fhaisnéis a sholáthar agus na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh as faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar de bhun Airteagal 51. Déanfar na sonraí a anaithnidiú agus a chomhiomlánú de réir mar is iomchuí. I gcás ina bhfuil gnóthas de chuid an Aontais faoi réir iarraidh ar fhaisnéis faoi mhír 5 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ina bhfuil an gnóthas aonair bunaithe ar an eolas faoin iarraidh sin.

4. Sonrófar in iarraidh ar fhaisnéis chuig ionadaí dlíthiúil an Ardáin an bunús dlí agus an cuspóir atá léi, beidh sí teoranta don mhéid is gá agus beidh sí comhréireach ó

thaobh mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, agus aidhmeanna dlisteanacha an Ardáin á gcur san áireamh. Leagfar amach ann an teorainn ama ar laistigh di nach mór an fhaisnéis a sholáthar, agus áireofar ann faisnéis faoi phionóis a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 51.

5. Is iad úinéirí na ngnóthas nó ionadaithe dá gcuid agus, i gcás daoine dlítheanacha, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, a sholáthróidh an fhaisnéis arna hiarraidh thar ceann an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas lena mbaineann.

6. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis chomhiomlánaithe ó na freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí.

7. Ní fhreagróidh ionadaí dlíthiúil an Ardáin aon iarraidh ar fhaisnéis nach n-eisíonn an Coimisiún, ach amháin má tá siad faoi oibleagáid dhlíthiúil é sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

8. Déanfar aon fhaisnéis a gheofar de bhun an Airteagail seo a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 50.

*Airteagal 39*
*An chéim ghéarchéime a ghníomhachtú*

1. Measfar go bhfuil géarchéim leathsheoltóra ann i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

   (a) tá briseadh tromchúiseach sa slabhra soláthair leathsheoltóra nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil leathsheoltóirí laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanais shuntasacha leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhar nó ábhar próiseáilte;

   (b) leis na ganntanais shuntasacha sin, cuirtear cosc ar sholáthar, deisiú nó cothabháil táirgí fíor-riachtanacha arna n-úsáid ag earnálacha criticiúla sa mhéid go mbeadh éifeacht dhíobhálach thromchúiseach aige ar fheidhmiú na n-earnálacha criticiúla i ngeall ar an tionchar a bheadh acu ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar shlándáil an Aontais.

2. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go bhféadfadh géarchéim leathsheoltóra a bheith ann, de bhun Airteagal 37(2), déanfaidh sé measúnú féachaint an bhfuil coinníollacha mhír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na tionchair agus na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcéim ghéarchéime ar thionscal leathsheoltóra an Aontais agus ar earnálacha criticiúla. I gcás ina soláthrófar fianaise nithiúil iontaofa leis an measúnú sin agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle céim na géarchéime a ghníomhachtú.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Sonrófar fad na céime géarchéime sa ghníomh cur chun feidhme agus ní rachaidh sé thar 12 mhí.

   Tuairisceoidh an Coimisiún ar bhonn rialta agus, ar aon chaoi, gach 3 mhí ar a laghad don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le staid na géarchéime.

4. Sula rachaidh an tréimhse in éag a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú dá barr, déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí an chéim ghéarchéime a fhadú. I gcás ina soláthraítear leis an measúnú sin fianaise nithiúil iontaofa go bhfuil na coinníollacha maidir le gníomhachtú na géarchéime á gcomhlíonadh fós, agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle síneadh a chur leis an gcéim ghéarchéime.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an chéim ghéarchéime a fhadú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Beidh fad an tsínithe teoranta agus sonraithe sa ghníomh cur chun feidhme.

Féadfaidh an Coimisiún a mholadh an chéim ghéarchéime a fhadú uair amháin ná níos minice i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin.

5. Le linn na céime géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, measúnú ar oiriúnacht luathfhoirceannadh na céime géarchéime. Má léirítear sin sa mheasúnú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle deireadh a chur leis an gcéim ghéarchéime.

Féadfaidh an Chomhairle an chéim ghéarchéime a fhoirceannadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

6. I rith na céime géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, ar a iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cruinnithe urghnácha an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól i gcás inar gá.

Oibreoidh na Ballstáit i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, cuirfidh siad in iúl dó go tráthúil aon bheart náisiúnta a ghlacfar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóra laistigh den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus déanfaidh siad comhordú ar na bearta sin.

7. Ar dhul in éag don tréimhse a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú ina leith, nó i gcás go bhfoirceannfar go luath í de bhun mhír 5 den Airteagal seo, scoirfidh na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagail 41, 42 agus 43 láithreach d’fheidhm a bheith acu.

8. Déanfaidh an Coimisiún mapáil agus faireachán na slabhraí luacha leathsheoltóra de bhun Airteagal 33 agus 35 a thabhairt cothrom le dáta agus taithí na géarchéime á cur san áireamh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don chéim ghéarchéime dul in éag.

## ROINN 3

## FREAGAIRT AR GHANNTANAIS

*Airteagal 40*
*Bosca uirlisí éigeandála*

1. I gcás inar ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 39 agus i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra san Aontas, féadfaidh an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagail 41, 42 nó 43 a ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.

2. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, déanfaidh sé cur i bhfeidhm na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 42 agus 43 a theorannú do na hearnálacha criticiúla a bhfuil suaitheadh maidir lena n-oibriú i gceist, nó a bhfuil baol ann go mbeadh suaitheadh ina n-oibriú, mar gheall ar an ngéarchéim leathsheoltóra. Beidh úsáid na mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo comhréireach agus teoranta dá bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha a dhéanann difear d'earnálacha criticiúla san Aontas, agus ní mór úsáid na mbeart a bheith chun leas an Aontais. Le húsáid na mbeart sin, seachnófar FBManna agus FMBanna go háirithe a chur faoi ualach riaracháin díréireach.

3. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime de bhun Airteagal 39 agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra san Aontas, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) bearta éigeandála éifeachtacha iomchuí a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil ina leith;

   (b) measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheadh ag bearta cosanta a d'fhéadfaí a fhorchur ar earnáil leathsheoltóra an Aontais, ag cur san áireamh an gcomhfhreagraíonn staid an mhargaidh do ghanntanas suntasach táirge fhíor-riachtanaigh de bhun Rialachán (AE) 2015/479 agus tuairim a thabhairt don Choimisiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi aon bheart a ghlacfar i gcomhréir le mír 1, agus míneoidh sé cad is údar lena chinneadh.

5. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

*Airteagal 41*
*Bailiú faisnéise ag céim na géarchéime*

1. I gcás ina ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 39, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ghnóthais a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra faisnéis a sholáthar faoina gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta agus na príomhbhristeacha atá ann faoi láthair. Beidh an fhaisnéis a iarrfar teoranta don mhéid is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime leathsheoltóra nó chun bearta féideartha maolaithe nó éigeandála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint nó a mheas. Ní bheidh soláthar faisnéise i gceist leis na hiarrataí ar fhaisnéis, ar faisnéis í a bheadh contrártha do leasanna slándála náisiúnta na mBallstát dá nochtfaí í.

2. Sula seolfaidh sé iarraidh ar fhaisnéis, féadfaidh an Coimisiún comhairliúchán deonach le líon ionadaíoch gnóthas ábhartha d'fhonn ábhar iomchuí agus comhréireach na hiarrata sin a shainaithint. Forbróidh an Coimisiún an iarraidh ar fhaisnéis i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

3. Úsáidfidh an Coimisiún na modhanna slána agus láimhseálfaidh sé aon fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh. Chun na críche sin, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 48 liosta na dteagmhálacha arna mbunú faoi Airteagal 35(4) a tharchur chuig an gCoimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh ar fhaisnéis a chur ar aghaidh gan mhoill chuig údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 48, a bhfuil láithreán táirgeachta an ghnóthais a bhfuiltear ag díriú air suite ar a chríoch. Má éilíonn an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ón ngnóthas ábhartha i gcomhréir le dlí an Aontais.

4. Leis an iarraidh ar fhaisnéis sonrófar an bunús dlí atá léi, beidh sí teoranta don íosmhéid is gá agus beidh sí comhréireach i dtéarmaí ghráinneacht agus mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, tabharfar aird inti ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, agus leagfar amach inti an teorainn ama a gcaithfear na sonraí a sholáthar laistigh di. Sonrófar inti freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 51.

5. Is iad úinéirí na ngnóthas nó ionadaithe dá gcuid agus, i gcás daoine dlítheanacha, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, a sholáthróidh an fhaisnéis arna hiarraidh thar ceann an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas lena mbaineann.

6. I gcás ina soláthraíonn gnóthas faisnéis atá neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a dhéantar de bhun an Airteagail seo, nó i gcás nach soláthraíonn sé an fhaisnéis laistigh den teorann ama atá leagtha síos, beidh sé faoi réir fíneálacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 51, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an ngnóthas gan an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.

7. I gcás ina bhfuil gnóthas de chuid an Aontais nó fochuideachta atá faoi úinéireacht agus faoi rialú an ghnóthais sin faoi réir iarraidh ar fhaisnéis ó thríú tír, ar faisnéis í a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, roinnfidh sé an fhaisnéis a d'iarr an tríú tír agus a soláthraíodh don tríú tír leis an gCoimisiún gan mhoill. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoin iarraidh sin a bheith ann ó thríú tír agus faoin bhfaisnéis arna comhroinnt ag an ngnóthas.

*Airteagal 42*
*Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo*

1. I gcás ina ngníomhachtófar an chéim géarchéime de bhun Airteagal 39, féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar thionscnaimh teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpaí agus ar thionscadail straitéiseacha glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó (ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis). Beidh tús áite ag oibleagáid den sórt sin ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí.

2. I gcás inarb infheidhme, féadfar an oibleagáid faoi mhír 1 a fhorchur mar cheangal ar ghnóthais leathsheoltóra eile a ghlac an fhéidearthacht sin i gcomhthéacs tacaíocht phoiblí a fháil.

3. I gcás ina bhfuil gnóthas leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas faoi réir beart tríú tír maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar an ngnóthas sin, i gcás inar gá agus inar comhréireach, orduithe táirgí atá ábhartha maidir li gcás géarchéime a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 7.

4. Beidh orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo teoranta do thairbhithe a úsáideann leathsheoltóirí ó earnálacha criticiúla nó gnóthais a sholáthraíonn earnálacha criticiúla a bhfuil a ngníomhaíochtaí suaite nó i mbaol suaite agus nach raibh in ann, tar éis dóibh bearta iomchuí maolaithe riosca a chur chun feidhme, tionchar an ghanntanais a sheachaint agus a mhaolú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar thairbhí fianaise iomchuí ina leith sin a thíolacadh.

5. Déanfaidh an Coimisiún, mar bheart in am an éigin, na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo a achtú trí chinneadh. Glacfaidh an Coimisiún an cinneadh sin, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, agus aird á tabhairt ar thosca an cháis, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Leis an gcinneadh tabharfar aird go háirithe ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais lena mbaineann agus ar an gcostas, ar an iarracht agus ar na coigeartuithe teicniúla is gá chun aon athrú ar an seicheamh táirgeachta a dhéanamh. Ina chinneadh, sonróidh an Coimisiún bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ar laistigh de a bheidh an t-ordú le tabhairt i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé an táirge agus an méid agus luafaidh sé na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 51 maidir le neamhchomhlíonadh oibleagáid den sórt sin. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta.

6. Sula n-eiseofar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh an Coimisiún deis d'fhaighteoir beartaithe ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis éisteacht a fháil maidir le hindéantacht agus sonraí an ordaithe. Ní eiseoidh an Coimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair nach bhfuil an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamh-leordhóthanach, nó ar fhorais theicniúla, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;

(b) dá mbeadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas mar thoradh ar ghlacadh an ordaithe, lena n-áirítear rioscaí suntasacha a bhaineann le leanúnachas gnó.

7. I gcás ina bhfuil ceangal ar ghnóthas glacadh le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint agus tús áite a thabhairt dó, ní bheidh sé faoi dhliteanas maidir le haon sárú oibleagáidí conarthacha atá riachtanach chun an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a chomhlíonadh. Ní eisiafar an dliteanas conarthach ach a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an sannadh tosaíochta a chomhlíonadh ar ann do shainordú ina leith.

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla maidir le feidhmiú na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(6).

*Airteagal 43*
*Ceannach comhpháirteach*

1. I gcás ina ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 39, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do dhá Bhallstát nó níos mó, gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh thar ceann na mBallstát uile atá toilteanach a bheith rannpháirteach (na Ballstáit rannpháirteacha) le haghaidh sholáthar poiblí a dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime le haghaidh na n-earnálacha criticiúla (‘ceannach comhpháirteach’). Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht sa cheannach comhpháirteach dochar do nósanna imeachta soláthair eile. Leagfar amach san iarraidh ar ceannach comhpháirteach na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus úsáidfear í go heisiach chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra as ar eascair an ghéarchéim.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fhóntas, riachtanas agus comhréireacht na hiarrata, agus tuairimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á gcur san áireamh aige. I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an iarraidh a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna lenar dhiúltaigh sé don iarraidh.

3. Déanfaidh an Coimisiún togra a tharraingt suas le haghaidh comhaontú a bheidh le síniú ag na Ballstáit rannpháirteacha. Le comhaontú den sórt sin, déanfar an ceannach comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear cúiseanna atá le sásra an cheannaigh chomhpháirtigh a úsáid agus dliteanais atá le glacadh, a eagrú go mionsonraithe agus bunófar an sainordú faoina ngníomhóidh an Coimisiún thar ceann na mBallstát rannpháirteach.

4. An soláthar faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún é i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir lena sholáthar féin. Féadfaidh sé a bheith de chumas agus de fhreagracht ag an gCoimisiún, thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile, conarthaí a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le ceannach táirgí den chineál sin nó maidir le maoiniú táirgthe nó forbartha táirgí den chineál sin mar chúiteamh ar cheart tosaíochta chun an toraidh.

5. I gcás ina n-áirítear le soláthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime maoiniú ó bhuiséad an Aontais, féadfar coinníollacha sonracha a leagan amach i gcomhaontuithe sonracha le hoibreoirí eacnamaíocha.

6. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus na conarthaí le hoibreoirí eacnamaíocha a thabhairt i gcrích thar ceann na mBallstát rannpháirteach. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit rannpháirteacha ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh in ullmhú na nósanna imeachta soláthair. Is faoi na Ballstáit rannpháirteacha a bheidh an fhreagracht fós as imscaradh, úsáid nó athúsáid na dtáirgí ceannaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú dá dtagraítear i mír 3.

7. Ní dhéanfaidh imscaradh an cheannaigh chomhpháirtigh de bhun an Airteagail seo dochar d’ionstraimí eile dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

# CAIBIDIL V

## Rialachas

### ROINN 1

### AN BORD EORPACH UM LEATHSHEOLTÓIRÍ

*Airteagal 44*
*Tascanna an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí*

1. Tabharfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cúnamh don Choimisiún maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartas leathsheoltóirí an Aontais, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip 2.0’ do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna;

(b) comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le réimsí straitéiseacha teicneolaíochta laistigh den slabhra luacha leathsheoltóra;

(c) comhairle a chur ar fáil don Choimisiún agus measúnú á dhéanamh ar na hiarratais ar thionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra;

(d) dul i mbun idirphlé struchtúrtha le Coiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Leathsheoltóirí d’fhonn comhstraitéis maidir le leathsheoltóirí a shainiú;

(e)tuairimí a mhalartú leis an gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme Phleananna Infheistíochta na Réigiún Leathsheoltóra Barr Feabhais;

(f)tuairimí a mhalartú leis an gCoimisiún maidir leis na bealaí is fearr chun a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, go ndéanfar cearta maoine intleachtúla, faisnéis rúnda agus rúin trádála a chosaint agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, le rannpháirtíocht chuí na bpáirtithe leasmhara, i ndáil leis an earnáil leathsheoltóra;

(g)plé ar shainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad a d’fhéadfadh tionchar mór sóisialta nó comhshaoil, nó suntasacht ó thaobh na slándála de, a bheith acu agus dar gá, dá bhrí sin, deimhniú mar tháirgí atá glas iontaofa slán;

(h)aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le mapáil straitéiseach, faireachán, foláireamh agus gníomhaíocht choisctheach agus freagairt ar ghéarchéimeanna;

(i)comhairle a thabhairt maidir leis na huirlisí céime géarchéime dá bhforáiltear in Airteagail 40 go 43;

(j) comhairle agus moltaí a sholáthar maidir le cur chun feidhme comhsheasmhach an Rialacháin seo, comhar a éascú idir na Ballstáit agus faisnéis a mhalartú faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo;

(k) comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hábhair a bhaineann le comhar idirnáisiúnta i ndáil le leathsheoltóirí.

2. Tabharfaidh an Bord comhairle don Choimisiún agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi thosaíochtaí na mBallstát san earnáil leathsheoltóra, go háirithe trí nuashonruithe a sholáthar go rialta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) a mbeartais náisiúnta maidir le leathsheoltóirí;

(b) infheistíochtaí ábhartha poiblí agus príobháideacha i gcríoch an Bhallstáit dá ndéanann siad ionadaíocht;

(c) gealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear cláir T&F, nuálaíochta agus malartaithe scileanna le tríú tíortha.

3. Áiritheoidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú, comhar agus malartú faisnéise, i gcás inarb iomchuí, leis na struchtúir ábhartha um fhreagairt ar ghéarchéimeanna agus um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, struchtúir arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

*Airteagal 45*
*Struchtúr an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí*

1. Is iad ionadaithe ó na Ballstáit uile a bheidh ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Beidh ionadaí ón gCoimisiún ina Chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

2. Déanfaidh gach Ballstát ionadaí ardleibhéil amháin ar a laghad a cheapadh don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus an saineolas, féadfaidh Ballstát níos mó ná ionadaí amháin a bheith aige i ndáil le cúraimí éagsúla de chuid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ní bheidh cearta vótála ach ag na Ballstáit. Ní bheidh ach aon vóta amháin ag gach Ballstát gan beann ar an líon ionadaithe atá acu.

3. Féadfaidh an Cathaoirleach foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha.

I gcás inarb iomchuí, iarrfaidh an Coimisiún ar eagraíochtaí ionadaíocha an tslabhra luacha leathsheoltóra, ar Choiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Leathsheoltóirí agus a meithleacha ábhartha, ar cheardchumainn agus úsáideoirí leathsheoltóirí ar leibhéal an Aontais, ionchur a sholáthar do na foghrúpaí sin i gcáil breathnóirí.

*Airteagal 46*
*Oibriú an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí*

1. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gnáthchruinnithe uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a thionól ar a iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát agus dá dtagraítear in Airteagail 37 agus 39.

2. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh le haghaidh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 44(1).

3. Tionólfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre i gcomhréir le cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun an Rialacháin seo agus lena rialacha nós imeachta.

Soláthróidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailíseach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 44.

4. I gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh an Cathaoirleach eagraíochtaí ionadaíocha na hearnála leathsheoltóra isteach sa phróiseas agus tabharfaidh sé cuireadh do shaineolaithe a bhfuil saineolas sonrach acu ar an ábhar, lena n-áirítear ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara amhail líonra Eorpach na Réigiún Leathsheoltóra Barr Feabhais, agus ceapfaidh sé breathnóirí chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe, lena n-áirítear ar mholadh ó chomhaltaí. Féadfaidh an Cathaoirleach malartuithe a éascú idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí saineolaithe agus comhairleacha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí. Áiritheoidh an Cathaoirleach go n-iarrfar ar Choiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Leathsheoltóirí nuashonruithe a chur i láthair agus gnéithe ábhartha den chur chuige straitéiseach Eorpach maidir le leathsheoltóirí a phlé uair sa bhliain ar a laghad.

5. Tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh d'ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa mar bhreathnóir buan ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, go háirithe chuig cruinnithe a bhaineann le Caibidil IV maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna. Áiritheoidh an Cathaoirleach rannpháirtíocht institiúidí agus comhlachtaí Aontais ábhartha eile mar bhreathnóirí ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí i ndáil le cruinnithe a bhaineann le Caibidil IV maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna.

Ní bheidh cearta vótála ag na breathnóirí agus na saineolaithe agus ní ghlacfaidh siad páirt i gceapadh tuairimí, moltaí ná comhairle an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí ná a fhoghrúpaí. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cuireadh a thabhairt do na breathnóirí agus do na saineolaithe sin rannchuidiú trí fhaisnéis agus léargais a thabhairt.

6. Glacfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gach beart is gá chun láimhseáil agus próiseáil shábháilte na faisnéise rúnda a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 50.

*Airteagal 47*

*Comhar idirnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí*

1. Tabharfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle don Choimisiún faoi chúrsaí a bhaineann le comhar idirnáisiúnta i ndáil le leathsheoltóirí. Chuige sin, déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí plé tréimhsiúil ar an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a rannchuidíonn comhar idirnáisiúnta an Aontais maidir le leathsheoltóirí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí, leis an méid seo a leanas:

– fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas an Aontais a fheabhsú;

– feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra idir an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse an taighde agus na nuálaíochta;

– aghaidh a thabhairt ar an nganntanas eolais agus scileanna agus ar an mímheaitseáil scileanna trí thallann nua a mhealladh, a shlógadh agus a choinneáil chuig an Aontas;

(b) an chomhsheasmhacht agus na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir comhar déthaobhach na mBallstát le comhpháirtithe idirnáisiúnta ábhartha, agus na gníomhaíochtaí i gcomhthéacs a chomhair idirnáisiúnta maidir le leathsheoltóirí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí;

(c) cad iad na comhpháirtithe idirnáisiúnta ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí a thabhairt i gcrích, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

– an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le slándáil an tsoláthair, fíor-riachtanas, athléimneacht agus rathúnas, agus acmhainneachtaí féideartha comhpháirtí a bhaineann le leathsheoltóirí, éagsúlú agus spleáchais á gcur san áireamh;

– an áirithítear le creat rialála comhpháirtí faireachán agus íoslaghdú ar thionchair chomhshaoil, úsáid cleachtas atá freagrach go sóisialta, úsáid cleachtas gnó trédhearcach agus cosc ar dhrochthionchair ar fheidhmiú cuí an riaracháin phoiblí agus ar an smacht reachta;

– an bhfuil comhaontuithe comhair ann cheana idir tríú tír nó tríú críoch agus an tAontas agus, i gcás margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, an bhféadfaí tionscadail infheistíochta Global Gateway[72] a úsáid;

– an ndéantar foráil i gcreat rialála an chomhpháirtí, nó sa chreat ábhartha is infheidhme, maidir le cur i bhfeidhm rialuithe ar onnmhairiú teicneolaíochta a d'fhéadfadh teorainn a chur leis an rochtain ar earraí agus teicneolaíocht is gá chun earraí a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh nó a úsáid san Aontas nó chun earraí agus teicneolaíocht a dheartar, a fhorbraítear nó a tháirgtear san Aontas a onnmhairiú.

2. Cumasóidh an Coimisiún comhar an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí le fóram comhordúcháin ábhartha eile agus tacóidh sé leis an gcomhar sin, lena n-áirítear na fóraim sin arna mbunú mar chuid de chreat Global Gateway[73].

3. Áiritheoidh na Ballstáit comhsheasmhacht idir a gcomhar déthaobhach le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus i gcomhar idirnáisiúnta an Aontais maidir le leathsheoltóirí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha neamhcheangailteacha. Tacóidh siad freisin leis an gCoimisiún na bearta comhair a leagtar amach i gcomhar idirnáisiúnta an Aontais maidir le leathsheoltóirí a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le leathsheoltóirí.

---

[72] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, Straitéis Global Gateway, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2841/5607451.

[73] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, Straitéis Global Gateway, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2841/5607451.

## ROINN 2

## ÚDARÁIS INNIÚLA NÁISIÚNTA

*Airteagal 48*
*Ainmniú na n-údarás inniúil náisiúnta agus pointí teagmhála náisiúnta aonair*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú.

2. I gcás ina n-ainmneoidh Ballstát níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin, leagfaidh sé amach go soiléir freagrachtaí gach ceann de na húdaráis lena mbaineann agus áiritheoidh sé go gcomhoibreoidh na húdaráis go héifeachtach éifeachtúil chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na tascanna a bhaineann leis an ainmniú agus gníomhaíochtaí an phointe teagmhála aonair náisiúnta dá dtagraítear i mír 3.

3. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin chun feidhm idirchaidrimh a fheidhmiú chun comhar trasteorann le húdaráis inniúla náisiúnta Ballstát eile, leis an gCoimisiún agus leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí a áirithiú. I gcás nach n-ainmneoidh Ballstát ach aon údarás inniúil náisiúnta amháin, is é an t-údarás inniúil náisiúnta sin a bheidh ina phointe teagmhála náisiúnta aonair freisin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi údarás inniúil náisiúnta nó níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin a ainmniú, agus faoin bpointe náisiúnta teagmhála aonair, lena n-áirítear a gcúraimí agus freagrachtaí beachta faoin Rialachán seo, a sonraí teagmhála agus aon athrú ar na sonraí ina dhiaidh sin. Cuirfidh an pointe teagmhála aonair náisiúnta bosca ríomhphoist feidhmiúil ar fáil don Choimisiún.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear an pointe teagmhála náisiúnta aonair a ainmneofar, a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil agus go soláthrófar dóibh na cumhachtaí agus na hacmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leordhóthanacha is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, agus le páirtithe leasmhara ábhartha agus go gcomhoibreoidh siad leo, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Éascóidh an Coimisiún an malartú taithí idir údaráis inniúla náisiúnta.

## ROINN 3

## AN CHOMHGHUAILLÍOCHT THIONSCLAÍOCH

*Airteagal 49*

*An Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí*

1. Bunaítear leis seo Comhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí ('an Chomhghuaillíocht').

2. Tabharfaidh an Chomhghuaillíocht páirtithe leasmhara ábhartha le chéile chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna atá ábhartha do thionscal leathsheoltóirí an Aontais, lena n-áirítear:

(f)treochtaí reatha an mhargaidh agus an tionscail;

(g)acmhainneacht dearthóireachta agus monaraíochta leathsheoltóirí an Aontais;

(h)teicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar;

(i)sainaithint agus moltaí chun aghaidh a thabhairt ar láidreachtaí agus laigí tionsclaíocha an Aontais;

(j)straitéisí chun dlús a chur le tionsclú na nuálaíochta;

(k)forbairtí geopholaitiúla a dhéanann difear don tionscal;

(l) iomaíochas domhanda an Aontais a fheabhsú;

(m) cur le feidhmiú na luasairí éilimh;

(n) cur le feidhmiú an fhóraim éilimh.

3. Beidh na comhaltaí sa Chomhghuaillíocht ina n-ionadaithe ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais, lena n-áirítear fiontair, gnólachtaí nuathionscanta, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus earnálacha úsáideoirí, a chomhlíonann na critéir seo a leanas

(a) taithí, eolas agus cumais leathsheoltóra a bheith léirithe acu;

(b) go rannchuidíonn siad nó go bhfuil siad tiomanta do rannchuidiú le slándáil soláthair leathsheoltóra an Aontais;

(c) láithreacht ábhartha a bheith acu sa mhargadh Eorpach nó a bheith tiomanta do láithreacht den sórt sin a thógáil laistigh den Aontas.

4. Ceapfaidh an Coimisiún comhaltaí na Comhghuaillíochta, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 4.

5. Beidh ionadaí ón gCoimisiún ina Chathaoirleach ar an gComhghuaillíocht.

6. Tionólfaidh an Chomhghuaillíocht Comhthionól Ginearálta uair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a thionól arna iarraidh sin do Chathaoirleach na Comhghuaillíochta nó d'aon chomhalta den Choiste Stiúrtha, faoi réir fhormheas an Chathaoirligh.

7. Tionólfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta agus le cúraimí na Comhghuaillíochta de bhun an Rialacháin seo.

8. Bunóidh an Coimisiún Coiste Stiúrtha laistigh den Chomhghuaillíocht. Rachaidh an Coiste Stiúrtha i mbun idirphlé straitéiseach leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí uair sa bhliain ar a laghad, mar a shonraítear in Airteagal 44.

9. Féadfaidh Cathaoirleach na Comhghuaillíochta nó an Choiste Stiúrtha, faoi réir fhormheas an Chathaoirligh, Meithleacha buana nó sealadacha a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha.

# Caibidil VI

# Rúndacht agus pionóis

*Airteagal 50*
*Faisnéis rúnda a láimhseáil*

1. An fhaisnéis a fhaightear le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme is chun críocha an Rialacháin seo agus chun na gcríoch sin amháin a úsáidfear í, agus déanfar í a chosaint le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta.

2. Déanfar faisnéis neamhrúnda arna bailiú de bhun an Rialacháin seo a tharchur chuig údaráis staidrimh náisiúnta agus chuig Eurostat chun staidreamh a thiomsú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/3018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. An fhaisnéis a fhaightear de bhun Airteagail 14, 33, 35, 38, 41 agus 46, beidh sí faoi réir rúndacht gairmiúil agus beidh an chosaint aici a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme a ghníomhachtú maidir le sárú na rialacha sin.

4. Áiritheoidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile atá ag obair faoi mhaoirseacht na n-údarás sin rúndacht na faisnéise agus na sonraí a gheobhaidh siad agus a gcúraimí á ndéanamh acu sa chaoi go gcosnófar go háirithe cearta maoine intleachtúla agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó rúin trádála. Bainfidh an oibleagáid sin le hionadaithe uile na mBallstát agus leis na breathnóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile ar fad a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 44 agus le comhaltaí an Choiste Leathsheoltóra de bhun Airteagal 56(1).

5. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le modhanna caighdeánaithe slána chun an fhaisnéis a gheofar de bhun an Rialacháin seo a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil.

6. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcás inar gá, an fhaisnéis a fuarthas de bhun Airteagal 35, 38 agus 39 a mhalartú, i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin lena gcuirtear cosc ar nochtadh aon chonclúidí maidir le staid shonrach cuideachta i mBallstát, le húdaráis inniúla tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó iltaobhacha comhaontaithe acu leo chun leibhéal leormhaith rúndachta a sholáthar. Sula rachaidh an Coimisiún nó na Ballstáit i mbun aon mhalartaithe faisnéise, tabharfaidh siad fógra don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí faoin bhfaisnéis atá le roinnt agus faoin socrú rúndachta ábhartha.

   Agus faisnéis á malartú le húdaráis inniúla tríú tíortha, ainmneoidh an Coimisiún pointe teagmhála aonair san Aontas agus úsáidfidh sé é chun aistriú na faisnéise nó na sonraí sin ar bhealach rúnda a éascú de bhun nósanna imeachta ábhartha an Choimisiúin.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, de réir mar is gá ar bhonn na taithí arna fáil sa bhailiú faisnéise, chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs malartú faisnéise de bhun an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

*Airteagal 51*
*Pionóis*

1. Féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, trí chinneadh, i gcás ina meastar é sin a bheith riachtanach agus comhréireach:

   (a) fíneálacha a fhorchur, i gcás ina soláthraíonn gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh de bhun Airteagail 38 nó 41, nó mura soláthraíonn gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá forordaithe;

   (b) fíneálacha a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagal 38(8), 41(7) agus Airteagal 42(3);

   (c) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 42.

2. Sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún deis éisteacht do na gnóthais i gcomhréir le hAirteagal 54. Cuirfidh sé san áireamh aon fhorais a bhfuil údar réasúnaithe leo a thíolacfaidh gnóthais den sórt sin chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil riachtanach agus comhréireach fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.

3. Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ní sháróidh siad EUR 300 000.

   Fíneálacha a fhorchuirfear sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ní sháróidh siad EUR 150 000.

   I gcás inar FBM an gnóthas lena mbaineann, ní rachaidh na fíneálacha a fhorchuirfear thar EUR 50 000.

4. Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ní sháróidh siad 1,5 % den láimhdeachas laethúil reatha le haghaidh gach lá oibre de neamhchomhlíonadh na hoibleagáide de bhun Airteagal 43, a ríomhfar ón dáta a leagtar síos sa chinneadh inar eisíodh an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis.

   I gcás inar FBM an gnóthas lena mbaineann, ní rachaidh na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear thar 0,5 % den láimhdeachas laethúil reatha.

5. Agus méid na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla á shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe, lena n-áirítear, i gcás neamhchomhlíonadh an ordaithe a bhfuil oibleagáid chun rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tús áite a thabhairt di a leagtar amach in Airteagal 43, agus cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an gnóthas an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis go páirteach, agus prionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta á gcur san áireamh go cuí.

6. I gcás ina gcomhlíonfaidh an gnóthas na ceanglais a bhí an íocaíocht phionósach thréimhsiúil ceaptha a fhorfheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a shocrú ag figiúr níos ísle ná an figiúr a bheadh i gceist faoin gcinneadh bunaidh.

7. Beidh dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ina socraíonn an Coimisiún fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht thréimhsiúil arna forchur a chealú, a laghdú nó a mhéadú.

*Airteagal 52*
*Tréimhse theorann chun fíneálacha agus pionóis a fhorchur*

1. Beidh na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 51 faoi réir na dtréimhsí teorann seo a leanas:

   (a) 2 bhliain i gcás sáruithe forálacha a bhaineann le hiarrataí faisnéise de bhun Airteagal 38 nó 41;

   (b) 2 bhliain i gcás sáruithe forálacha a bhaineann le hoibleagáid faisnéise de bhun Airteagal 38(8), Airteagal 41(7) agus Airteagal 42(3);

   (c) 3 bliana i gcás sáruithe forálacha a bhaineann leis an oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 42.

2. Cuirfear tús leis an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1 ar an lá a dhéanfar an sárú. I gcás ina bhfuil sáruithe leanúnacha agus sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, cuirfear tús leis an tréimhse theorann ar an lá a rinneadh an sárú deiridh.

3. Aon bheart a dhéanann an Coimisiún nó údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát chun comhlíonadh an Rialachán seo a áirithiú, cuirfidh an beart sin isteach ar an tréimhse theorann.

4. Beidh an cur isteach ar an tréimhse theorann i bhfeidhm i gcás na bpáirtithe uile atá freagrach as bheith rannpháirteach sa sárú.

5. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach. Rachaidh an tréimhse theorann in éag, áfach, ar a dhéanaí, ar an lá a bheidh tréimhse imithe thart atá cothrom le dhá oiread na tréimhse teorann gan fíneáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag an gCoimisiún. Déanfar an tréimhse sin a shíneadh leis an am ar cuireadh an tréimhse theorann ar fionraí lena linn ar an ábhar go bhfuil cinneadh an Choimisiúin ina ábhar sna himeachtaí atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 53*
*Tréimhse theorann maidir le pionóis a forfheidhmiú*

1. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 51 a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann 3 bliana.

2. Cuirfear tús leis an tréimhse theorann ar an lá a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh.

3. Cuirfear isteach ar an tréimhse theorann maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur:

   (a) le fógra a thabharfar faoi chinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla nó lena ndiúltaítear iarraidh ar athrú;

(b) le gníomh ar bith a dhéanfaidh an Coimisiún nó a dhéanfaidh Ballstát, agus é ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, atá ceaptha chun íocaíocht na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.

4. Cuirfear tús leis an tréimshe theorann as an nua le gach cur isteach.

5. Cuirfear an tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar fionraí:

(a) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil cead íocaíocht a dhéanamh;

(b) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 54*
*An ceart chun éisteacht a fháil sula bhforchuirtear pionóis*

1. Sula nglacfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 51, tabharfaidh sé deis don ghnóthas lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) réamhthorthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a ndearna an Coimisiún agóidí ina aghaidh;

(b) bearta a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh i bhfianaise na réamhthorthaí dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Féadfaidh na gnóthais lena mbaineann a gcuid barúlacha maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a thíolacadh de bhun mhír 1, pointe (a), laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún sna réamhthorthaí uaidh agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá.

3. Ní bhunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar aon ní ach amháin na hagóidí a raibh ar chumas na ngnóthas lena mbaineann barúil a thabhairt ina leith.

4. Déanfar cearta cosanta an ghnóthais lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn aon imeachtaí. Beidh an gnóthas lena mbaineann i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda ná doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

# CAIBIDIL VII

## Tarmligean cumhachta agus an nós Imeachta coiste

*Airteagal 55*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta teacht i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 17 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 nó Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 56*
*Nós imeachta coiste*

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó choiste (‘an Coiste Leathsheoltóra’). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

# CAIBIDIL VIII

# Foráil Chríochnaitheach

*Airteagal 57*
*Meastóireacht agus athbhreithniú*

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta le haghaidh 4 bliana tar éis dháta an teacht i bhfeidhm] agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí.

2. Chun críocha mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo, soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis don Choimisiún ar a hiarraidh sin dó.

3. Agus an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú á ndéanamh ar an Rialachán seo ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh seasaimh agus torthaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí, Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus comhlachtaí nó foinsí ábhartha eile.

*Airteagal 58*
*Aisghairm*

1. Aisghairtear Rialachán (AE) 2023/1781. 2. Déanfar tagairtí do Rialachán (AE) 2023/1781 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 59*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Leanfaidh Rialachán (AE) 2023/1781 d'fheidhm a bheith aige maidir le saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 den Rialachán sin faoi seach ar deonaíodh an stádas sin dóibh i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán sin, ar feadh thréimhse an stádais nó na tréimhse ama is infheidhme de bhun Airteagal 15(8), an dara habairt, den Rialachán sin.

*Airteagal 60*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

<u>**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**</u>


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 3

1.3. Cuspóirí ........ 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ........ 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ........ 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ........ 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ........ 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ........ 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ........ 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ........ 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ........ 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ........ 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ........ 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ........ 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam ..... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ..... 30
4.2. Sonraí ..... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 32

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2023/1781 (an Gníomh um Shliseanna 2)

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe

## 1.3. Cuspóirí

### *1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Tá dhá chuspóir ghinearálta ag an nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0, mar a shonraítear sa Mheabhrán Míniúcháin:

1. Iomaíochas shlabhra luacha leathsheoltóra na hEorpa a mhéadú chun feabhas a chur ar a cheannasacht theicneolaíoch agus ar a athléimneacht trí dhlús a chur le cur in úsáid tionsclaíoch an taighde agus na nuálaíochta, slándáil an tsoláthair a áirithiú agus spleáchais straitéiseacha i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus aibí a laghdú.

2. Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú trí athléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra na hEorpa a mhéadú agus trí shlándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint.

### *1.3.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1</u>

Acmhainneacht, slándáil soláthair agus iomaíochas thionscal leathsheoltóra an Aontais a fheabhsú ar fud an tslabhra luacha, sliseanna IS ceannródaíocha san áireamh

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 2</u>

Margadh láidir úsáideoirí a fhorbairt ar fud príomhearnálacha tionscail

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 3</u>

Cumais faisnéise maidir le hullmhacht agus freagairt i gcomhair géarchéimeanna a mhéadú

### *1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Ba cheart go mbainfeadh tionscal leathsheoltóirí an Aontais leas an tacaíocht a thugtar d'fhorbairt acmhainneachta theicneolaíochtaí leathsheoltóra ceannródaíocha agus den chéad ghlúin eile lena neartófar acmhainneachtaí ard-dearthóireachta, comhtháthaithe córas agus táirgthe sliseanna. Ba cheart go mbainfeadh an tionscal tairbhe freisin as tionscadail straitéiseacha maidir le dearadh agus monaraíocht. Bainfidh saoráidí leathsheoltóirí tairbhe as próisis deonaithe ceadanna níos éifeachtaí.

Ba cheart d'úsáideoirí leathsheoltóirí an Aontais i ngach earnáil tairbhe a bhaint as slándáil mhéadaithe an tsoláthair leathsheoltóirí gan bhriseadh agus as iarrachtaí chun caidreamh níos dlúithe leis an tionscal leathsheoltóra a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart go rachadh slándáil an tsoláthair fheabhsaithe leathsheoltóirí chun leasa earnálacha criticiúla.

Ba cheart go rachadh slándáil an tsoláthair fheabhsaithe leathsheoltóirí chun leasa úsáideoirí deiridh táirgí ina bhfuil leathsheoltóirí.

Tiocfaidh feabhas ar iomaíochas éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa.

### 1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Maidir leis an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' is mó atá na táscairí feidhmíochta. In Iarscríbhinn III tá na chéad leaganacha tháscairí intomhaiste le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus le haghaidh tuairisciú ar dhul chun cinn an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' maidir lena chuspóirí ginearálta a bhaint amach:

1. Insreafaí iomlána IDC a bhaineann le leathsheoltóirí isteach san Aontas.
2. Lucht saothair oilte i leathsheoltóirí agus i bhfótónaic, lena n-áirítear lucht saothair atá oilte/athoilte trí thionscnaimh na n-ionad náisiúnta inniúlachta sliseanna.
3. Tacaíocht phoiblí do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis.
4. Cistiú uas-scálaithe trí chothromas príobháideach agus Caipiteal Fiontair.

## 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[74]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[74] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm go luath tar éis a ghlactha, i.e. an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Cuireann an Rialachán leis na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair faoi Rialachán 2023/1781 ón Aontas (an Gníomh Eorpach um Shliseanna).

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is féidir na cuspóirí maidir le dearadh agus acmhainneacht mhonaraíochta leathsheoltóirí an Aontais a neartú agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais toisc go sáraíonn scála agus cineál sistéamach na ndúshlán acmhainneacht na mBallstát aonair agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Tagann barainneachtaí scála suntasacha chun cinn agus infheistíocht i saoráidí monaraíochta ar mórscála, bonneagar comhroinnte T&F, agus córais luathrabhaidh agus faireacháin trasteorann á gcomhordú, rud a chiallaíonn gur féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais acmhainní a chomhthiomsú, dúbailt a laghdú, agus torthaí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla ná iarrachtaí náisiúnta ilroinnte. Is é is aidhm do bhearta amhail dlús a chur le hacmhainneachtaí táirgeachta, dlús a chur le ceadú, orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus ceannach comhpháirteach freagairt chomhleanúnach ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a áirithiú.

Tá tairbhí soiléire ag baint le creat coiteann freisin, ós rud é go gcuirtear é in ionad dreasachtaí náisiúnta éagsúla, prótacail freagartha ar ghéarchéimeanna, agus tuairisciú le cineálacha cur chuige coiteanna lena n-áirithítear comhleanúnachas, lena laghdaítear ualaí riaracháin, agus lena seachnaítear rásaí fóirdheontais nó ceanglais rialála neamhréireacha. Cuirtear feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh toisc go n-íoslaghdaíonn gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais saobhadh, go n-áirithíonn sí iomaíocht chóir chun tionscadail leathsheoltóra a mhealladh, go n-éascaíonn sí cúrsaíocht rianúil ionchur criticiúil agus sliseanna criticiúla, agus go neartaíonn sí athléimneacht slabhraí soláthair trasteorann atá ag brath ar chomhtháthú rianúil ar fud na mBallstát.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tagann roinnt ceachtanna chun cinn ón meastóireacht ar an nGníomh um Shliseanna atá ann faoi láthair[75]. Ar an gcéad dul síos, chun acmhainneacht thionsclaíoch a dhéanamh den nuálaíocht, tá gá le sásraí beartais lena nasctar bonneagair línte píolótacha agus infheistíochtaí monaraíochta go sainráite. Cé gur éirigh leis an nGníomh um Shliseanna saoráidí taighde agus bailíochtaithe den chéad scoth a

[75] Doiciméad Inmheánach Oibre

chruthú, is léir ón taithí a fuarthas nach dtagann táirgeadh ar scála an mhargaidh as cumas teicneolaíoch amháin go huathoibríoch. Bhainfeadh tionscnaimh a bheidh ann amach anseo tairbhe as sásraí um aistriú a leabú lena n-éascófaí aistriú ó línte píolótacha go cur in úsáid tionsclaíoch ar bhealach níos córasaí.

Ar an dara dul síos, ba cheart díriú ar an éileamh a chur san áireamh in ionstraimí beartais thionsclaíoch. Cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht nach gá go ngineann infheistíocht ó thaobh an tsoláthair de amháin scála ná iomaíochas in éagmais glacadh iontaofa sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart bearta lena méadaítear an t-éileamh a bheith ag gabháil le hionstraimí a thacaíonn le cur in úsáid, amhail comhordú soláthair nó dreasachtaí tomhaltais.

Ar an tríú dul síos, ní mór rochtain ar mhaoiniú a bheith lárnach i gcónaí don bheartas tionsclaíoch. Léirítear sa mheastóireacht gur chuir an creat ceannródaíoch feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí móra, ach go bhfuil moilleanna fós roimh pháirtithe leasmhara mar gheall ar rialacha maidir le Státchabhair, fógraí fada, agus éiginnteacht ar leibhéal an tionscadail. Ar an gcaoi chéanna, cuireann srianta ar chaipiteal fiontair agus ar infheistíocht institiúideach ag céim dhéanach teorainn le cistiú uas-scálaithe. Lagaíonn na tosca sin iomaíochas na hEorpa agus cuireann siad moill ar fhás gnólachtaí atá iomaíoch ar fud an domhain.

Ar deireadh, braitheann ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna ar fhaisnéis chórais ardcháilíochta. Léirítear sa mheastóireacht go n-éilíonn faireachán éifeachtach infheictheacht cothrom le dáta ar fud an tslabhra luacha ar fad, lena gcumhdaítear ní hamháin monarú, ach ábhair, pacáistíocht, uirlisí dearthóireachta agus úsáideoirí iartheachtacha freisin. Le creataí a bheidh ann amach anseo, d'fhéadfaí tús áite a thabhairt do bhailiú sonraí feabhsaithe, do bhonneagair sonraí chomhroinnte, agus do thuairisciú comhtháite chun brath tráthúil riosca agus freagairtí comhordaithe a chumasú.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Chun na tionchair dheimhneacha a thagann as an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' (colún I) a uasmhéadú, cuirfear leis an mbonn láidir eolais agus feabhsófar sineirgí a dtugann an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht dóibh trí chláir agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i leathsheoltóirí agus i bhforbairtí ar chuid den slabhra soláthair. Áirítear sa mhéid sin go háirithe, Clár Réime Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, a bhfuil sé d'aidhm leo an Eoraip a threisiú mar ghníomhaí domhanda sa teicneolaíocht leathsheoltóra agus ina gcláir feidhme, agus sciar domhanda méadaitheach den déantúsaíocht a bheith acu faoi 2030. Agus na gníomhaíochtaí sin á gcomhlánú, oibreoidh an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' i gcomhar níos dlúithe leis an gComhghuaillíocht Thionsclaíoch um Leathsheoltóirí.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Gan dochar do thoradh na caibidlíochta maidir leis an gcéad CAI eile, is leithreasuithe táscacha go huile agus go hiomlán iad na leithreasuithe atá beartaithe ó 2028 ar aghaidh.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☒ **tréimhse theoranta**

– ☒ i bhfeidhm ó dháta glactha togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna 2.0)

– ☒ tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2028 go 2038 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– ☐ Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– ☐ agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha,

agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Cé is moite de a) gníomhaíochtaí agus buiséid a bhaineann leis an gCiste um Shliseanna agus b) gníomhaíochtaí agus buiséid atá curtha in áirithe faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach, leanfar den Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach trí chur chun feidhme na gcúraimí a chur de chúram ar an gComhghnóthas um Shliseanna agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcomhghnóthas nó ar aon eintiteas nó tionscnamh comhchosúil eile a thiocfaidh i gcomharbas air arna bhunú le dlí an Aontais faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin. Tá gníomhaíochtaí neamhdhíreacha á gcómhaoiniú ag na Ballstáit agus ag Stáit Rannpháirteacha eile.<br><br>Tá codanna eile, amhail gníomhaíochtaí faoi cholúin 2 agus 3, faoi bhainistiú díreach. Baineann siad sin le cúraimí a chuirtear de chúram ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar an gComhghnóthas um Shliseanna, athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar Shaoráidí Teicneolaíochta Leathsheoltóra, tacú leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, tacú le hArdán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht, agus – in éineacht leis na Ballstáit – faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra agus cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí, i gcás inarb iomchuí. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Áirítear sa Ráiteas seo caiteachas le haghaidh fhoireann an Choimisiúin. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar aschur, torthaí agus tionchar an togra seo gach 4 bliana tar éis dháta a theacht chun feidhme.

Ina theannta sin, ina cháil mar chomhlacht AE, feidhmíonn an Comhghnóthas um Shliseanna faoi rialacha diana faireacháin. Déantar faireachán trí na modhanna seo a leanas:

- a acmhainn iniúchóireachta inmheánaí féin agus seirbhís iniúchóireachta an Choimisiúin;
- maoirseacht an Bhoird Rialála. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maoirsiú ar oibríochtaí an Chomhghnóthais go hinmheánach;
- sraith de tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla feidhmíochta a bhunaítear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir agus chun a thionchar a thomhas;
- meastóireachtaí meántéarmacha agus deiridh ar an gclár a dhéanfaidh saineolaithe seachtracha, faoi maoirseacht an Choimisiúin;
- Clár Oibre an Chomhghnóthais agus a Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an Rialachán seo tugtar isteach creat beartais athbhreithnithe maidir le hinfheistíocht a mhealladh san ardmhonaraíocht leathsheoltóirí san Aontas agus feabhas a chur uirthi agus maidir le héileamh a spreagadh, agus tugtar isteach rialacha athbhreithnithe le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith faireacháin agus ullmhachta do ghanntanais leathsheoltóirí. Is gnéithe nua iad ionstraimí na Mórdhúshlán, tionscadail straitéiseacha, Fóram Éilimh, Luasairí Éilimh, agus Ardán an tSlabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht, chomh maith le haitheantas a thabhairt do Réigiúin Eorpacha Barr Feabhais Leathsheoltóirí.

Ceanglaítear leis na rialacha sin sásra comhsheasmhachta chun na hoibleagáidí faoin Rialachán a chur i bhfeidhm go trasteorann agus chun gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta agus an Choimisiúin a chomhordú trí bhíthin grúpa comhairleach nua, an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí.

Chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí atá le déanamh ag an gCoimisiún, is gá acmhainní iomchuí a chur ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin.

Maidir le codanna eile, tá bonn cuí leis an mbainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach é an Comhghnóthas um Shliseanna dá dtugtar cuid dá cómhaoiniú isteach trí bhíthin ranníocaíochtaí ó na Stáit

Rannpháirteacha agus trí bhíthin ranníocaíochtaí comhchineáil ó bhaill phríobháideacha.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Shliseanna de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Comhpháirtíochta Creata Airgeadais arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Shliseanna go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Shliseanna i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Shliseanna ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Shliseanna forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála agus ar Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh araon a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Shliseanna bunaithe ar méid seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex-ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú *ex ante* ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar shampla d'éilimh mar chuid d'iniúchtaí *ex post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra seo, lena soláthraítear an anailísíocht atá mar bhonn agus thaca leis an gcur chuige beartais a roghnaíodh. Bhain ullmhú an tionscnaimh leas freisin as comhairliúchán poiblí chomh maith le comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara tionscail, leis na Ballstáit agus le comhlachais trádála, rud a d'áirithigh gur bailíodh sonraí, faisnéis agus aiseolas ábhartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe nó tionchair gan choinne tarlú fós le linn an chur chun feidhme. Sainaithneofar iad sin trí na nósanna imeachta faireacháin

a leagtar amach sa Rialachán, rud a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí agus tráthúil.

Ina theannta sin, tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthas um Shliseanna a mhaolú, go háirithe:

- maidir le cinnteoireacht chaighdeánach, vótaí comhionanna (aon trian) don Choimisiún, do na Stáit Rannpháirteacha (i dteannta a chéile) agus do na comhaltaí príobháideacha (i dteannta a chéile) ar an mBord Rialála; ceart comhionann vótála (leath) don Choimisiún agus do na Stáit Rannpháirteacha (i dteannta a chéile) ar an mBord Údarás Poiblí;
- is é an Bord Údarás Poiblí agus na Ballstáit amháin a dhéanann cinntí ardleibhéil maidir leis na gníomhaíochtaí/na buiséid atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí an Tionscnaimh 'Sliseanna don Eoraip 2.0' (forbairt acmhainneachta i gclár oibre a dhéanfar amach anseo),
- is é Bord na nÚdarás Poiblí mar aon leis na Ballstáit, agus iad sin amháin, a ghlacfaidh an chuid sin den chlár oibre a bhaineann le gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta,
- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra ón gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir mheastóireachta arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh leanúint le luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla atá ann faoi láthair ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éilítear ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Shliseanna, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Ceanglaítear ar Oifig na gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a glacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíontachta tríd an gcóras tuarascála a fhorbróidh sé, é sin agus tuarascálacha iniúchtaí *ex post* ar fhaighteoirí cistí ón Aontas ón gComhghnóthas um Shliseanna a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex post* lena gcumhdaítear Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach ina iomláine.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chláir an Aontais a sheachaint.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí*

*gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

| |
|---|
| Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach agus na hEorpa Digití is infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Shliseanna cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina chláir oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na gclár atá faoi bhainistíocht dhíreach, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach agus leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2-5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh. |

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

| |
|---|
| Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Comhghnóthas um Shliseanna nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.<br><br>Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena gcuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.<br><br>Beidh de chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.<br><br>Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).<br><br>Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[76]. | ó thíortha de chuid CSTE[77] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[78] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

[76] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[77] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[78] Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 2 |
|---|---|---|

| AS CNECT | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Tar éis **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid [CEI] | Gealltanais | (1a) | 30,000 | | 20,000 | | 10,000 | | 10,000 | | **70,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 18,000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | **70,000** |
| | Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[79] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | | **0** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS CNECT** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **30,000** | | **20,000** | | **10,000** | | **10,000** | | **70,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **18,000** | **6,000** | **15,000** | **7,000** | **8,000** | **4,000** | **7,000** | **5,000** | **70,000** |
| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Tar éis **2034** | **I O M** |

[79] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | | LÁN CAI 2028-2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 30,000 | | 20,000 | | 10,000 | | 10,000 | | 70,000 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 18,000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | 70,000 |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | | | | | | | | | 0 |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CEANNTEIDE** | Gealltanais | =4+6 | **30,000** | | **20,000** | | **10,000** | | **10,000** | | **70,00** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AL 2** | | | | | | | | | | | **0** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | =5+6 | **18,000** | **6,000** | **15,000** | **7,000** | **8,000** | **4,000** | **7,000** | **5,000** | **70,000** |

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Tar éis **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 30,000 | 0,000 | 20,000 | 0,000 | 10,000 | 0,000 | 10,000 | | **70,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 18,000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | **70,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | 30,000 | 0,000 | 20,000 | 0. 000 | 10,000 | 0,000 | 10,000 | | **70,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | 18. 000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | **70,000** |

| Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Tar éis **2034** | **IOM** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | | | LÁN CAI 2028-2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 30,000 | 0,000 | 20,000 | 0,000 | 10,000 | 0,000 | 10,000 | 0,000 | 70,000 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 18,000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | 70,000 |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteideal** | Gealltanais | =4+6 | 30,000 | 0,000 | 20,000 | 0. 000 | 10,000 | 0,000 | 10,000 | | 70,0 |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 go 3** | | | | | | | | | | | **00** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil<br><br>(Méid tagartha) | Íocaíochtaí | =5+6 | 18,000 | 6,000 | 15,000 | 7,000 | 8,000 | 4,000 | 7,000 | 5,000 | **70,000** |

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 4 | 'Caiteachas riaracháin'[80] |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: CNECT | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | **13,804** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS CNECT** | | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | 1,972 | **13,804** |

| Ard-Stiúrthóireacht: COMP | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 0,881 | 0,881 | 0,881 | 0,881 | 0,881 | 0,881 | 0,881 | **6,167** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS COMP** | Leithreasuithe | **0,881** | **0,881** | **0,881** | **0,881** | **0,881** | **0,881** | **0,881** | **6,167** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **19,971** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

[80] Ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh agus úsáid á baint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar leathanach gréasáin iomchuí BUDGpedia.

| | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | Tar éis 2034 | **IOMLÁN CAI 2028-2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | **32,853** | **2,853** | **22,853** | **2,853** | **12,853** | **2,853** | **12,853** | **0,000** | **89,971** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **20,853** | **8,853** | **17,853** | **9,853** | **10,853** | **6,853** | **9,853** | **5,000** | **89,971** |

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (not to be completed for decentralised agencies)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2028** | | Bliain **2029** | | Bliain **2030** | | Bliain **2031** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Cineál[81] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[82]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[81] Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[82] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN 2028 - 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 2,853 | 2,853 | 2,853 | 2,853 | 2,853 | 2,853 | 2,853 | **19,971** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **19,971** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **2,853** | **19,971** |

Chun tacú leis an obair ar fhaireachán agus ar bhainistiú géarchéime, féadfaidh AS CNECT Comhaontú Riaracháin a thabhairt i gcrích le JRC le haghaidh thart ar 2 FTE (CA), faoi réir acmhainní agus saineolas a bheith ar fáil. Níl buiséad sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach seo le haghaidh Comhaontú Riaracháin den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*[83]

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |

[83] Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, chomh maith leis na glanriachtanais atá agat.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’) | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne tacaíochta [XX.01.YY.YY] | • sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | • i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **17** | **17** | **17** | **17** | **17** | **17** | **17** |

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i ranna an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 5 | 7 | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | 2 | 3 | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Is féidir roinnt cúraimí a chur i gcrích trí bhaill foirne atá ag obair ar chúraimí comhchosúla faoi láthair a ath-imlonnú, e.g. cúraimí a bhaineann le maoirseacht ar chláir, idirchaidreamh le páirtithe leasmhara, agus tuairisciú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus fothaithe acmhainneachta faoi Cholún I.<br><br>Ba cheart d'fhoireann bhreise cúraimí breise faoin togra a dhéanamh, e.g. Tionscadail Straitéiseacha a shainiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar gharspriocanna agus ar tháirgí insoláthartha; seiceálacha comhlíontachta (Státchabhair, soláthar); comhordú trasteorann leis na Ballstáit; mórdhúshláin a shainiú agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme; maoirseacht riaracháin (neamhfhioscach) a chomhordú; measúnú ar phleananna infheistíochta réigiúnacha; measúnú ar úinéireacht agus ar rialú gnóthas intíre; comhairliúchán leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir le tionscadail straitéiseacha, moltaí maidir le sliseanna ó ghnóthais intíre sa soláthar poiblí, comhairliúcháin leis an gComhghuaillíocht d'fhonn comhstraitéis a shainiú maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra, comhairle maidir le hearnálacha a bhíonn i mbaol riosca; comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le tríú tíortha; treoir a thabhairt maidir le soláthar poiblí do na Ballstáit agus d'údaráis chonarthacha; moltaí modheolaíochta a sholáthar maidir le measúnuithe riosca a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair; cleachtaí ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna a fhorghníomhú; fóraim éilimh a chur ar bun agus a éascú; tacú le gníomhaíochtaí comhdheartha idir monaróirí leathsheoltóra agus úsáideoirí tionsclaíocha iartheachtacha; treoraíocht theicniúil agus dhlíthiúil a sholáthar maidir le soláthar córas lena gcomhtháthaítear dearadh agus réitigh leathsheoltóra nuálacha; comhleanúnachas a áirithiú idir Tionscnamh 2.0 agus straitéisí náisiúnta/réigiúnacha; maoirseacht a dhéanamh ar eagrúchán agus ar thuairisciú don Chomhairle/don Pharlaimint.<br><br>Ina theannta sin, tugtar le tuiscint leis an togra cúraimí breise a bhaineann leis an Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht, e.g. faireachán ar shlabhraí soláthair leathsheoltóra; feidhmeanna anailíse agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna; iarrataí ar Fhaisnéis a eisiúint agus a láimhseáil agus sonraí a sheiceáil agus a chomhiomlánú le linn na céime réamh-ghéarchéime; agus comhordú trasearnála le páirtithe leasmhara sa tionscal.<br><br>Is féidir cuid mhór de na cúraimí breise thuas a chur chun feidhme trí bhaill foirne atá ann cheana a ath-imlonnú. |
| Pearsanra seachtrach | Idem |

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 4 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-3 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a

bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN CAI 2028 - 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus ina dhiaidh sin cinnfear iad tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[84] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

Breithnítear sa Roinn seo seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha agus a gceanglais idir-inoibritheachta trasteorann.

84 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

*Tuairisc ardleibhéil ar na ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha, agus ar na catagóirí gaolmhara (sonraí, digitiú agus uathoibriú próiseas, réitigh dhigiteacha agus/nó seirbhísí poiblí digiteacha)*

| Tagairt don cheanglas | Tuairisc ar an gceanglas | Gníomhaí/gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo | Próisis Ardleibhéil | Catagóirí |
|---|---|---|---|---|
| Airteagal 15 | Iarratas ar an stádas mar thionscnamh Eorpach um theicneolaíocht leathsheoltóra | An Coimisiún Eorpach | Iarratas | Sonraí |
| Airteagal 22 | Bunóidh na Ballstáit nós imeachta deonaithe ceadanna aonair bunaithe ar iarratas aonair lena gcumhdófar na ceadanna uile is gá le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra | Ballstáit<br><br>Údaráis inniúla náisiúnta | Deonú ceadanna | Sonraí<br>Réiteach digiteach<br>Digitiú próisis agus uathoibriú |
| Airteagal 24 | Bunóidh na Ballstáit tairseach rochtana aonair ar an leibhéal náisiúnta, chun an t-iarratas ar chead aonair a chur isteach le haghaidh saoráidí teicneolaíochta leathsheoltóra Eorpacha agus tionscadail straitéiseacha | Ballstáit<br><br>Údaráis inniúla náisiúnta | Deonú ceadanna | Digitiú próisis agus uathoibriú |
| Airteagal 33 | Mapáil straitéiseach ar earnáil leathsheoltóra an | An Coimisiún Eorpach | Faireachán | Sonraí |

| Tagairt don cheanglas | Tuairisc ar an gceanglas | Gníomhaí/gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo | Próisis Ardleibhéil | Catagóirí |
|---|---|---|---|---|
| | Aontais | | | |
| Airteagal 34 | Bunaíodh an tArdán don Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht | Oibreoirí príobháideacha | Comhroinnt sonraí | Réiteach digiteach<br>Sonraí |
| Airteagal 35 | Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, faireachán rialta ar an slabhra luacha leathsheoltóra d'fhonn tosca a shainaithint a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar leathsheoltóirí nó dochar a dhéanamh nó tionchar diúltach a bheith acu ar an soláthar sin nó ar thrádáil leathsheoltóirí. | An Coimisiún Eorpach | Faireachán | Sonraí |
| Airteagal 38 | Bailiú faisnéise coiscthí | An Coimisiún Eorpach | Tuairisciú | Sonraí |
| Airteagal 41 | Bailiú faisnéise ag céim na géarchéime | An Coimisiún Eorpach | Tuairisciú | Sonraí |

**4.2. Sonraí**

*Tuairisc ardleibhéil ar na sonraí atá faoin raon feidhme*

| Cineál sonraí | Tagairt do na ceanglais | Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme) |
|---|---|---|
| Sonraí i gcomhthéacs an iarratais ar stádas tionscnaimh Eorpaigh um | Airteagal 15 | Ní bhaineann le hábhar |

| | | |
|---|---|---|
| theicneolaíocht leathsheoltóra | | |
| Iarratais ar dheonú ceadanna | Airteagal 22 | Ní bhaineann le hábhar |
| Na sonraí is gá chun earnáil leathsheoltóra an Aontais a mhapáil go straitéiseach | Airteagal 33 | Ní bhaineann le hábhar |
| Sonraí i gcomhthéacs an Ardáin Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht | Airteagal 34 | Ní bhaineann le hábhar |
| Na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóra | Airteagal 35 | Ní bhaineann le hábhar |
| Bailiú faisnéise coiscthí | Airteagal 38 | Ní bhaineann le hábhar |
| Bailiú faisnéise ag céim na géarchéime | Airteagal 41 | Ní bhaineann le hábhar |

**Sreabha sonraí**

*Tuairisc ardleibhéil ar na sreabha sonraí*

| Cineál sonraí | Tagairt/tagairtí don doiciméad | Gníomhaithe a sholáthraíonn na sonraí | Gníomhaithe a fhaigheann na sonraí | Truicear don mhalartú sonraí | Minicíocht (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraí i gcomhthéacs an iarratais ar stádas tionscnaimh Eorpaigh um theicneolaíocht leathsheoltóra | Airteagal 15 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| Iarratais ar dheonú ceadanna | Airteagal 22 | Tionscal | Ballstáit | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| Na sonraí is gá chun earnáil leathsheoltóra an Aontais a mhapáil go straitéiseach | Airteagal 33 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraí i gcomhthéacs an Ardáin Slabhra Soláthair Leathsheoltór a Gnólacht le Gnólacht | Airteagal 34 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| Na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóra | Airteagal 35 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| Bailiú faisnéise coiscthí | Airteagal 38 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | An chéim roimh an ngéarchéim | Ní bhaineann le hábhar |
| Bailiú faisnéise ag céim na géarchéime | Airteagal 41 | Tionscal | An Coimisiún Eorpach | An chéim ghéarchéim e | Ní bhaineann le hábhar |

**Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí**

Míniú ar an gcaoi a bhfuil na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

| |
|---|
| Tá an tionscnamh reachtach seo i gcomhréir leis an úsáid a bhaineann údaráis rialtais (gnólacht le rialtas – B2G) as sonraí atá i seilbh phríobháideach chun cinntí beartais fianaise-bhunaithe a áirithiú. Ceapfar an córas ceadaithe dhigitigh chun idir-inoibritheacht agus malartú uathoibríoch sonraí idir údaráis inniúla, athúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh údarás poiblí cheana, ardleibhéal cibearshlándála agus sláine faisnéise agus trédhearcacht agus cuntasacht sa nós imeachta deonaithe ceadanna a áirithiú. |

**Ailíniú le prionsabal na haonuaire**

| |
|---|
| Déantar foráil in Airteagal 22 maidir le nós imeachta deonaithe ceadanna aonair a bhunú, bunaithe ar iarratas aonair chun na ceadanna uile is gá le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha Eorpacha um theicneolaíocht leathsheoltóra a chumhdach. |

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

*I gcás gach réitigh dhigitigh, soláthair an tagairt don cheanglas/do na ceanglais maidir leis an ábharthacht dhigiteach a bhaineann leis, tuairisc ar fheidhmiúlacht shainordaithe an réitigh dhigitigh, an comhlacht a bheidh freagrach as, agus gnéithe ábhartha eile amhail in-*

*athúsáidteacht agus inrochtaineacht. Ar deireadh, mínigh an bhfuil sé i gceist leis an réiteach digiteach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí IS.*

| Réiteach digiteach | Tagairt do na ceanglais | Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe | An comhlacht atá freagrach | Conas a dhéantar freastal ar an inrochtaineacht? | Conas a chuirtear an athinúsáidteacht san áireamh? | Úsáid teicneolaíochtaí IS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Córas Ceadaithe Dhigitigh | Airteagal 22 agus Airteagal 24 | Déantar nósanna imeachta deonaithe ceadanna trí mhodhanna lándigiteacha.<br>Soláthróidh an córas comhéadan úsáideora aonair lena mbeifear in ann idirghníomhú leis na seirbhísí poiblí ábhartha.<br>Leis an gcóras ceadaithe dhigitigh, beifear in ann iarratais ar cheadanna a chur isteach gan pháipéar, iad a rianú agus cinnteoireacht a dhéanamh ina leith. | Ballstáit<br>Údaráis Inniúla Náisiúnta | Ba cheart an córas ceadaithe dhigitigh a dhearadh chun so-úsáidteacht agus inrochtaineacht a áirithiú do gach iarratasóir, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas | Ba cheart an córas ceadaithe dhigitigh a dhearadh chun athúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh na n-údarás poiblí cheana féin a áirithiú | // |
| Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht | Airteagal 34 | Ba cheart don Ardán sonraí a bhailiú ó ghnóthais rannpháirteacha chun trédhearcacht agus athléimneacht an tslabhra soláthair leathsheoltóra a mhéadú | Oibreoirí príobháideacha | Ba cheart an tArdán a dhearadh chun so-úsáidteacht agus inrochtaineacht a áirithiú do gach iarratasóir, lena n-áirítear daoine faoi | | // |

| Réiteach digiteach | Tagairt do na ceanglais | Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe | An comhlacht atá freagrach | Conas a dhéantar freastal ar an inrochtaineacht? | Conas a chuirtear an ath-inúsáidteacht san áireamh? | Úsáid teicneolaíochtaí IS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | mhíchumas. | | |

**Córas Ceadaithe Dhigitigh**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| Creat Cibearshlándála an Aontais | Ba cheart an Córas Ceadaithe Dhigitigh náisiúnta a dhearadh chun ardleibhéal cosanta sonraí, cibearshlándála agus sláine faisnéise a áirithiú. |
| Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa | Úsáidfidh pointe rochtana aonair an Chórais Ceadaithe Dhigitigh náisiúnta Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa. |

**Ardán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| Creat Cibearshlándála an Aontais | Ba cheart an tArdán Slabhra Soláthair Leathsheoltóra Gnólacht le Gnólacht a cheapadh chun ardleibhéal cosanta sonraí, cibearshlándála agus sláine faisnéise a áirithiú. |

### 4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Ní bhaineann le hábhar

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ní bhaineann le hábhar